Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 28 Iúil 2023**
**(OR. en)**

**12234/23**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0290(COD)**

**MI 669**
**ENT 172**
**CONSOM 295**
**SAN 475**
**IA 199**
**COMPET 800**
**CHIMIE 77**
**ENV 898**
**CODEC 1457**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 28 Iúil 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 462 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le sábháilteacht bréagán agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/48/CE |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 462 final.

---

Faoi iamh: COM(2023) 462 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 28.7.2023
COM(2023) 462 final

2023/0290 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le sábháilteacht bréagán agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/48/CE**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

{SEC(2023) 297 final} - {SWD(2023) 268 final} - {SWD(2023) 269 final} -
{SWD(2023) 270 final}

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Rialáiltear bréagáin le Treoir 2009/48/CE maidir le sábháilteacht bréagán (an Treoir maidir le Sábháilteacht Bréagán nó an Treoir)[1]. Leagtar síos leis an Treoir sin na ceanglais sábháilteachta nach mór do bhréagáin a chomhlíonadh chun go gcuirfear ar mhargadh an Aontais iad gan beann ar cé acu a mhonaraítear nó nach monaraítear san Aontas iad nó i dtíortha nach Ballstáit den Aontas iad. An tráth céanna, tá sé d'aidhm ag an Treoir saorghluaiseacht bréagán laistigh den mhargadh inmheánach a áirithiú.

Leis an meastóireacht a rinne an Coimisiún ar an Treoir[2] (an Mheastóireacht), sainaithníodh roinnt easnamh a tháinig chun cinn le linn chur i bhfeidhm praiticiúil na Treorach ó glacadh thiar in 2009 í. Go sonrach, sainaithníodh leis an Meastóireacht easnaimh áirithe maidir le hardleibhéal cosanta a áirithiú do leanaí ar rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ag baint le bréagáin, go háirithe ar rioscaí a bhaineann le ceimiceáin dhíobhálacha. Thángthas ar an gconclúid sa Mheastóireacht freisin go raibh easpa éifeachtachta le forfheidhmiú na Treorach, go háirithe i gcomhthéacs díolacháin ar líne, agus go bhfuil roinnt mhaith bréagáin neamhshábháilte fós ar mhargadh an Aontais.

Iarradh leis an Straitéis Ceimiceán um an Inbhuanaitheacht[3] (CSS) go leathnófaí an cur chuige cineálach, mar a thugtar air, i leith ceimiceáin dhíobhálacha (bunaithe ar thoirmisc choisctheacha chineálacha) chun a áirithiú go gcosnófar tomhaltóirí, grúpaí leochaileacha agus an timpeallacht nádúrtha ar bhealach níos comhsheasmhaí. Go sonrach, iarradh le CSS go neartófaí an Treoir maidir le cosaint ar na rioscaí a bhaineann leis na ceimiceáin is díobhálaí agus maidir le héifeachtaí comhcheangailte a d'fhéadfadh a bheith ag ceimiceáin. Tá toirmeasc cineálach sa Treoir cheana féin ar shubstaintí i mbréagáin atá carcanaigineach, só- ghineach nó tocsaineach don atáirgeadh (CMRanna). Ní dhéantar tagairt inti, áfach, do shubstaintí eile is ábhar imní ar leith, amhail suaiteoirí inchríneacha ná substaintí a dhéanann difear don chóras imdhíonachta, don néarchóras nó don chóras riospráide.

Ghlac Parlaimint na hEorpa tuarascáil féintionscnaimh maidir le cur i bhfeidhm na Treorach an 16 Feabhra 2022 beagnach d'aon toil[4]. Sa tuarascáil uaithi, iarrann Parlaimint na hEorpa ar an gCoimisiún an Treoir a leasú chun: (i) cosaint leanaí a neartú ar rioscaí ceimiceacha; (ii) a áirithiú go dtabharfaidh dlí an Aontais aghaidh ar rioscaí a bhaineann le bréagáin atá nasctha leis an idirlíon; agus (iii) feabhas a chur ar fhorfheidhmiú na Treorach go háirithe i ndáil le díolacháin ar líne.

---

1 Treoir 2009/48/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2009 maidir le sábháilteacht bréagán, IO L 170, 30.6.2009.

2 Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin - Meastóireacht ar Threoir 2009/48/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le sábháilteacht bréagán, SWD(2020) 288 final

3 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal *Chemicals Strategy for Sustainability – Towards a Toxic- Free Environment* [Straitéis Ceimiceán an Aontais maidir le hInbhuanaitheacht – I dTreo Timpeallacht Saor ó Thocsainí], 14 Deireadh Fómhair 2020, COM/2020/667 final

4 Tuarascáil maidir le cur chun feidhme Threoir 2009/48/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le sábháilteacht bréagán (Treoir maidir le Sábháilteacht Bréagán), 2021/2040(INI)

Ar deireadh, leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún an 16 Márta 2023 maidir le hiomaíochas fadtéarmach an Aontais[5] leagtar amach an bealach ar féidir leis an Aontas tógáil ar an neart atá aige agus níos mó a bhaint amach ná an bhearna idir fás agus nuálaíocht a dhúnadh. Chun iomaíochas a chothú, beartaíonn an Coimisiún sa Teachtaireacht sin oibriú ar naoi gcinn de thiomantóirí iomaíochais a threisíonn a chéile, lena n-áirítear margadh aonair atá ag feidhmiú agus digitiú, trí ghlacadh uirlisí digiteacha go forleathan ar fud an gheilleagair. Déantar plé sa togra seo ar an bhfócas sin ar an margadh inmheánach agus ar dhigitiú.

Chun déileáil leis na saincheisteanna a chuirtear i dtábhacht sa Mheastóireacht agus a fhorbraítear sa tuarascáil ar an measúnú tionchair a ghabhann léi[6], agus chun freagairt do CSS an Choimisiúin, tá coinne leis go rachaidh an togra seo i ngleic leis an dá fhadhb seo a leanas a fuarthas sa Treoir.

Is é an chéad fhadhb nach dtugann an Treoir cosaint leormhaith do leanaí ar na rioscaí a bhaineann le ceimiceáin ghuaiseacha i mbréagáin. An chumhacht a thugtar don Choimisiún an Treoir a leasú agus a oiriúnú don eolas eolaíoch, tá sí ró- theoranta. Go sonrach, ní féidir an Treoir a oiriúnú i ndáil le teorainnluachanna do bhréagáin atá beartaithe do leanaí os cionn 36 mhí d'aois.

Ina theannta sin, tá roinnt mhaith bréagán ar mhargadh an Aontais nach gcomhlíonann an Treoir. Cuireann bréagáin neamhshábháilte leanaí i mbaol agus d'fhéadfadh timpistí a bheith mar thoradh orthu a d'fhéadfadh a bheith marfach, fiú. Ní féidir gach bréagán ar an margadh a chur faoi réir seiceálacha. Fágann sé sin nach féidir an sciar cruinn de bhréagáin neamhchomhlíontacha ar mhargadh an Aontais a chainníochtú go beacht. Is leordhóthanach na táscairí ar leith atá ann, áfach, chun a dheimhniú go bhfuil líon an- ard bréagán neamhchomhlíontach ar mhargadh an Aontais. Aon uair a dhéantar gníomhaíochtaí faireachais margaidh nó cigireachtaí, tagtar go comhsheasmhach ar chéatadán ard bréagán neamhchomhlíontach agus neamhshábháilte.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá an togra seo bunaithe ar Chinneadh Uimh. 768/2008/CE[7] maidir le creat coiteann le haghaidh margú táirgí, lena n-áirithítear comhsheasmhacht le píosaí eile de reachtaíocht an Aontais um chomhchuibhiú a d'fhéadfadh a bheith infheidhme maidir le gnéithe eile de bhréagáin, amhail an Treoir maidir le Trealamh Raidió (RED)[8]. Tá an togra seo comhsheasmhach freisin le Rialachán (AE) Uimh. 2019/1020 maidir le faireachas margaidh[9] lena leagtar amach an creat rialála um sheiceálacha faireachais margaidh agus rialuithe custaim ar bhréagáin. Tá an togra seo comhsheasmhach le tosaíochtaí agus le treochtaí atá ann

5 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún Iomaíochas Fadtéarmach an Aontais: níos faide ar aghaidh ná 2030, 16 Márta 2023 COM(2023) 168 final.

6 SWD(2023) 269 final, Measúnú tionchair ar an athbhreithniú ar an Treoir maidir le Sábháilteacht Bréagán.

7 Cinneadh Uimh. 768/2008/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 maidir le creat comhchoiteann le haghaidh margú táirgí, agus lena n-aisghairtear Cinneadh 93/465/CEE ón gComhairle (IO L 218, 13.8.2008, lch. 82).

8 Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le trealamh raidió a chur ar fáil ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/5/CE, IO L 153, 22.5.2014, lgh. 62-106, atá le fáil ag https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:02014L0053-20180911

9 Rialachán (AE) Uimh. 2019/1020 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le faireachas margaidh ar tháirgí agus comhlíonadh táirgí agus lena leasaítear Treoir 2004/42/CE agus Rialacháin (CE) Uimh. 765/2008 agus (AE) Uimh. 305/2011 (IO L 169, 25.6.2019, lch. 1).

faoi láthair maidir le 'digitiú trí réamhshocrú' lena n-áirítear na conclúidí maidir le faisnéis faoi tháirgí a dhigitiú atá sa mheastóireacht ar an gcreat reachtach nua[10]. Trí thaobhú leis an 'bpas táirge' atá beartaithe ag an gCoimisiún ina thogra le haghaidh Rialachán maidir le Ceanglais Éicidhearthóireachta le haghaidh Táirgí Inbhuanaithe ('ESPR')[11], ráthófar comhsheasmhacht an phas táirge faoin dá Rialachán agus beifear in ann sineirgí a bhaint amach a luaithe a bheidh bréagáin cumhdaithe le gníomhartha tarmligthe faoi ESPR. Déanfar sábháilteacht bréagán a rialáil faoi raon feidhme an togra seo, agus féadfar gnéithe inbhuanaitheachta de bhréagáin a chumhdach sa mheántéarma faoi chuimsiú ESPR. Thairis sin, aithnítear leis an togra Moladh (AE) 2022/2510 ón gCoimisiún[12] lena mbunaítear creat measúnaithe Eorpach le haghaidh ceimiceáin agus ábhair 'atá sábháilte agus inbhuanaithe trí dhearadh'.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá an togra seo comhsheasmhach le beartas níos leithne agus forbairtí rialála an Aontais, i dtéarmaí gníomhaíochtaí rialála a dhéanfar amach anseo agus atá á ndéanamh go leanúnach de réir CSS. Braitheann an togra seo ar aicmí guaise atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo atá le háireamh faoi Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán (Rialachán CLP)[13] agus tá sé comhsheasmhach le cuspóirí foriomlána CSS go neartófaí cosaint tomhaltóirí, agus go háirithe grúpaí leochaileacha, ar na ceimiceáin is díobhálaí. Tá an togra seo comhsheasmhach freisin agus comhlánaithe le Rialachán (AE) 2023/988[14] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le sábháilteacht ghinearálta táirgí, a bhfuil forálacha ann go háirithe maidir le díolacháin ar líne, nó maidir leis an gceart chun faisnéis agus leigheas a fháil, atá infheidhme maidir le bréagáin.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Tá an togra seo bunaithe ar Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Is amhlaidh sin toisc gurb é an rud is cuspóir dó na ceanglais sláinte agus sábháilteachta i ndáil le bréagáin a chomhchuibhiú sna Ballstáit uile, agus a áirithiú nach mbeidh aon chonstaic roimh shaorghluaiseacht bréagán idir na Ballstáit. Ba cheart an Rialachán seo a chur in ionad Threoir 2009/48/CE atá i bhfeidhm faoi láthair, arb é iar- Airteagal 95 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh (Airteagal 114 CFAE faoi láthair) is bunús dlí leis.

[10] SWD(2022) 365 final.

[11] Tionscnamh na dtáirgí inbhuanaithe (europa.eu). Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear creat chun ceanglais éicidhearthóireachta a shocrú do tháirgí inbhuanaithe agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/125/CE an 30 Márta 2022, COM(2022) 142 final.

[12] Moladh (AE) 2022/2510 ón gCoimisiún an 8 Nollaig 2022 lena mbunaítear creat measúnaithe Eorpach le haghaidh ceimiceáin agus ábhair 'atá sábháilte agus inbhuanaithe trí dhearadh' C/2022/8854 (IO L 325, 20.12.2022, lch. 179)

[13] IO L 353, 31.12.2008, lch. 1. Agus an Togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán (COM (2022) 748 final).

[14] Rialachán (AE) 2023/988 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 maidir le sábháilteacht ghinearálta táirgí, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir (AE) 2020/1828 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/95/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 87/357/CEE ón gComhairle (IO L 135, 23.5.2023, lch. 1).

- **Coimhdeacht**

Leis an tionscnamh seo, tugtar aghaidh ar na saincheisteanna a sainaithníodh sa Mheastóireacht ar an Treoir maidir le Sábháilteacht Bréagán. Thángthas ar an gconclúid sa Mheastóireacht go bhfuil an Treoir ábhartha, éifeachtach, éifeachtúil agus comhleanúnach go ginearálta, agus go bhfuil breisluach AE aici, ach go bhfuil gá le feabhsuithe sonracha.

Is iad príomhchuspóirí an rialacháin seo an leibhéal is airde sábháilteachta do leanaí a áirithiú agus saorchúrsaíocht bréagán san Aontas a chumasú. Príomhréasúnaíocht le haghaidh píosa reachtaíochta maidir le sábháilteacht bréagán ar leibhéal an Aontais is ea comhchuibhiú a dhéanamh ar fud na mBallstát bunaithe ar Airteagal 114 CFAE. Is beart um chomhchuibhiú iomlán í an Treoir maidir le Sábháilteacht Bréagán i dtaca leis na gnéithe sábháilteachta de bhréagáin, mar sin ní cheadaítear do na Ballstáit ceanglais sábháilteachta bhreise nó dhifriúla maidir le bréagáin a thabhairt isteach. Mar sin féin, ceanglaítear ar na Ballstáit na leasuithe tráthrialta ar an Treoir a thrasuí, agus ba é a bhí mar thoradh air sin roimhe seo gur cuireadh leasuithe rialála i bhfeidhm go neamhréireach ar fud an Aontais. Fuarthas amach freisin go bhfuil na hoiriúnuithe tráthrialta ar an Treoir dian ar na Ballstáit ó thaobh acmhainní de. Le gníomhaíocht rialála ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, d’áiritheofaí go gcuirfí aon cheanglas nua sábháilteachta maidir le bréagán agus aon leasú ina dhiaidh sin orthu chun feidhme go comhsheasmhach, agus go mbeadh leibhéal níos airde sábháilteachta ann dá réir sin. Sholáthrófaí deimhneacht dhlíthiúil agus cothroime iomaíochta don tionscal léi freisin. Thairis sin, chun pas táirge a thabhairt isteach agus na rialuithe ábhartha a dhéanamh ag teorainneacha seachtracha an Aontais, is gá an bhunionstraim dlí a bheith ina Rialachán.

- **Comhréireacht**

Leis an gcur chuige a bheartaítear sa rialachán seo, tabharfar aghaidh ar na fadhbanna a sainaithníodh uile ar an mbealach is éifeachtaí agus is éifeachtúla. Leis an rialachán seo, déanfar cosaint leanaí ar na ceimiceáin is díobhálaí agus iad ag súgradh le bréagáin a neartú trí thoirmisc chineálacha ar na substaintí is díobhálaí a thabhairt isteach. Ceadófar maoluithe leis freisin ar na toirmisc chineálacha sin faoi imthosca teoranta i gcás nach mbeidh riosca do leanaí ag baint le húsáid na substaintí sin i mbréagáin agus i gcás nach mbeidh aon rogha mhalartach ann. Trí thoirmisc ghinearálta ar na substaintí is díobhálaí a thabhairt isteach a luaithe a bheidh na guaiseacha a bhaineann leo bunaithe faoi Rialachán CLP, ráthófar go dtabharfar cosaint níos tapa do leanaí ar na rioscaí a d’fhéadfadh a bheith ag baint leis na substaintí sin agus iad i láthair i mbréagáin. Ina theannta sin, trí mhaoluithe ar na toirmisc chineálacha sin a cheadú faoi imthosca teoranta, cuirfidh sé teorainn leis na costais a bheidh ar an tionscal as toirmisc den sórt sin a thabhairt isteach sna cásanna sin nach mbeidh sábháilteacht leanaí i mbaol.

Pas táirge a thabhairt isteach ina mbeidh faisnéis maidir le comhlíonadh, beidh sé éifeachtach chun an líon bréagán neamhchomhlíontach ar mhargadh an Aontais a laghdú, lena n-áirítear trí dhíolacháin ar líne. Áiritheofar leis an rialachán nach scaoilfear i saorchúrsaíocht agus nach gcuirfear ar mhargadh an Aontais aon bhréagán a chuirfear faoi bhráid lucht custaim ach amháin má bhíonn pas táirge comhfhreagrach ag gabháil leis. Mar thoradh air sin cuirfear go mór le héifeachtúlacht na n-údarás um fhaireachas margaidh agus na n-údarás custaim araon. Leis sin, bainfear amach na cuspóirí ar bhealach éifeachtach gan costais dhíréireacha ar an tionscal[15]; cé go gcuirfidh tabhairt isteach an phas táirge costais ar ghnólachtaí as na córais a

[15] Féach an roinn thíos maidir le ‘ceann amháin isteach, ceann amháin amach’ chun meastachán iomlán ar na costais sin a fháil.

bhunú agus na pasanna digiteacha a chruthú, beidh coigilteas ann freisin dá bharr sin i ndáil leis an doiciméadacht riachtanach a sholáthar go digiteach seachas ar pháipéar agus lena bheith ag déileáil le cigireachtaí ag údaráis. Ina theannta sin, tá coinne leis go ndéanfaidh sé laghdú mór ar an líon bréagán neamhchomhlíontach ar mhargadh an Aontais, rud a rachaidh chun tairbhe d'iomaíochas an tionscail chomhlíontaigh dá réir sin. Comhlíonfaidh an pas táirge na ceanglais theicniúla chéanna leis an bpas táirge a bheartaítear faoi ESPR chun na nithe seo a leanas a dhéanamh: (i) dúbailtí ar iarrachtaí digitithe an tionscail a sheachaint; agus (ii) idir- inoibritheacht a áirithiú le pasanna táirge a chruthaítear faoi reachtaíocht eile de chuid an Aontais.

- **An rogha ionstraime**

Tá an togra i bhfoirm rialacháin. San athrú atá beartaithe ó threoir go Rialachán, cuirtear san áireamh cuspóir ginearálta an Choimisiúin an timpeallacht rialála a shimpliú agus an gá go n-áiritheofar cur chun feidhme aonfhoirmeach na reachtaíochta atá beartaithe ar fud an Aontais.

Ina theannta sin, is treoir maidir le comhchuibhiú iomlán í an Treoir maidir le Sábháilteacht Bréagán. I ndáil leis sin, d'áiritheofaí ní b'fhearr le rialachán, mar gheall ar a chineál dlíthiúil, nach bhforchuirfidh na Ballstáit ceanglais theicniúla náisiúnta a théann níos faide ná na ceanglais sábháilteachta a leagtar síos sa Treoir atá i bhfeidhm faoi láthair agus/nó a thagann salach ar na ceanglais sábháilteachta sin. Thairis sin, chun pas táirge lena n-áirítear faisnéis maidir le comhlíonadh a thabhairt isteach agus chun na rialuithe custaim gaolmhara a dhéanamh ar bhréagáin ar theacht isteach i margadh an Aontais dóibh, is gá an bhunionstraim dlí a bheith ina Rialachán.

Ní thiocfaidh athruithe sonracha ar an gcur chuige rialála as an athrú ó threoir go rialachán. Caomhnófar go hiomlán saintréithe an chreata reachtaigh nua lena bhfuil an Treoir ailínithe cheana, go háirithe an tsolúbthacht a thugtar do mhonaróirí: (i) i ndáil le rogha na modhanna a úsáidtear chun na ceanglais fhíor- riachtanacha a chomhlíonadh (caighdeáin chomhchuibhithe nó sonraíochtaí teicniúla eile); agus (ii) i ndáil le rogha an nós imeachta a úsáidtear chun comhlíonadh a léiriú as measc na nósanna imeachta um measúnú comhréireachta atá ar fáil. Ní dhéanfaidh cineál na hionstraime reachtaí difear do na sásraí atá ann cheana a thacaíonn le cur chun feidhme na reachtaíochta (próiseas caighdeánaithe, meithleacha, faireachas margaidh, comhar riaracháin na mBallstát, agus cur le chéile treoirdhoiciméad, etc.) agus beidh an fheidhm chéanna acu faoin Rialachán agus atá acu faoin Treoir faoi láthair.

Ar deireadh, trí rialacháin a úsáid i réimse reachtaíocht an mhargaidh inmheánaigh (i gcomhréir freisin leis an tosaíocht atá curtha in iúl ag na páirtithe leasmhara), seachnaítear an riosca go ndéanfar 'rórialáil', ina ndéantar na ceanglais i dtreoir de chuid an Aontais a leathnú nuair a thrasuitear i ndlíthe náisiúnta Ballstáit iad. Tugann sé caoi freisin do mhonaróirí ar a bheith ag obair go díreach le téacs an rialacháin seachas a bheith ag sainaithint agus ag déanamh scrúdú ar na 27 ndlí náisiúnta lena dtrasuitear an Treoir. Beidh coigilteas don tionscal ann mar thoradh ar Rialachán freisin agus rachadh sé chun tairbhe don mhargadh inmheánach, óir tiocfaidh sé i bhfeidhm go comhuaineach ar fud an Aontais, mar a thiocfaidh aon leasú a dhéanfaí ina dhiaidh sin air. Ar an mbonn sin, meastar gurb é an rogha a bhaineann le Rialachán an réiteach is iomchuí do gach páirtí i gceist toisc go gciallaíonn sé go mbeidh cur chun feidhme níos tapa agus níos comhleanúnaí ann den reachtaíocht a glacadh ar leibhéal an Aontais, agus go mbunóidh sé timpeallacht rialála níos soiléire d'oibreoirí eacnamaíocha.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex- post*/seiceálacha oiriúnachta ar reachtaíocht atá ann cheana**

Thángthas ar an gconclúid sa Mheastóireacht ar an Treoir go raibh sí éifeachtach go ginearálta chun leanaí a chosaint agus iad ag súgradh le bréagáin. Mar sin féin, sainaithníodh inti freisin roinnt easnamh a tháinig chun cinn le linn chur i bhfeidhm praiticiúil na Treorach ó glacadh in 2009 í. Go sonrach, rinneadh dhá phríomhfhadhb a shainaithint leis an Meastóireacht. Ba é an chéad phríomhfhadhb go raibh easnaimh áirithe inti maidir le hardleibhéal cosanta a áirithiú do leanaí ar rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ag baint le bréagáin, go háirithe ar rioscaí a bhaineann le ceimiceáin dhíobhálacha. Ba é an dara príomhfhadhb a sainaithníodh go bhfuil easpa éifeachtachta le forfheidhmiú na Treorach, go háirithe i gcomhthéacs díolacháin ar líne, agus go bhfuil roinnt mhaith bréagáin neamhshábháilte fós ar mhargadh an Aontais. Thángthas ar an gconclúid sa Mheastóireacht freisin gur bhain easpa éifeachtachta leis an mbunionstraim a bheith ina Treoir, go háirithe i bhfianaise gurbh éigean leasuithe athfhillteacha ar an Treoir a thrasuí i reachtaíocht náisiúnta.

Cuireadh torthaí na Meastóireachta san áireamh sa togra seo, lena dtugtar aghaidh ar an dá phríomhfhadhb a shainaithnítear inti.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Rinne an Coimisiún roinnt gníomhaíochtaí comhairliúcháin chun na nithe seo a leanas a bhailiú: fianaise agus tuairimí ó raon leathan páirtithe leasmhara maidir leis na fadhbanna sainaitheanta leis an Treoir maidir le Sábháilteacht Bréagán. Áiríodh ar na gníomhaíochtaí (i) comhairliúchán poiblí tiomnaithe 12 sheachtain a tugadh i gcrích i mí na Bealtaine 2022; (ii) ceardlann le páirtithe leasmhara a reáchtáladh an 26 Aibreán 2022; (iii) plé leis na Ballstáit agus le páirtithe leasmhara eile sa Ghrúpa Saineolaithe maidir le Sábháilteacht Bréagán; agus (iv) aiseolas arna bhailiú mar fhreagairt ar mheasúnú tionchair tosaigh an Choimisiúin. Mar chuid den staidéar measúnaithe tionchair, rinne conraitheoir seachtrach agallaimh a eagrú freisin le 41 pháirtí leasmhara ábhartha, agus reáchtáladh comhairliúchán poiblí spriocdhírithe ar líne le haghaidh FBManna idir an 7 Aibreán 2022 agus an 15 Bealtaine 2022. Ar na páirtithe leasmhara a ndeachthas i gcomhairle leo bhí comhlachais tomhaltóirí de chuid an Aontais agus comhlachais tomhaltóirí náisiúnta; comhlachais tionscail; oibreoirí eacnamaíocha; saoránaigh; an údaráis náisiúnta.

Thacaigh páirtithe leasmhara tionscail leis an smaoineamh go bhféadfaí teorainnluachanna nua a chur leis na rialacha maidir le sábháilteacht bréagán i gcás gach bréagáin, ach níor thacaigh siad le toirmisc chineálacha a leathnú chuig substaintí díobhálacha eile. Go sonrach, chuir an tionscal go mór in aghaidh maoluithe ar thoirmisc chineálacha a bheith á mbaint. Ba é ba phríomhábhar imní dóibh go mbeadh iarmhairtí láidre ann dá mbainfí maoluithe ina n-iomláine a choiscfeadh orthu líon mór bréagán (bréagáin leictreacha, mar shampla) a chur ar fáil ar an margadh. Thacaigh an tionscal le digitiú na faisnéise maidir le comhlíonadh sa phas táirge.

Chuir na Ballstáit in iúl go soiléir go dtacaíonn siad le hathbhreithniú ar an Treoir maidir le Sábháilteacht Bréagán agus le neartú na gceanglas maidir le ceimiceáin, trí theorainnluachanna sonracha agus trí thoirmisc chineálacha bhreise i gcás substaintí áirithe araon. Bhí tacaíocht ann freisin do dhigitiú na faisnéise táirge agus do leathnú an mheasúnaithe comhréireachta tríú páirtí, cé gur lú an tacaíocht sin. Bhí tomhaltóirí i bhfabhar na roghanna ina bhfuil: (i) ceanglais níos déine maidir le ceimiceáin i gcás táirgí do leanaí; agus (ii) maoluithe níos teoranta, nó maoluithe ar bith i roinnt cásanna. Bhí tomhaltóirí i

bhfabhar pas táirge a thabhairt isteach freisin chomh maith le leathnú an mheasúnaithe comhréireachta tríú páirtí.

- **Saineolas a bhailiú agus a úsáid**

Thacaigh staidéar a rinne conraitheoir seachtrach[16] leis an Meastóireacht ar an Treoir maidir le Sábháilteacht Bréagán[17].

An measúnú tionchair a ghabhann leis an togra seo, tacaíonn staidéar a rinne conraitheoir seachtrach eile leis freisin[18], a rinne agallaimh, anailís ar shonraí ó chomhairliúcháin phoiblí agus spriocdhírithe agus a chomhlánaigh an méid sin le taighde deisce.

Chuaigh an Coimisiún i gcomhairle go forleathan le foinsí éagsúla agus fuair sé ionchur uathu agus an togra á ullmhú aige. I dteannta na staidéar a luaitear thuas, thaobhaigh an Coimisiún le faisnéis atá ar fáil go poiblí agus tuairimí eolaíocha atá ar fáil i réimse na substaintí ceimiceacha agus le hionchur a fuarthas ó pháirtithe leasmhara ábhartha.

- **Measúnú tionchair**

Rinne an Coimisiún measúnú tionchair ar an athbhreithniú ar an Treoir maidir le Sábháilteacht Bréagán. D'eisigh an Bord um Ghrinnscrúdú Rialála tuairim dhearfach maidir leis an dréachtmheasúnú tionchair an 28 Deireadh Fómhair 2022. Tuairim an Bhoird chomh maith leis an measúnú tionchair deiridh agus achoimre feidhmiúcháin an Bhoird, tá siad á bhfoilsiú in éineacht leis an togra seo.

Bunaithe ar an bhfaisnéis a bhí ar fáil, rinneadh scrúdú sa mheasúnú tionchair ar na trí rogha beartais agus cuireadh i gcomparáid iad chun aghaidh a thabhairt ar gach ceann den dá phríomhfhadhb a sainaithníodh. Bhí na roghanna beartais sin ann i dteannta na rogha bunlíne, is é sin gan aon athrú a dhéanamh, lena dtabharfaí caoi fós don fhéidearthacht go ndéanfaí srianta sonracha maidir le ceimiceáin dhíobhálacha i mbréagáin a cheaptar do leanaí faoi bhun 3 bliana d'aois a thabhairt isteach.

Chun na ceanglais maidir le cosaint leanaí ar cheimiceáin dhíobhálacha a neartú, bhí trí rogha ann:

- Le **rogha beartais 1a**, beartaítear an Coimisiún a chumhachtú teorainnluachanna do cheimiceáin in aon bhréagán (ní hamháin i mbréagáin do leanaí faoi bhun 3 bliana d'aois) a chur leis agus a leasú, agus teorainnluachanna do nítreasaimíní agus do shubstaintí in- nítreasáithithe a laghdú.
- Áirítear i **rogha beartais 1b** na bearta céanna le rogha 1a, ach déantar an toirmeasc cineálach ar CMRanna atá i bhfeidhm faoi láthair a leathnú chuig na ceimiceáin eile is díobhálaí i mbréagáin (e.g. suaiteoirí inchríneacha). Fágann sé sin go gcuirfí toirmeasc go huathoibríoch ar shubstaintí sna haicmí guaiseacha sin is díobhálaí i mbréagáin, gan gá a bheith le measúnú a dhéanamh ar an riosca sonrach do leanaí a bhaineann leo i mbréagáin. Leis an rogha sin, cheadófaí maoluithe fós ar thoirmisc chineálacha faoi choinníollacha áirithe, i gcás ina measfaidh an coiste eolaíoch

---

16 Technopolis, EY, VVA (Nollaig 2014) *Evaluation of Directive 2009/48/EC on the Safety of Toys - Final Report* [Meastóireacht ar Threoir 2009/48/CE maidir le Sábháilteacht Bréagán - Tuarascáil Chríochnaitheach] https://ec.europa.eu/docsroom/documents/23843/attachments/1/translations/en/renditions/native.

17 Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin - Meastóireacht ar Threoir 2009/48/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le sábháilteacht bréagán, SWD(2020) 288 final.

18 VVA le CSES agus Asterisk (2022) *Impact Assessment study on the revision of the Toy Safety Directive* [Staidéar Measúnaithe Tionchair ar an athbhreithniú ar an Treoir maidir le Sábháilteacht Bréagán].

ábhartha sa Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán go bhfuil sé sábháilte an tsubstaint a úsáid i mbréagáin agus i gcás nach mbeidh aon rogha mhalartach ann.

- Tá **rogha beartais 1c** mar an gcéanna le rogha beartais 1b (toirmisc chineálacha ar na ceimiceáin is díobhálaí) ach gan an fhéidearthacht go ndéanfaí maoluithe ar thoirmisc chineálacha.

Chun laghdú a dhéanamh ar an líon ard bréagán neamhchomhlíontach agus neamhshábháilte atá fós le fáil ar an margadh, shainaithníodh trí rogha sa mheasúnú tionchair:

- Dhéanfadh **rogha beartais 2a** measúnú comhréireachta tríú páirtí a leathnú chuig (i) bréagáin a cheaptar do leanaí faoi bhun 3 bliana d'aois; agus (iii) bréagáin ar meascáin cheimiceacha iad. Sainaithníodh go mbaineann rátaí níos airde neamhchomhlíontachta leis na catagóirí bréagán sin nó go bhfuil rioscaí níos airde ag baint leo.
- Cheanglófaí le **rogha beartais 2b** go mbeadh an doiciméadacht maidir le comhlíonadh ag gabháil leis an mbréagán i bhfoirm dhigiteach, ag taobhú leis an bpas táirge digiteach faoi ESPR. Cheanglófaí leis freisin go ndéanfaí an fhaisnéis sin a chur faoi bhráid lucht custaim. Bunaithe ar an tsamhail a leagtar amach cheana in ESPR, ba cheart an tagairt don phas táirge ina bhfuil faisnéis maidir le comhlíonadh a áireamh i gclárlann lárnach de chuid an Choimisiúin. Dhéanfaí an tagairt don phas agus an tagairt dá áireamh i gclárlann an Choimisiúin a chur faoi bhráid lucht custaim i gcás ina gcuirfear bréagán faoin nós imeachta custaim lena scaoileadh i saorchúrsaíocht. Tríd an idircheangal idir clárlann lárnach an Choimisiúin agus córais Chustaim, d'fhéadfaí an tagairt don phas sa chlárlann a sheiceáil go huathoibríoch agus ní dhéanfaí bréagán nach bhfuil tagairt bhailí don phas táirge ina leith i gclárlann an Choimisiúin a scaoileadh i saorchúrsaíocht.
- Is éard a bheadh i **rogha beartais 2c** meascán de rogha beartais 2a agus rogha beartais 2b.

Is í **rogha beartais 1b** in éineacht le **rogha beartais 2b** an rogha beartais ab fhearr. I dtéarmaí leanaí a chosaint ar shubstaintí díobhálacha, beidh mar thoradh ar **rogha beartais 1b** go ndéanfar laghdú mór ar nochtadh leanaí do na substaintí díobhálacha sin ach go gcuirfear teorainn leis na tionchair dhiúltacha ar an tionscal trí fhoráil a dhéanamh maidir le maoluithe iomchuí ar thoirmisc chineálacha. Áiritheofar léi freisin gur féidir leanúint de na rialacha maidir le sábháilteacht bréagán a oiriúnú d'eolas nua eolaíoch. Áiritheofar le **rogha beartais 2b** go ndéanfaí bréagáin, arna gcur faoi bhráid lucht custaim gan an dearbhú comhréireachta a áirítear sa phas táirge, a chosc go huathoibríoch óna scaoileadh i saorchúrsaíocht i margadh an Aontais. Ina theannta sin, cuirfear go mór le héifeachtúlacht na n-údarás um fhaireachas margaidh agus cigireacht á déanamh acu ar bhréagáin. Dá réir sin, d'fhéadfadh rogha beartais 2b laghdú mór a dhéanamh ar an líon bréagán neamhchomhlíontach sa mhargadh inmheánach. Roghanna eile inar áiríodh measúnú comhréireachta tríú páirtí, níor measadh iad a bheith chomh héifeachtach nó chomh héifeachtúil céanna; ba é an measúnú a rinneadh go méadóidís costais do mhonaróirí comhlíontacha agus nach mbeadh laghdú mór ar an líon bréagán neamhchomhlíontach.

Leis an meascán roghanna, tabharfar cosaint níos fearr do leanaí ar cheimiceáin dhíobhálacha agus laghdófar an líon bréagán neamhshábháilte ar mhargadh an Aontais. Tá coinne leis freisin go rannchuideoidh an meascán sin le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna)

na Náisiún Aontaithe[19], go háirithe SDG#3 maidir le sláinte mhaith agus dea- bhail. Ina theannta sin, rannchuideoidh sé le SDG#9 (tionsclaíocht, nuálaíocht agus bonneagar); SDG#12 (patrún freagrach tomhaltais agus táirgeachta); agus SDG#6 (uisce glan agus sláintíocht).

Maidir le **cearta bunúsacha**, níl coinne leis go mbeidh tionchair mhóra ag aon cheann de na roghanna beartais. Ba cheart, go ginearálta, go rannchuideodh rogha beartais 1b go dearfach le cearta foriomlána an linbh agus leis an deis do leanaí a bheith ag súgradh. Níl tionchar suntasach ag an tionscnamh seo ar an gcomhionannas, lena n-áirítear an comhionannas inscne. Cé go bhfuil cuspóirí an athbhreithnithe ar an Treoir dírithe ar chosaint sláinte leanaí a neartú, tá coinne leis go n-imreoidh an rogha beartais ab fhearr tionchar dearfach teoranta ar an gcomhshaol, i bhfianaise an laghdaithe a bhfuil coinne leis ar dhoiciméadacht pháipéarbhunaithe. Dá bhrí sin, tá an tionscnamh atá ann faoi láthair ag teacht le comhlíonadh an chuspóra maidir le haeráidneodracht mar a iarrtar sa Dlí Aeráide Eorpach. Leis an togra, urramaítear an prionsabal **'gan dochar suntasach a dhéanamh'** don chomhshaol ach ní thugann sé aghaidh go sonrach air. Tá an togra seo comhsheasmhach leis an bprionsabal 'digiteach mar réamhshocrú'.

Breithnítear sa mheasúnú tionchair go mbeadh **tairbhí sláinte suntasacha le baint as toirmeasc ar na substaintí is díobhálaí i mbréagáin (rogha beartais 1b) (idir EUR 240 milliún agus EUR 1.2 billiún in aghaidh na bliana) i dtéarmaí damáiste a sheachnaítear don tsláinte i gcás suaiteoirí inchríneacha amháin**. Chruinneodh na tairbhí sin i gcaitheamh shaol an linbh a nochtfaí (nó nach nochtfaí) do shuaiteoirí inchríneacha anois, rud a chiallaíonn go bhféadfadh réise ama roinnt glúnta a bheith ann agus gurbh fhaide í ná tréimhsí meastóireachta caighdeánacha 20- 30 bliain. Ina theannta sin, mar thoradh ar rogha beartais 2b chuirfí go mór le héifeachtúlacht na n-údarás um fhaireachas margaidh (d'fhéadfaí an líon cigireachtaí a mhéadú, ó thart ar 25 000 in aghaidh na bliana, faoi líon uasta idir 2 500 agus 5 000, á ghlacadh leis go bhfanfaidh an buiséad tiomnaithe comhionann agus go gcaithfear na gnóthachain éifeachtúlachta ar níos mó cigireachtaí ar bhréagáin). Ina theannta sin, **dá soláthródh monaróirí faisnéis dhigiteach, d'fhéadfadh sé go mbeadh idir EUR 2.62 milliún agus EUR 3.93 milliún de choigilteas in aghaidh na bliana ann**. Mar thoradh ar rogha beartais 2b, bheadh **coigilteas ann don tionscal freisin agus iad ag déileáil le** cigireachtaí faireachais margaidh, rud a d'fhéadfadh a bheith idir **EUR 13 mhilliún agus EUR 20 milliún in aghaidh na bliana**.

Cuirfidh an dá rogha, in éineacht le chéile, feabhas mór ar chosaint leanaí agus iad ag súgradh le bréagáin, óir: (i) is fearr mar a thabharfaidh na rialacha maidir le sábháilteacht bréagáin aghaidh ar na substaintí is díobhálaí; agus (ii) laghdófar go mór an líon bréagán neamhchomhlíontach agus neamhshábháilte. Cuirfidh sé feabhas freisin ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh agus ar iomaíochas an tionscail agus iad ag dul i ngleic le hiomaíocht éagórach.

Déantar an toimhde sa mheasúnú tionchair go bhféadfadh méadú thart ar 10-30 % teacht ar an líon substaintí a chumhdófar le toirmisc chineálacha faoi rogha beartais 1b. D'fhéadfadh sé sin difear a dhéanamh do líon mór múnlaí bréagáin, ach chuirfeadh maoluithe teorainn leis na múnlaí bréagáin is gá a chur faoi réir oiriúnuithe táirge nó a bhféadfadh sé nach gcuirfí ar fáil a thuilleadh iad. D'fhéadfadh tionchar a bheith ag 8.4-12.8 % de na samhlacha bréagán san iomlán faoi rogha beartais 1b agus d'fhéadfadh sé nach mbeadh maolú indéanta ina leith, agus 4.6-7.2 % faoi réir iarrachtaí oiriúnaithe táirgí (lena n-áirítear iarrachtaí ar ionadú ceimiceach)

[19] https://www.un.org/sustainabledevelopment/sustainable-development-goals/

agus 3.8-5.6 % nach bhféadfaí a chur ar fáil ar an margadh a thuilleadh mura n-aimseofaí aon rogha mhalartach ar na ceimiceáin shrianta. D'fhéadfadh costais iomlána coigeartaithe aonuaire incriminteacha a bhaineann le **hathdhearadh agus athfhorbairt táirgí idir EUR 23.5 milliún agus EUR 396.66 milliún a bheith mar thoradh ar an tionchar measta ar 4.6-7.2 % de shamhlacha bréagán an Aontais**. D'fhéadfadh na costais a bhaineann le maoluithe a iarraidh a bheith idir EUR 100 000 agus EUR 300 000 in aghaidh na bliana don tionscal foriomlán. Ós rud é go bhfuil níos mó substaintí faoi réir toirmisc chineálacha, chomh maith le teorainnluachanna le haghaidh substaintí nua i mbréagáin, ní mór samhlacha nua bréagán a thástáil chun comhlíonadh na dteorainnluachanna sin a áirithiú. Mar gheall ar an ngá atá le tástáil níos casta agus níos íogaire, d'fhéadfadh costais na tástála méadú ó EUR 2 200 faoi láthair go EUR 3 900 in aghaidh an mhúnla táirge. Meastar go dtiocfaidh méadú idir EUR 7.31 milliún agus EUR 11.70 milliún ar **chostais na tástála bliantúla i gcomparáid leis an mbunlíne**. I dtéarmaí múnlaí bréagán nach bhféadfaí a chur ar fáil a thuilleadh, braithfidh na tionchair iarbhír ar luach na múnlaí bréagán a ndéanfar difear dóibh, ach bunaithe ar láimhdeachas thionscal an Aontais, **d'fhéadfadh tionchar a bheith ag an rogha sin dar luach idir EUR 249 milliún agus EUR 367 milliún de tháirgí**[20]. Níl coinne leis go mbeidh crapadh díreach margaidh den mhéid sin mar thoradh air sin, ós rud é go soláthrófar idirthréimhse iomchuí do mhonaróirí ina mbeidh siad in ann measúnú a dhéanamh ar inmharthanacht na dtáirgí atá ann cheana agus, más gá, acmhainní a aistriú chuig táirgeadh agus díol táirgí malartacha bréagán. Ina theannta sin, ceannóidh tomhaltóirí i mórán cásanna táirge bréagán malartach seachas gan rud ar bith a cheannach. Tá coinne leis go mbeidh costais níos airde ag FBManna in aghaidh an mhúnla nua bréagán ná mar a bheidh ar ghnólachtaí móra, ós rud é go mbíonn costais aonaid níos airde orthu.

Maidir leis an bpas táirge digiteach a thabhairt isteach faoi rogha beartais 2b, meastar go mbeadh costas thart ar **EUR 18 milliún ar mhonaróirí an Aontais i gcostais aonuaire agus EUR 10.5 milliún in aghaidh na bliana ina dhiaidh sin** . Tar éis na córais a bhunú agus an chuid is mó de na sonraí tosaigh a chur isteach, níl coinne leis ach go mbeidh costais bhreise ann a bhaineann le costais maidir le nuashonrú agus costais chothabhála.

- **An cur chuige 'ceann amháin isteach, ceann amháin amach' a chur i bhfeidhm**

Ní mheastar go dtiocfaidh méadú ar an ualach riaracháin mar thoradh ar na ceanglais cheimiceacha maidir le bréagáin a áirítear sa togra seo a threisiú ach amháin má iarrtar ar mhaoluithe leanúint de shubstaintí bréagán a úsáid ar cuireadh toirmeasc orthu. D'fhéadfaí a mheas go bhféadfadh an costas in aghaidh an iarratais ar mhaolú a bheith idir EUR 50 000 agus EUR 150 000 in aghaidh an iarratais ar mhaolú, agus go mbeadh dhá iarraidh ar mhaolú ann ar a mhéad in aghaidh na bliana (agus **EUR 200 000 ar an meán in aghaidh na bliana**). Bheadh costais riaracháin ar ghnólachtaí agus sochair i gceist le Rogha 2b. Rinneadh meastachán ar an ualach **breise riaracháin foriomlán a bhaineann leis an bpas táirge digiteach** a thabhairt isteach, bunaithe ar struchtúr an mhargaidh atá ann faoi láthair agus ar an meántáirgeadh lena bhfuil coinne in aghaidh an fhiontair, ag thart ar **EUR 18 milliún aonuaire agus EUR 10.5 milliún athfhillteach, in aghaidh na bliana**.

Is dócha go dtiocfaidh laghdú éigin ar an ualach riaracháin ar údaráis agus ar chuideachtaí mar thoradh ar an bpas táirge digiteach a thabhairt isteach. D'fhéadfadh sé an t-ualach riaracháin ar údaráis phoiblí a laghdú, go háirithe ar chustam, ós rud é go gceadófaí leis an bpas táirge níos mó rialuithe uathoibríocha a dhéanamh ar tháirgí allmhairithe ó thríú tíortha

[20] Bunaithe ar láimhdeachas sealadach thionscal an Aontais de EUR 6.56 billiún le haghaidh na bliana 2020.

agus cosc a chur ar allmhairiú bréagán neamhchomhlíontach a bheadh ar siúl in áitreabh teorann agus faoi réir rialuithe fisiceacha. D'fhéadfadh an pas táirge a bheith ina chúis le **coigilteas do chuideachtaí ó thart ar EUR 2.62 go EUR 3.93 milliún (EUR 3.275 milliún ar an meán) in aghaidh na bliana a aistriú chuig faisnéis dhigitithe**.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Rinneadh measúnú sa Mheastóireacht ar an bhféidearthacht an Treoir a shimpliú agus thángthas ar an gconclúid nach bhféadfaí simpliú a dhéanamh ar oibleagáidí substaintiúla agus ar ualach riaracháin na Treorach. Is amhlaidh sin toisc go mbeadh níos lú oibleagáidí ar oibreoirí eacnamaíocha i gceist leis an simpliú, rud a d'fhéadfadh cosaint leanaí a laghdú. Ar an gcaoi chéanna, faoin Treoir níl aon cheanglas ann faoi láthair dul trí mheasúnú comhréireachta tríú páirtí má tá caighdeáin chomhchuibhithe ann lena gcumhdaítear gach gné de bhréagáin; ní fhéadfaí é sin a shimpliú a thuilleadh.

Beidh simpliú agus éifeachtúlacht fheabhsaithe sna teagmhálacha idir oibreoirí eacnamaíocha agus údaráis um fhaireachas margaidh mar thoradh ar an rogha aistriú chuig faisnéis maidir le comhlíonadh digiteach. Beidh costais ag baint le hoiriúnú don soláthar digiteach faisnéise, ach le coigilteas costais agus simpliú foriomlán don tionsclaíocht freisin maidir le faisnéis chomhlíonta a sholáthar go digiteach seachas ar pháipéar. Ina theannta sin, beidh na húdaráis um fhaireachas margaidh níos éifeachtúla agus beidh siad in ann níos mó cigireachtaí a dhéanamh ar bhréagáin (féach an roinn maidir leis na tionchair thuas). Tacaítear leis sin le toradh na Meastóireachta ar an gcreat reachtach nua inar measadh **go gcuirfeadh digitiú an dearbhaithe comhréireachta/na faisnéise táirge teicniúla/an chomhaid theicniúil feabhas ar éifeachtúlacht an nós imeachta um measúnú comhréireachta**, gan bac a chur ar ghníomhaíochtaí faireachais margaidh. D'aontaigh páirtithe leasmhara ó gach grúpa sa chomhairliúchán sin go bhféadfadh réiteach ionchasach a fháil leis an digitiú chun an oibleagáid riaracháin a bhaineann le ceanglais maidir le faisnéis faoi tháirgí agus marcáil CE a shimpliú, a bhfuil feidhm leo freisin maidir le bréagáin.

Ar deireadh, gné amháin maidir le simpliú a tharraing na páirtithe leasmhara anuas go han- mhinic ba ea an gá atá leis an bhfocal 'Rabhadh' a chur roimh na rabhaidh a cheanglaítear leis an Treoir, ar ghá iad a aistriú go gach teanga mar a éilíonn na Ballstáit ina raibh an bréagán le cur ar fáil. Dá gcuirfí picteagram cineálach in ionad an fhocail 'Rabhadh', dhéanfaí simpliú don tionscal gan cur isteach ar chosaint leanaí. Bheadh coigilteas don tionscal mar thoradh air freisin agus na lipéid á dtáirgeadh ach ní féidir na coigiltis sin a chainníochtú go beacht.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ní chuirfidh an togra seo isteach ar bhuiséad an Aontais. Beidh ar an nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán measúnuithe eolaíocha breise a dhéanamh ar cheann de na bearta a coinníodh. Tá coinne leis go mbeidh obair dhá choibhéiseach lánaimseartha in ECHA ag teastáil chun na measúnuithe eolaíocha sin a dhéanamh. Mar a fógraíodh[21], tá athbhreithniú á dhéanamh ag an gCoimisiún faoi láthair ar an nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, lena n-áireofar athmheasúnú níos leithne ar chúraimí na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán. Déanfar aon impleacht acmhainní a d'fhéadfadh a bheith ag na measúnuithe eolaíocha atá nasctha leis an rialachán a ionchorprú san athmheasúnú sin.

[21] Féach An Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán – togra le haghaidh bunrialacháin (europa.eu)

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an Rialachán 5 bliana tar éis a theacht i bhfeidhm agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin, d'fhonn meastóireacht a dhéanamh ar a éifeachtacht, a éifeachtúlacht, a ábharthacht, a bhreisluach agus a chomhleanúnachas. Cuirfidh an Coimisiún tuarascáil ar na príomhthorthaí faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle. D'fhonn na hoibleagáidí tuairiscithe a chuíchóiriú, ní bheidh sé d'oibleagáid ar na Ballstáit a thuilleadh tuarascálacha a chur isteach maidir le cur i bhfeidhm an rialacháin gach 5 bliana.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

**Caibidil I**

**Raon feidhme agus sainmhínithe**

Fanfaidh raon feidhme an rialacháin atá beartaithe mar an gcéanna; ní athraítear an sainmhíniú ar 'bhréagán' ó Threoir 2009/48/CE.

Coinníodh sainmhínithe ginearálta Chinneadh 768/2008/CE. Mar sin féin, cuireadh isteach sainmhínithe breise i ndáil leis an bpas táirge a thabhairt isteach.

**Eisiaimh**

Leagadh amach na táirgí nach gcumhdaítear leis an rialachán atá beartaithe in Iarscríbhinn I, ar liosta aonair anois í. Fanann na táirgí atá díolmhaithe ó raon feidhme an rialacháin atá beartaithe mar an gcéanna leis an Treoir atá i bhfeidhm faoi láthair, cé is moite de ghuailleáin agus de chrainn tabhaill, nach bhfuil eisiata a thuilleadh ó raon feidhme an Rialacháin. Le hAirteagal 2 cumhachtaítear an Coimisiún cinneadh a dhéanamh trí ghníomhartha cur chun feidhme cé acu ar cheart táirge sonrach nó catagóir shonrach táirgí a mheas mar bhréagán nó nár cheart.

**Ceanglais maidir le bréagáin**

Tá an oibleagáid seo a leanas in Airteagail 5 agus 6: (i) chun go gcomhlíonfaidh bréagáin na ceanglais sábháilteachta ghinearálta agus áirithe; agus (ii) rabhaidh shonracha a ghreamú nuair is gá sin chun na bréagáin a úsáid go sábháilte. Cé go leanann catagóirí na gceanglas sábháilteachta áirithe in Iarscríbhinn II de bheith mar an gcéanna le Treoir 2009/48/CE, tá níos mó i gceist leis an gceanglas sábháilteachta ginearálta ná sláinte fhisiciúil agus sábháilteacht úsáideoirí a chosaint, chun folláine shíceolaíoch agus forbairt chognaíoch leanaí a chur san áireamh.

**Ceanglais sábháilteachta áirithe maidir le bréagáin**

Leagtar amach in Iarscríbhinn II príomhchatagóirí na gceanglas riachtanach maidir le bréagáin agus baineann siad leis an méid seo a leanas: (i) airíonna fisiceacha agus meicniúla; (ii) inadhainteacht; (iii) airíonna ceimiceacha; (iv) airíonna leictreacha; (v) sláinteachas; agus (vi) radaighníomhaíocht. Déantar na hairíonna ceimiceacha a leasú agus a shimpliú. Áirítear ar na srianta cineálacha ar shubstaintí an- díobhálach anois an méid seo a leanas: (i) substaintí atá carcanaigineach, só- ghineach nó tocsaineach don atáirgeadh; (ii) suaiteoirí inchríneacha, (iii) íogróirí riospráide agus (iv) substaintí atá tocsaineach d'orgán sonrach. Tá teorainn leis na féidearthachtaí maidir le maolú ar an toirmeasc sin, agus éilítear measúnú anois ag na coistí eolaíocha ábhartha sa Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (ECHA) chun teacht ar chonclúid maidir leis an méid seo a leanas: (i) sábháilteacht substaintí áirithe; (ii) an easpa roghanna malartacha ar láithreacht na substaintí sin. Ina theannta sin, ní bheidh maoluithe

indéanta ach amháin mura mbeidh toirmeasc ar na substaintí sin a úsáid in earraí tomhaltais faoi Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006. Beidh gnólachtaí in ann iarraidh ar ECHA scrúdú a dhéanamh ar mhaoluithe féideartha. Meastar go bhforbróidh ECHA treoraíocht do ghnólachtaí, agus go háirithe do FBManna, chun cuidiú leo leis an méid seo a leanas: (i) gnéithe praiticiúla na n-iarrataí sin; agus (ii) na ceanglais cheimiceacha maidir le bréagáin a chur i bhfeidhm ar bhonn níos ginearálta. Bunaithe ar thuairim ECHA maidir le hiarraidh ar mhaolú le haghaidh substaint shonrach, cuirfidh an Coimisiún úsáidí ceadaithe isteach sa rialachán atá beartaithe, toisc go mbeidh feidhm ghinearálta ag na maoluithe sin. Tá na srianta sonracha uile ar cheimiceáin i mbréagáin i bhfoscríbhinn aonair, a bhfuil sé de chumhacht ag an gCoimisiún na srianta sin a leasú.

**Oibleagáidí oibreoirí eacnamaíocha**

Cuimsítear sa togra oibleagáidí ar mhonaróirí, ar allmhaireoirí agus ar dháileoirí atá ailínithe le Cinneadh 768/2008/CE, mar atá sa Treoir atá i bhfeidhm faoi láthair. Soiléirítear leis sin na hoibleagáidí faoi seach atá comhréireach leis na freagrachtaí atá ar na hoibreoirí eacnamaíocha. Ceanglaítear ar an monaróir pas táirge a chruthú don bhréagán, lena n-áireofar an fhaisnéis ábhartha maidir le comhlíonadh a chuirfear in ionad dhearbhú comhréireachta an Aontais. Déantar foráil shonrach freisin maidir le hionadaí údaraithe a ainmniú mar an t-oibreoir eacnamaíoch atá freagrach as na cúraimí a leagtar amach in Airteagal 4 de Rialachán 2019/1020.

**Toimhde chomhréireacht na mbréagán**

Is rud é atá ann i gcónaí go nglactar le comhréireacht bréagán nuair a dhéanann monaróirí na caighdeáin chomhchuibhithe ábhartha atá foilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó codanna díobh sin a chur i bhfeidhm. Mar sin féin, chun an toimhde comhréireachta a áirithiú i gcás nach bhfuil aon chaighdeán comhchuibhithe ábhartha ann, cumhachtófar an Coimisiún sonraíochtaí coiteanna a ghlacadh. Rogha chúltaca a bheidh ann nach n-úsáidfear ach amháin nuair nach mbeidh na comhlachtaí um chaighdeánú in ann caighdeáin a sholáthar nó nuair a sholáthraíonn siad caighdeáin nach bhfreagraíonn don iarraidh ón gCoimisiún ar chaighdeánú ná do na ceanglais riachtanacha atá in Iarscríbhinn II.

**Pas táirge**

Cuirtear an oibleagáid pas táirge a chur ar fáil do bhréagáin in ionad dhearbhú comhréireachta an Aontais chun comhlíonadh cheanglais an Rialacháin seo atá beartaithe a dhearbhú. Beidh an pas táirge nasctha le haitheantóir táirge uathúil trí iompróir sonraí, agus comhlíonfaidh sé na ceanglais theicniúla chéanna a cheanglaítear i ndáil le pas táirge atá san ESPR. Ní mór an tagairt don phas táirge a áireamh i gclárlann lárnach de chuid an Choimisiúin a chuirfear ar bun faoin ESPR, agus ní mór an fhaisnéis sin a léiriú ag custaim nuair a chuirtear bréagáin atá ag teacht ó lasmuigh den Aontas Eorpach faoin nós imeachta custaim maidir le scaoileadh i saorchúrsaíocht.

**Measúnú comhréireachta**

Leis an togra, coimeádtar rogha rialaithe inmheánaigh an mhonaróra nuair a chuireann an monaróir na caighdeáin chomhchuibhithe ábhartha nó na sonraíochtaí coiteanna i bhfeidhm. Leanfaidh deimhniú tríú páirtí ó chomhlacht faoina dtugtar fógra de bheith riachtanach i gcás ina mbaineann an méid seo a leanas leis na caighdeáin chomhchuibhithe nó sonraíochtaí coiteanna: (i) nach ann dóibh; (ii) nach leantar iad; nó (iii) nach gclúdaítear leo rioscaí uile an bhréagáin. Áirítear sa togra na modúil chomhfhreagracha i gcomhréir le Cinneadh 768/2008/CE. Sonraítear sa togra gur gá don mhonaróir, mar chuid den mheasúnú sábháilteachta, na rioscaí féideartha maidir le láithreacht chomhcheangailte nó charnach ceimiceán sa bhréagán a chur san áireamh.

**Comhlachtaí faoina dtugtar fógra**

Tá feidhmiú ceart comhlachtaí faoina dtugtar fógra ríthábhachtach chun leibhéal ard cosanta sláinte agus sábháilteachta a áirithiú agus ar mhaithe le muinín gach páirtí leasmhair sa chur chuige nua. Dá bhrí sin, i gcomhréir le Cinneadh 768/2008/CE, coinnítear leis an togra na ceanglais d'údaráis náisiúnta atá freagrach as comhlachtaí um measúnú comhréireachta (comhlachtaí faoina dtugtar fógra). Cuirtear an fhreagracht deiridh ar an mBallstát féin maidir le comhlachtaí faoina dtugtar fógra a ainmniú agus faireachán a dhéanamh orthu. Sonraítear sa togra seo nach mór do na comhlachtaí faoina dtugtar fógra an méid seo a leanas a dhéanamh: (i) an inniúlacht a bheith acu na cúraimí a fhochonraítear a fhíorú; agus (ii) a bheith in ann maoirseacht a dhéanamh ar an obair a dhéanann fochonraitheoirí.

**Faireachas margaidh san Aontas agus nós imeachta cosanta an Aontais**

Leis an togra, coimeádtar na forálacha atá bunaithe ar Chinneadh 768/2008/CE maidir leis an nós imeachta um chlásal cosanta. Ina theannta sin, tugtar le foráil shonrach atá bunaithe ar Chinneadh 768/2008/CE forais shonracha le gníomhú in aghaidh bréagáin a chomhlíonann na ceanglais fhíor- riachtanacha ach a bhfuil riosca do leanaí ag baint leo. Leis na forálacha, tugtar an chumhacht don Choimisiún freisin bearta a ghlacadh in aghaidh bréagáin shonracha faoi chúinsí an- sonrach.

**Gníomhartha cur chun feidhme**

Leis an togra, cumhachtaítear an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh, i gcás inarb iomchuí, chun cur i bhfeidhm aonfhoirmeach an Rialacháin seo a áirithiú. Go sonrach, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a bhronnadh ar an gCoimisiún chun go ndéanfar na ceanglais theicniúla mhionsonraithe a bhunú le haghaidh an phas táirge. Mar eisceacht, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún freisin chun bearta a dhéanamh i leith bréagáin chomhlíontacha a mheastar a bheith ina riosca do shláinte agus do shábháilteacht daoine. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis na forálacha maidir le gníomhartha cur chun feidhme a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

Ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun a shuí cé acu atá nó nach bhfuil bonn cirt le beart náisiúnta i leith bréagáin lena mbaineann riosca do shláinte agus do shábháilteacht daoine agus chun iarraidh ar Bhallstát bearta a dhéanamh in aghaidh comhlacht faoina dtugtar fógra a mheastar nach bhfuil sé inniúil a thuilleadh na cúraimí um measúnú comhréireachta faoin Rialachán seo a dhéanamh. Ós rud é gur de chineál speisialta agus teicniúil iad, ní ghlacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis na forálacha maidir le gníomhartha cur chun feidhme a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

**Gníomhartha tarmligthe**

Leis an togra, cumhachtaítear an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun na nithe seo a leanas a oiriúnú: (i) na forálacha maidir le rabhaidh in Iarscríbhinn III chun na forálacha sin a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil agus eolaíochta; agus (ii) forálacha chun substaintí sonracha agus meascáin shonracha a cheadú a léiríonn a n-úsáid cheadaithe i mbréagáin agus teorainnluachanna nua le haghaidh substaintí sonracha i mbréagáin. I ndáil leis an bpas táirge, leis an togra cumhachtaítear an Coimisiún leasú a dhéanamh ar an bhfaisnéis shonrach ba cheart a áireamh sa phas, chomh maith leis an bhfaisnéis atá le háireamh i gclárlann an Choimisiúin. Ba cheart an Coimisiún a chumhachtú freisin an fhaisnéis bhreise atá stóráilte sa chlárlann atá le rialú ag údaráis chustaim a chinneadh, chomh maith le leasú a dhéanamh ar Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Rialachán seo ina bhfuil liosta de chóid tráchtearraí, mar a

leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87, agus tuairiscí ar tháirgí bréagán agus an Iarscríbhinn sin a thabhairt cothrom le dáta.

**Meastóireacht agus athbhreithniú**

Déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an Rialachán 5 bliana tar éis a theacht i bhfeidhm agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin, d’fhonn meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht, éifeachtúlacht, comhleanúnachas, ábharthacht agus breisluach an Aontais. Cuirfidh an Coimisiún tuarascáil ar na príomhthorthaí faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.

**Forálacha críochnaitheacha**

Beidh an rialachán atá beartaithe infheidhme 30 mí tar éis a theacht i bhfeidhm, ar thaobh amháin, chun ligean don Choimisiún cur chun feidhme cheanglais theicniúla an phas táirge a ullmhú agus, ar an taobh eile, chun ligean do mhonaróirí, do chomhlachtaí faoina dtugtar fógra agus do na Ballstáit oiriúnú do na ceanglais nua. Mar sin féin, ní mór na forálacha maidir le comhlachtaí faoina dtugtar fógra, agus maidir le cumhachtaí cur chun feidhme agus tarmligthe an Choimisiúin, a chur i bhfeidhm go gairid tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. Leagtar forálacha idirthréimhseacha síos maidir le táirgí a mhonaraítear agus maidir leis na deimhnithe arna n-eisiúint ag comhlachtaí faoina dtugtar fógra faoi Threoir 2009/48/CE chun go ndéanfar stoic a ionsú agus aistriú rianúil chuig na ceanglais nua a áirithiú. Déanfar Treoir 2009/48/CE a aisghairm agus cuirfear an rialachán atá beartaithe ina hionad.

2023/0290 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le sábháilteacht bréagán agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/48/CE**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[22],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Glacadh Treoir 2009/48/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[23] chun ardleibhéal sábháilteachta bréagán agus a saorghluaiseacht ar an margadh inmheánach a áirithiú.

(2) Is grúpa an- leochaileach iad leanaí. Tá sé fíor- riachtanach leibhéal ard sábháilteachta a áirithiú do leanaí agus iad ag súgradh le bréagáin. Ba cheart go mbeadh leanaí cosanta go hoiriúnach ar rioscaí a d'fhéadfadh teacht as bréagáin, go háirithe ó na substaintí ceimiceacha a d'fhéadfadh a bheith i mbréagáin. An tráth céanna, ba cheart go mbeadh bréagáin chomhlíontacha in ann gluaiseacht faoi shaoirse ar fud an mhargaidh inmheánaigh gan ceanglais bhreise.

(3) Thángthas ar an gconclúid i meastóireacht an Choimisiúin ar Threoir 2009/48/CE go bhfuil an Treoir ábhartha agus éifeachtach go ginearálta maidir le leanaí a chosaint. Mar sin féin, sainaithníodh inti freisin roinnt easnamh a tháinig chun cinn le linn chur i bhfeidhm praiticiúil na Treorach ó glacadh in 2009 í. Go háirithe, sainaithníodh sa mheastóireacht easnaimh áirithe maidir leis na rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as ceimiceáin dhíobhálacha i mbréagáin. Thángthas ar an gconclúid sa mheastóireacht freisin go bhfanann roinnt mhaith bréagán neamhchomhlíontach agus neamhshábháilte ar mhargadh an Aontais.

(4) Iarradh sa Straitéis Ceimiceán um an Inbhuanaitheacht[24] go neartófaí cosaint tomhaltóirí ar na ceimiceáin is díobhálaí agus go leathnófaí an cur chuige cineálach i dtreo ceimiceáin dhíobhálacha (bunaithe ar thoirmisc choisctheacha chineálacha) chun

---

[22] IO C , , lch. .

[23] Treoir 2009/48/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2009 maidir le sábháilteacht bréagán (IO L 170, 30.6.2009, lch. 1).

[24] COM(2020) 667 final

a áirithiú go gcosnófar tomhaltóirí, grúpaí leochaileacha agus an comhshaol ar bhealach níos comhsheasmhaí. Go háirithe, gealltar leis an straitéis go neartófar Treoir 2009/48/CE maidir le cosaint ar na rioscaí a bhaineann leis na ceimiceáin is díobhálaí agus na héifeachtaí comhcheangailte a d'fhéadfadh a bheith ag ceimiceáin.

(5) Ós rud é gur gá na rialacha lena leagtar amach na ceanglais maidir le bréagáin, go háirithe na ceanglais fhíor- riachtanacha agus na nósanna imeachta um measúnú comhréireachta, a chur i bhfeidhm go haonfhoirmeach ar fud an Aontais, agus nach féidir leis na Ballstáit iad a chur chun feidhme ar bhealaí éagsúla, ba cheart rialachán a chur in ionad Threoir 2009/48/CE.

(6) Tá bréagáin faoi réir Rialachán (AE) 2023/988 maidir le sábháilteacht ghinearálta táirgí freisin[25], a bhfuil feidhm aige ar bhealach comhlántach maidir le hábhair nach gcumhdaítear le reachtaíocht earnála shonrach maidir le táirgí tomhaltais. Go háirithe, tá feidhm ag Roinn 2 de Chaibidil III agus Caibidil IV i ndáil le díolacháin ar líne, Caibidil VI maidir leis an gCóras Mear- Rabhaidh Safety Gate agus an Tairseach Ghnó um Fholáireamh maidir le Sábháilteacht Táirgí agus Caibidil VIII maidir leis an gceart chun faisnéise agus leighis maidir le bréagáin freisin. Dá bhrí sin, ní áirítear sa Rialachán seo forálacha sonracha maidir le ciandíolacháin agus díolacháin ar líne, tuairisciú timpistí ag oibreoirí eacnamaíocha agus an ceart chun faisnéise agus leighis ach, ina ionad sin, ceanglaítear ar oibreoirí eacnamaíocha a sholáthraíonn faisnéis faoi shaincheisteanna sábháilteachta a bhaineann le bréagáin údaráis agus tomhaltóirí a chur ar an eolas i gcomhréir leis na nósanna imeachta a leagtar amach i Rialachán (AE) 2023/988.

(7) Le Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[26], leagtar síos rialacha maidir le creidiúnú comhlachtaí um measúnú comhréireachta agus leagtar síos prionsabail ghinearálta na marcála CE. Ba cheart an Rialachán sin a bheith infheidhme maidir le bréagáin d'fhonn a áirithiú go gcomhlíonann bréagáin a bhaineann tairbhe as an tsaorghluaiseacht earraí laistigh den Aontas ceanglais lena soláthraítear ardleibhéal cosanta ar shláinte agus ar shábháilteacht daoine agus go háirithe leanaí.

(8) I gCinneadh Uimh. 768/2008/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[27] leagtar síos prionsabail choiteanna agus forálacha tagartha a bhfuil sé beartaithe feidhm a bheith acu maidir leis an reachtaíocht táirge ar fad san earnáil, chun bonn comhleanúnach a chur ar fáil le haghaidh reachtaíocht den sórt sin. Ba cheart, dá bhrí sin, an Rialachán seo a dhréachtú, a mhéid is féidir, i gcomhréir leis na prionsabail choiteanna agus na forálacha tagartha sin.

(9) Ba cheart go leagfaí síos leis an Rialachán seo ceanglais fhíor- riachtanacha maidir le bréagáin chun ardleibhéal cosanta a áirithiú le haghaidh sláinte agus sábháilteachta leanaí agus iad ag súgradh le bréagáin chomh maith le saorghluaiseacht bréagán san Aontas. Ba cheart an Rialachán seo a chur i bhfeidhm agus aird chuí á tabhairt ar phrionsabal an réamhchúraim.

---

25 IO L 11, 15.1.2002, lch. 4.

26 Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 lena leagtar amach na ceanglais maidir le creidiúnú agus maidir le faireachas margaidh a bhaineann le táirgí a mhargú, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 339/93 (IO L 218, 13.8.2008, lch. 30).

27 Cinneadh Uimh. 768/2008/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 maidir le creat comhchoiteann le haghaidh margú táirgí, agus lena n-aisghairtear Cinneadh 93/465/CEE ón gComhairle (IO L 218, 13.8.2008, lch. 82).

(10) Chun cur i bhfeidhm an Rialacháin seo ag monaróirí agus ag údaráis náisiúnta a éascú, ba cheart a raon feidhme a shainiú go soiléir. Ba cheart feidhm a bheith aige maidir leis na táirgí uile atá deartha nó beartaithe lena n-úsáid ag leanaí faoi bhun 14 bliana d'aois. Is féidir táirge a mheas mar bhréagán fiú mura bhfuil sé beartaithe go heisiach chun críocha súgartha agus má tá feidhmeanna breise eile aige. Cé acu a bhaineann nó nach mbaineann luach súgartha le táirge, braitheann sé ar an úsáid atá beartaithe ag an monaróir nó ar úsáid an táirge atá measartha intuartha ag tuismitheoir nó ag maoirseoir. An tráth céanna, is gá bréagáin áirithe nach bhfuil beartaithe d'úsáid tís a eisiamh óna raon feidhme, amhail trealamh clóis súgartha poiblí nó meaisíní uathoibríocha atá beartaithe d'úsáid phoiblí, nó bréagáin eile atá feistithe le hinnill dócháin nó gaile, ós rud é go bhféadfadh bréagáin den sórt sin rioscaí a chruthú do shláinte agus do shábháilteacht leanaí nach dtugtar aghaidh orthu leis an Rialachán seo. Ina theannta sin, ba cheart liosta de tháirgí a sholáthar a d'fhéadfaí a mheascadh le bréagáin ach nach meastar a bheith ina mbréagáin de réir bhrí an Rialacháin seo.

(11) Ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo maidir le bréagáin atá nua ar mhargadh an Aontais nuair a chuirtear ar an margadh iad, i.e. bréagáin nua arna ndéanamh ag monaróir atá bunaithe san Aontas nó bréagáin, bídís ina mbréagáin nua nó athláimhe, a allmhairítear ó thríú tír. Tagann sábháilteacht táirgí athláimhe eile faoi raon feidhme Rialachán (AE) 2023/988 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[28].

(12) Chun cosaint leordhóthanach a áirithiú ar leanaí agus ar dhaoine eile, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo maidir le gach cineál soláthair bréagán, lena n-áirítear ciandíolacháin dá dtagraítear in Airteagal 6 de Rialachán (AE) 2019/1020 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[29].

(13) Ba cheart go n-áiritheodh ceanglais fhíor- riachtanacha sábháilteachta do bhréagáin cosaint ar gach guais ábhartha sláinte agus sábháilteachta a bhaineann le bréagáin, d'úsáideoirí nó do thríú páirtithe. Ba cheart go gcumhdófaí le ceanglais sábháilteachta áirithe na hairíonna fisiceacha agus meicniúla, an inadhainteacht, na hairíonna ceimiceacha, na hairíonna leictreacha, an sláinteachas agus an radaighníomhaíocht chun a áirithiú go gcosnófar sábháilteacht leanaí go leordhóthanach in aghaidh na nguaiseacha sonracha sin. Ós rud é go bhféadfadh bréagáin a mbaineann guaiseacha leo agus nach gcumhdaítear le ceanglas sábháilteachta áirithe a bheith ann nó a fhorbairt, is gá ceanglas ginearálta sábháilteachta a choinneáil ar bun chun a áirithiú go gcosnófar leanaí i leith bréagáin den sórt sin. Ba cheart sábháilteacht bréagán a chinneadh trí thagairt a dhéanamh don úsáid atá beartaithe, agus an úsáid intuartha á cur san áireamh freisin, agus iompar leanaí á chur san áireamh, nach léiríonn an cúram céanna agus an gnáthúsáideoir fásta. I dteannta a chéile, ba cheart go mbeadh an ceanglas sábháilteachta ginearálta agus na ceanglais sábháilteachta áirithe ina gceanglais fhíor- riachtanacha sábháilteachta le haghaidh bréagán.

---

[28] Rialachán (AE) 2023/988 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 maidir le sábháilteacht ghinearálta táirgí, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir (AE) 2020/1828 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/95/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 87/357/CEE ón gComhairle (IO L 135, 23.5.2023, lch. 1).

[29] Rialachán (AE) Uimh. 2019/1020 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le faireachas margaidh ar tháirgí agus comhlíonadh táirgí agus lena leasaítear Treoir 2004/42/CE agus Rialacháin (CE) Uimh. 765/2008 agus (AE) Uimh. 305/2011 (IO L 169, 25.6.2019, lch. 1).

(14) Mar thoradh ar bheith ag brath ar theicneolaíochtaí digiteacha, tá guaiseacha nua ann i mbréagáin. Ní mór do bhréagáin raidió ceanglais fhíor- riachtanacha a chomhlíonadh maidir le príobháideachas agus bréagáin atá nasctha leis an idirlíon a chosaint, ní mór dóibh coimircí i dtreo na cibearshlándála agus cosaint ar chalaois a ionchorprú i gcomhréir le Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[30]. Comhlíonfaidh bréagáin lena n-áirítear an intleacht shaorga Rialachán (AE).../... [Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach sraithuimhir don Rialachán lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht shaorga][31]. Dá bhrí sin, níor cheart ceanglais sábháilteachta áirithe maidir leis an gcibearshlándáil, cosaint sonraí pearsanta agus príobháideachais ná guaiseacha eile a eascraíonn as ionchorprú na hintleachta saorga i mbréagáin a leagan amach. Mar sin féin, le sláinte leanaí a chosaint, níor cheart a áirithiú nach é amháin gur ann d'easpa galair nó éiglíochta agus d'fhéadfadh rioscaí a bheith ag baint le brath ar theicneolaíochtaí digiteacha, ar rioscaí iad a théann níos faide ná a sláinte fhisiciúil. Chun a áirithiú go gcosnófar leanaí ar aon riosca a thagann ó úsáid teicneolaíochtaí digiteacha i mbréagáin, ba cheart go n-áiritheofaí leis an gceanglas sábháilteachta ginearálta sláinte shíceolaíoch agus mheabhrach leanaí, chomh maith le folláine agus forbairt chognaíoch leanaí.

(15) Ba cheart go gcomhlíonfadh bréagáin ceanglais fhisiceacha agus mheicniúla a chuireann cosc ar leanaí gortú fisiciúil a fháil agus iad ag súgradh le bréagáin agus níor cheart go mbeadh baol tachta ná plúchta ann do leanaí. D'fhonn leanaí a chosaint ar bhaol na héisteachta lagaithe, ba cheart luachanna uasta a leagan amach maidir le torann spreagtha agus torann leanúnach a astaíonn bréagáin araon. Bréagáin nó a bpáirteanna agus a bpacáistíocht ar féidir coinne a bheith leis go réasúnach go mbeidh siad i dtadhall le bia nó go n-aistreoidh siad a gcomhdhamhnaí chuig bia faoi ghnáthdhálaí úsáide nó faoi dhálaí úsáide intuartha, beidh siad faoi réir Rialachán (CE) Uimh. 1935/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[32]. Ina theannta sin, is iomchuí ceanglais shonracha sábháilteachta a leagan síos chun an ghuais shonrach a d'fhéadfadh a bheith ag baint le bréagáin i mbia a chumhdach, ós rud é go bhféadfadh an bhaint idir bréagán agus bia a bheith ina cúis le riosca tachta atá éagsúil leis na rioscaí a bhaineann leis an mbréagán amháin agus nach gcumhdaítear, dá bhrí sin, le haon bheart sonrach ar leibhéal an Aontais. Ba cheart go n-áiritheofar le bréagáin cosaint leordhóthanach a mhéid a bhaineann le hinadhainteacht nó airíonna leictreacha, go háirithe chun dónna nó turraingí leictreacha a chosc. Thairis sin, ba cheart go gcomhlíonfadh bréagáin caighdeáin sláinteachais áirithe chun rioscaí micribhitheolaíocha nó rioscaí eile ionfhabhtaithe nó éillithe a sheachaint.

(16) Ceimiceáin a aicmítear mar cheimiceáin atá carcanaigineach, só- ghineach nó tocsaineach don atáirgeadh (substaintí CMR), ceimiceáin a mbíonn tionchar acu ar an gcóras inchríneach, ar an gcóras riospráide nó atá tocsaineach d'orgán sonrach, tá siad thar a bheith díobhálach do leanaí agus ba cheart aghaidh a thabhairt orthu go sonrach

30 Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le trealamh raidió a chur ar fáil ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/5/CE (IO L 153, 22.5.2014, lch. 62).

31 Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach sa téacs uimhir an Rialacháin agus cuir isteach uimhir, dáta, teideal agus tagairt IO an Rialacháin sin san fhonóta.

32 Rialachán (CE) Uimh. 1935/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Deireadh Fómhair 2004 maidir le hábhair agus earraí a bheartaítear a bheith i dtadhall le bia agus lena n-aisghairtear Treoracha 80/590/CEE agus 89/109/CEE (IO L 338, 13.11.2004, lch. 4).

i mbréagáin. I bhfianaise an róil ríthábhachtaigh atá ag an gcóras inchríneach le linn fhorbairt an duine, is féidir le nochtadh luath do shuaiteoirí inchríneacha le linn tréimhsí criticiúla, amhail luath- óige, a bheith ina chúis le héifeachtaí díobhálacha fiú ag dáileoga an- íseal agus is féidir tionchar a bheith aige ar an tsláinte ag céim níos déanaí den saol. Is féidir le híogróirí riospráide a bheith ina gcúis le méadú ar asma óige agus tá substaintí néarthocsaineacha go háirithe díobhálach d'inchinn leanaí atá i mbéal forbartha, rud atá níos leochailí ó thaobh gortú tocsaineach ná inchinn an duine fásta. Ba cheart go mbeadh leanaí cosanta go hoiriúnach freisin ar shubstaintí ailléirgineacha agus ar mhiotail áirithe. Ní mór na ceanglais maidir le substaintí ceimiceacha a leagtar amach i dTreoir 2009/48/CE a thabhairt cothrom le dáta agus a neartú. Comhlíonfaidh bréagáin an reachtaíocht ghinearálta maidir le ceimiceáin, go háirithe Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. D'fhonn cosaint bhreise a thabhairt do leanaí, ar grúpa leochaileach tomhaltóirí iad, agus do dhaoine eile, ba cheart an creat dlíthiúil sin a fhorlíonadh le toirmisc chineálacha i mbréagáin lena gcumhdaítear ceimiceáin ghuaiseacha áirithe, mar a aicmítear i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[33]. Ba cheart feidhm a bheith ag na toirmisc chineálacha sin maidir le substaintí CMR, suaiteoirí inchríneacha, íogróirí riospráide agus substaintí atá dírithe ar orgán sonrach, a luaithe a aicmítear na substaintí sin mar shubstaintí guaiseacha faoi Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008[34]. Chun sábháilteacht bréagán a áirithiú, ba cheart go mbeadh substaintí toirmiscthe inghlactha ag rianleibhéil ach amháin má bhíonn a láithreacht ar na leibhéil sin dosheachanta ó thaobh na teicneolaíochta de le dea- chleachtais mhonaraíochta agus má tá an bréagán sábháilte.

(17) D'fhonn foráil a dhéanamh maidir le solúbthacht i gcás nach gcuirtear sábháilteacht leanaí i mbaol agus i gcás inar gá bréagáin áirithe a chur ar fáil ar an margadh, ba cheart a bheith in ann maolú a dhéanamh ar na toirmisc chineálacha ar shubstaintí ceimiceacha i mbréagáin. Ba cheart feidhm ghinearálta a bheith ag maoluithe ar thoirmisc chineálacha lena gceadaítear substaintí toirmiscthe a úsáid agus níor cheart iad a bheith indéanta ach amháin i gcás ina meastar go bhfuil úsáid na substainte ábhartha sábháilte do leanaí, i gcás nach bhfuil aon rogha mhalartach inmharthana ó thaobh tráchtála de ann don tsubstaint agus i gcás nach bhfuil toirmeasc ar úsáid na substainte in earraí tomhaltais faoi Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006. Ba cheart do na coistí eolaíocha ábhartha sa Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (ECHA) measúnú a dhéanamh ar shábháilteacht na substainte i mbréagáin d'fhonn comhsheasmhacht agus úsáid éifeachtúil acmhainní a áirithiú agus measúnú á dhéanamh ar shubstaintí ceimiceacha san Aontas.

---

33 Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Treoir 67/548/CEE agus Treoir 1999/45/CE, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 (IO L 353, 31.12.2008, lch. 1).

34 Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiún chomh maith le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoir 91/155/CEE ón gCoimisiún, Treoir 93/67/CEE ón gCoimisiún, Treoir 93/105/CE ón gCoimisiún agus Treoir 2000/21/CE ón gCoimisiún (IO L 396, 30.12.2006, lch. 1).

(18) Ba cheart an deis a bheith ag oibreoirí eacnamaíocha, comhlachais tionscail nó páirtithe leasmhara eile iarraidh ar mheasúnú a chur isteach maidir le húsáid cheadaithe a bhaineann le substaint áirithe atá faoi réir thoirmeasc cineálach ECHA. Ba cheart do ECHA an fhormáid agus an meán chun iarrataí ar mheasúnú a chur isteach a tharraingt suas agus a chur ar fáil. Ina theannta sin, ar chúiseanna trédhearcachta agus intuarthachta, ba cheart do ECHA treoraíocht theicniúil agus eolaíoch a eisiúint maidir le hiarrataí den sórt sin ar mheasúnú.

(19) Mheas an Coiste Eolaíoch um Rioscaí Sláinte agus Comhshaoil, agus Rioscaí atá ag Teacht chun Cinn úsáid nicile i gcruach dhosmálta agus i gcomhpháirteanna lena dtarchuirtear sruth leictreach a bheith sábháilte i mbréagáin agus ba cheart an úsáid sin a cheadú. Ba cheart go gceadófaí substaintí eile atá riachtanach chun sruth leictreach a tharchur i mbréagáin chun go bhféadfar bréagáin leictreacha a chur ar fáil má tá substaintí den sórt sin dorochtana go hiomlán do leanbh atá ag súgradh leis an mbréagán agus nach mbaineann riosca leo dá bhrí sin.

(20) Ós rud é go rialaítear ceallraí le Rialachán (AE).../... [Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach sraithuimhir don Rialachán maidir le ceallraí agus ceallraí dramhaíola][35], níor cheart feidhm a bheith ag na ceanglais maidir le substaintí ceimiceacha i mbréagáin maidir leis na ceallraí a áirítear i mbréagáin. Mar sin féin, ba cheart bréagáin lena n-áirítear ceallraí a dhearadh sa chaoi go mbeidh sé deacair do leanaí rochtain a fháil ar na ceallraí.

(21) Léiríodh gurb iomchuí iad na teorainnluachanna atá ann cheana le haghaidh substaintí ceimiceacha áirithe agus a modhanna tástála comhfhreagracha chun leanaí a chosaint a mhéid a bhaineann leis na substaintí sin agus ba cheart iad a choinneáil ar bun. Chun oiriúnú d'eolas eolaíoch nua, ba cheart an Coimisiún a chumhachtú na teorainnluachanna sin a athbhreithniú i gcás inar gá. Teorainnluachanna d'arsanaic, caidmiam, cróimiam VI, luaidhe, mearcair agus stán orgánach, atá sách tocsaineach agus nár cheart, dá bhrí sin, a úsáid d'aon ghnó i mbréagáin, ba cheart iad a leagan amach ag leath na luachanna a mheasann an comhlacht eolaíoch ábhartha a bheith sábháilte, chun a áirithiú nach bhfuil ach rianta atá comhoiriúnach le dea- chleachtas monaraíochta sa bhréagán.

(22) Áirítear i dTreoir 2009/48/CE teorainnluachanna le haghaidh substaintí áirithe i mbréagáin atá beartaithe do leanaí faoi bhun 36 mhí nó a bheartaítear a chur sa bhéal. Tá sé léirithe ag na substaintí sin freisin go bhfuil riosca ag baint leo do leanaí níos sine, toisc go bhféadfaí iad a nochtadh mar an gcéanna do cheimiceáin den sórt sin trí theagmháil leis an gcraiceann nó trí ionanálú. Dá bhrí sin, ba cheart feidhm a bheith ag na teorainnluachanna sin maidir le gach bréagán. Ó glacadh na teorainnluachanna do bhisfeanól A i dTreoir 2009/48/CE, tá sonraí eolaíocha nua tagtha chun cinn. Rinne an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (EFSA) athmheastóireacht ar na rioscaí don tsláinte phoiblí ó nochtadh cothaithe do bhisfeanól A i mí Aibreáin 2023 agus chinn sé gur ábhar imní sláinte é nochtadh do bhisfeanól A do thomhaltóirí thar gach aoisghrúpa. Tá iontógáil laethúil nua infhulaingthe bisfeanóil A bunaithe ag EFSA atá i bhfad níos ísle ná an ceann roimhe sin. I bhfianaise na fianaise eolaíche sin, ba cheart go dtiocfadh bisfeanól A faoin toirmeasc cineálach ar shubstaintí CMR i mbréagáin.

[35] Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach sa téacs uimhir an Rialacháin …. agus cuir isteach uimhir, dáta, teideal agus tagairt IO an Rialacháin sin san fhonóta.

(23) Chun cosaint leordhóthanach ar shubstaintí sonracha ceimiceacha a áirithiú i gcás eolas eolaíoch nua, ba cheart go dtabharfaí an Coimisiún a chumhachtú gníomhartha tarmligthe a ghlacadh lena mbunófar teorainnluachanna sonracha d'aon substaint cheimiceach a úsáidtear i mbréagáin. Más rud é go bhfuil údar cuí leis i gcásanna bréagán lena mbaineann leibhéal níos airde nochta, ba cheart go leagfaí amach sna gníomhartha tarmligthe sin teorainnluachanna sonracha le haghaidh bréagáin atá beartaithe lena n-úsáid ag leanaí faoi bhun 36 mhí agus i mbréagáin eile a bheartaítear a chur sa bhéal, agus na ceanglais a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 1935/2004 agus na difríochtaí idir bréagáin agus ábhair a bhíonn i dteagmháil le bia nó le hearraí as a bhféadfadh rioscaí teacht chun cinn mar thoradh ar theagmháil béil trína n-úsáid mar ábhar a bhíonn i dteagmháil le bia á gcur san áireamh. Bíonn rioscaí speisialta ag cumhráin i mbréagáin do shláinte an duine. Dá bhrí sin, ba cheart rialacha sonracha a leagan amach maidir le cumhráin a úsáid i mbréagáin agus maidir le cumhráin a lipéadú. Ba cheart an Coimisiún a chumhachtú gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun na rialacha sin a leasú chun oiriúnuithe don dul chun cinn teicniúil agus eolaíochta a cheadú.

(24) I gcás nach féidir aghaidh a thabhairt go hiomlán ar na guaiseacha a d'fhéadfadh a bheith ag bréagán trí dhearadh, ba cheart aghaidh a thabhairt ar an riosca iarmharach le faisnéis a bhaineann le táirge a bheidh dírithe ar mhaoirseoirí na leanaí i bhfoirm rabhadh, agus inniúlacht na maoirseoirí sin na réamhchúraimí is gá a dhéanamh á cur san áireamh.

(25) Chun mí- úsáid rabhadh chun dul timpeall ar na ceanglais sábháilteachta is infheidhme a chosc, níor cheart na rabhaidh a thugtar do chatagóirí áirithe bréagán a cheadú má tá siad i gcoinbhleacht leis an úsáid atá beartaithe don bhréagán. Chun a áirithiú go bhfuil maoirseoirí ar an eolas faoi aon riosca a bhaineann leis an mbréagán, is gá a áirithiú go bhfuil na rabhaidh inléite agus infheicthe.

(26) Ba cheart d'oibreoirí eacnamaíocha gníomhú go freagrach agus go hiomlán i gcomhréir leis na ceanglais dlí is infheidhme agus bréagáin á gcur ar an margadh nó bréagáin á gcur ar fáil ar an margadh acu.

(27) Chun leibhéal ard cosanta do shláinte agus sábháilteacht leanaí agus iomaíocht chóir ar an margadh inmheánach a áirithiú, ba cheart gurb iad na hoibreoirí eacnamaíocha a bheidh freagrach as comhlíonadh bréagán leis an Rialachán seo, i ndáil leis na róil faoi seach atá acu sa slabhra soláthair.

(28) Ós rud é nach féidir ach leis an monaróir cúraimí áirithe a chur i gcrích, is gá idirdhealú soiléir a dhéanamh idir oibleagáidí an mhonaróra agus oibleagáidí na n-oibreoirí níos faide síos sa slabhra dáilte. Is gá freisin idirdhealú soiléir a dhéanamh idir oibleagáidí an allmhaireora agus an dáileora, ós rud é go dtugann an t-allmhaireoir bréagáin ó thríú tíortha isteach i margadh an Aontais. Ba cheart don allmhaireoir a áirithiú go gcomhlíonann na bréagáin sin ceanglais an Aontais is infheidhme.

(29) Chun cumarsáid a éascú idir oibreoirí eacnamaíocha, na húdaráis um fhaireachas margaidh agus tomhaltóirí nó úsáideoirí deiridh eile, ba cheart do mhonaróirí agus d'allmhaireoirí suíomh gréasáin, seoladh ríomhphoist nó teagmháil dhigiteach eile a chur in iúl chomh maith leis an seoladh poist.

(30) Ós rud é go bhfuil eolas mionsonraithe faoin bpróiseas dearthóireachta agus táirgeachta ag an monaróir, tá sé freagrach as comhlíontacht an bhréagáin le ceanglais an Rialacháin seo agus is é is fearr chun an nós imeachta foriomlán um measúnú

comhréireachta le haghaidh bréagán a dhéanamh. Dá bhrí sin, ba cheart an oibleagáid maidir le measúnú comhréireachta a bheith ar an monaróir amháin fós.

(31) Chun go n-éascófar comhlíontacht a n-oibleagáidí faoin Rialachán seo ag monaróirí, ba cheart a cheadú do mhonaróirí atá bunaithe san Aontas gníomhaire ginearálta a cheapadh chun cúraimí sonracha a dhéanamh ar a son. Thairis sin, chun a áirithiú go ndáilfear cúraimí go soiléir agus go comhréireach idir an monaróir agus an gníomhaire ginearálta, is gá liosta de chúraimí a leagan amach ar cheart cead a thabhairt do mhonaróirí iad a chur de chúram ar an ionadaí údaraithe. Ina theannta sin, chun in- fhorfheidhmitheacht agus comhlíontacht leis an Rialachán seo a áirithiú, i gcás ina gceapfaidh monaróir atá bunaithe lasmuigh den Aontas ionadaí údaraithe, ba cheart na cúraimí a leagtar amach in Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2019/1020 a áireamh sa sainordú.

(32) Ba cheart d'oibreoirí eacnamaíocha a dhéanann idirghabháil sa slabhra soláthair agus dáilte bearta iomchuí a dhéanamh chun a áirithiú nach gcuirfidh na bréagáin a chuireann siad ar an margadh sábháilteacht agus sláinte leanaí i mbaol faoi ghnáthchoinníollacha úsáide a mbeadh coinne réasúnta leo agus nach gcuireann siad ar fáil ar an margadh ach bréagáin a chomhlíonann reachtaíocht ábhartha an Aontais.

(33) Is gá a áirithiú go gcomhlíonann bréagáin ó thríú tíortha a thagann isteach i margadh an Aontais ceanglais uile an Aontais is infheidhme, agus go háirithe go bhfuil nósanna imeachta iomchuí um measúnú comhréireachta curtha i gcrích ag monaróirí maidir leis na bréagáin sin. Dá bhrí sin, ba cheart d'allmhaireoirí a áirithiú go gcomhlíonann na bréagáin a chuireann siad ar an margadh na ceanglais is infheidhme, go bhfuil na nósanna imeachta um measúnú comhréireachta déanta agus go bhfuil marcáil agus doiciméadacht an táirge arna dtarraingt suas ag monaróirí ar fáil do na húdaráis inniúla um fhaireachas margaidh le haghaidh iniúchadh.

(34) Agus bréagán á chur ar an margadh acu, ba cheart d'allmhaireoirí a n-ainm agus an seoladh ag ar féidir teagmháil a dhéanamh leo a léiriú ar an mbréagán. Ba cheart foráil a dhéanamh maidir le heisceachtaí i gcásanna nach gceadaíonn méid ná cineál an bhréagáin tásc den sórt sin, lena n-áirítear i gcás ina mbeadh ar allmhaireoirí an pacáistiú a oscailt chun a n-ainm agus a seoladh a chur ar an táirge. I gcásanna den sórt sin, ba cheart an t-ainm agus an seoladh a léiriú ar an bpacáistíocht nó ar dhoiciméad a ghabhann léi.

(35) Ós rud é go gcuireann an dáileoir bréagán ar fáil ar an margadh tar éis an bréagán a bheith curtha ar an margadh ag an monaróir nó ag an allmhaireoir, ba cheart don dáileoir gníomhú leis an gcúram cuí chun a áirithiú nach ndéanfaidh láimhseáil an bhréagáin dochar diúltach do chomhlíonadh an Rialacháin seo ag an mbréagán sin.

(36) Tá dáileoirí agus allmhaireoirí gar don mhargadh agus, dá bhrí sin, ba cheart dóibh a bheith rannpháirteach i gcúraimí faireachais margaidh arna ndéanamh ag na húdaráis náisiúnta inniúla, agus ba cheart dóibh a bheith faoi cheangal a bheith rannpháirteach go gníomhach i gcúraimí den sórt sin agus an fhaisnéis uile is gá a bhaineann leis an mbréagán lena mbaineann a thabhairt do na húdaráis sin.

(37) Maidir le hoibreoirí eacnamaíocha a chuireann bréagán ar an margadh faoina n-ainm nó faoina dtrádmharc nó a mhodhnaíonn bréagán ar bhealach ina bhféadfaí difear a dhéanamh do chomhlíonadh cheanglais an Rialacháin seo is infheidhme, ba cheart iad a mheas mar mhonaróirí agus ba cheart dóibh oibleagáidí na monaróirí a ghlacadh chucu féin.

(38) Cuidíonn áirithiú na hinrianaitheachta bréagáin ar fud an tslabhra soláthair iomláin chun an faireachas margaidh a dhéanamh níos simplí agus níos éifeachtúla. Le córas éifeachtúil inrianaitheachta, éascaítear cúram na n-údarás um fhaireachas margaidh rianú a dhéanamh ar oibreoirí eacnamaíocha a chuir bréagáin neamhchomhlíontacha ar fáil ar an margadh.

(39) D'fhonn an measúnú ar chomhréireacht le ceanglais an Rialacháin seo a éascú, is gá foráil a dhéanamh maidir le toimhde comhréireachta i gcás bréagáin atá i gcomhréir le caighdeáin chomhchuibhithe a ghlactar i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[36] agus a fhoilsítear in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(40) In éagmais caighdeáin chomhchuibhithe ábhartha, ba cheart an Coimisiún a chumhachtú gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar amach sonraíochtaí coiteanna le haghaidh cheanglais fhíor- riachtanacha an Rialacháin seo, ar choinníoll go n-urramaítear leo, agus an méid sin á dhéanamh aige, ról agus feidhmeanna na n-eagraíochtaí um chaighdeánú, mar réiteach cúltaca eisceachtúil chun éascú a dhéanamh ar oibleagáid an mhonaróra na ceanglais fhíor- riachtanacha a chomhlíonadh, nuair a bhíonn bac ar an bpróiseas caighdeánaithe nó nuair a bhíonn moill ar bhunú na gcaighdeán comhchuibhithe iomchuí.

(41) Is é marcáil CE, lena gcuirtear comhréireacht táirge in iúl, an toradh sofheicthe ar phróiseas iomlán ina bhfuil measúnú comhréireachta sa chiall is leithne. Tá na prionsabail ghinearálta lena rialaítear an mharcáil CE leagtha amach i Rialachán (CE) Uimh. 765/2008. Ba cheart rialacha sonracha lena rialaítear greamú na marcála CE maidir le bréagáin a leagan síos sa Rialachán seo. Ba cheart go n-áiritheofaí leis na rialacha sin infheictheacht leordhóthanach na marcála CE chun faireachas margaidh ar bhréagáin a éascú.

(42) Ba cheart do mhonaróirí pas táirge a chruthú chun faisnéis a sholáthar maidir le comhlíonadh bréagán leis an Rialachán seo agus le haon reachtaíocht eile de chuid an Aontais is infheidhme maidir le bréagáin. Ba cheart go gcuirfí an pas táirge in ionad dhearbhú comhréireachta an Aontais faoi Threoir 2009/48/CE agus ba cheart go n-áireofaí ann na heilimintí is gá chun measúnú a dhéanamh ar chomhréireacht an bhréagáin leis na ceanglais is infheidhme agus leis na caighdeáin chomhchuibhithe nó le sonraíochtaí eile. Chun seiceálacha ag údaráis um fhaireachas margaidh ar bhréagáin a éascú agus chun ligean do na gníomhaithe sa slabhra soláthair agus do thomhaltóirí rochtain a fháil ar fhaisnéis faoin mbréagán, ba cheart an fhaisnéis ar an bpas táirge a sholáthar go digiteach agus ar bhealach atá inrochtana go díreach, trí iompróir sonraí atá greamaithe den bhréagán, dá bpacáistiú nó de na doiciméid a ghabhann leis. Ba cheart go mbeadh rochtain láithreach ag údaráis um fhaireachas margaidh, ag údaráis chustaim, ag oibreoirí eacnamaíocha agus ag tomhaltóirí ar an bhfaisnéis faoin mbréagán tríd an iompróir sonraí.

---

[36] Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le caighdeánú Eorpach, lena leasaítear Treoir 89/686/CEE agus Treoir 93/15/CEE ón gComhairle agus Treoracha 94/9/CE, 94/25/CE, 95/16/CE, 97/23/CE, 98/34/CE, 2004/22/CE, 2007/23/CE, 2009/23/CE agus 2009/105/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh 87/95/CEE ón gComhairle agus Cinneadh Uimh. 1673/2006/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 316, 14.11.2012, lch. 12).

(43) Chun dúbailt na hinfheistíochta sa digitiú ó na gníomhaithe uile lena mbaineann a sheachaint, lena n-áirítear monaróirí, údaráis um fhaireachas margaidh agus údaráis chustaim, nuair a cheanglaítear le reachtaíocht eile de chuid an Aontais pas táirge le haghaidh bréagán, ba cheart pas táirge aonair a bheith ar fáil ina mbeadh an fhaisnéis a cheanglaítear faoin Rialachán seo agus faoi reachtaíocht eile an Aontais. Ba cheart don phas táirge a bheith idir- inoibritheach go hiomlán le haon phas táirge a cheanglaítear faoi reachtaíocht eile de chuid an Aontais.

(44) Go háirithe, le Rialachán (AE).../... [Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach sraithuimhir don Rialachán maidir le ceanglais éicidhearthóireachta do tháirgí inbhuanaithe] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[37], leagtar síos ceanglais agus sonraíochtaí teicniúla freisin le haghaidh pas táirge, chun clárlann lárnach de chuid an Choimisiúin a bhunú ina ndéantar faisnéis faoi phasanna a stóráil agus ina mbíonn idirnasc idir an chlárlann sin agus na córais TF custaim. Féadfar bréagáin laistigh dá raon feidhme a áireamh sa Rialachán sin sa mheántéarma, rud lena gceanglófaí dá bhrí sin pas táirge a chur ar fáil le haghaidh bréagán. Dá bhrí sin, ba cheart gurbh fhéidir faisnéis níos beaichte a áireamh sa phas táirge amach anseo, go háirithe faisnéis a bhaineann le hinbhuaine comhshaoil, amhail lorg comhshaoil táirge, faisnéis atá úsáideach chun críocha athchúrsála, ábhar athchúrsáilte ábhair áirithe, faisnéis faoin slabhra soláthair, agus faisnéis chomhchosúil eile. Ba cheart don phas táirge le haghaidh bréagán arna chruthú faoin Rialachán seo na ceanglais chéanna agus na gnéithe teicniúla a chomhlíonadh leo siúd a leagtar amach i Rialachán (AE).../... [Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach sraithuimhir don Rialachán maidir le ceanglais éicidhearthóireachta le haghaidh táirgí inbhuanaithe], lena n-áirítear gnéithe teicniúla, séimeantacha agus eagraíochtúla na cumarsáide ó cheann ceann agus an mhalartaithe sonraí.

(45) Ós rud é go bhfuil an pas táirge le cur in ionad dhearbhú comhréireachta an Aontais, tá sé ríthábhachtach go mbeadh sé soiléir, trí phas táirge le haghaidh bréagán a chruthú agus tríd an marcáil CE a ghreamú díobh, go ndearbhaíonn an monaróir go bhfuil an bréagán i gcomhréir le ceanglais an Rialacháin seo agus go nglacann an monaróir freagracht iomlán astu.

(46) I gcás ina soláthraítear faisnéis eile seachas na heilimintí atá riachtanach don phas táirge go digiteach, is gá a shoiléiriú gur gá na cineálacha difriúla faisnéise a sholáthar ar leithligh agus iad a idirdhealú go soiléir óna chéile ach trí mheán iompróirí sonraí aonair. Éascófar leis sin obair na n-údarás um fhaireachas margaidh ach soláthrófar leis freisin soiléireacht do thomhaltóirí maidir leis na cineálacha difriúla faisnéise atá ar fáil dóibh i bhformáid dhigiteach.

(47) Caibidil VII de Rialachán (AE) 2019/1020, lena mbunaítear na rialacha maidir le rialuithe ar tháirgí a thagann isteach i margadh an Aontais, tá feidhm aici maidir le bréagáin. Caithfidh na húdaráis atá i gceannas ar na rialuithe, is é sin na húdaráis chustaim i bhformhór na mBallstát, na rialuithe a fheidhmiú ar bhonn anailís riosca dá dtagraítear in Airteagail 46 agus 47 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[38], ar bhonn a reachtaíochta cur chun feidhme agus na

---

37 Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach sa téacs uimhir an Rialacháin atá i ndoiciméad lena mbunaítear creat chun ceanglais éicidhearthóireachta a shocrú do tháirgí inbhuanaithe agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/125/CE... agus cuir isteach uimhir, dáta, teideal agus tagairt IO an Rialacháin sin san fhonóta.

38 Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (athmhúnlú) (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1).

treoraíochta comhfhreagraí. Dá bhrí sin, ní mhodhnaítear ar dhóigh ar bith leis an Rialachán seo Caibidil VII de Rialachán (AE) 2019/1020 ná an chaoi a n-eagraíonn na húdaráis atá i gceannas ar rialuithe ar tháirgí atá ag teacht isteach i margadh an Aontais iad féin nó a ndéanann siad a gcuid gníomhaíochtaí.

(48) Sa bhreis ar chreat na rialuithe a bhunaítear le Caibidil VII de Rialachán (AE) 2019/1020, ba cheart do na húdaráis chustaim a bheith in ann a fhíorú go huathoibríoch gur ann do phas táirge le haghaidh bréagáin allmhairithe atá faoi réir an Rialacháin seo chun na rialuithe ag teorainneacha seachtracha an Aontais a neartú agus chun cosc a chur le bréagáin neamhchomhlíontacha teacht isteach i margadh an Aontais.

(49) Nuair a chuirtear bréagáin ó thríú tíortha faoin nós imeachta custaim maidir le scaoileadh i saorchúrsaíocht, ba cheart don oibreoir eacnamaíoch an tagairt do phas táirge le haghaidh na mbréagán sin a chur ar fáil do na húdaráis chustaim. Ba cheart go mbeadh an tagairt don phas táirge ag comhfhreagairt d'aitheantóir uathúil táirge a stóráiltear i gclárlann le haghaidh pasanna táirge arna bhunú faoi Airteagal 12 de [Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach sraithuimhir do Rialachán (AE).../... maidir le Ceanglais Éicidhearthóireachta le haghaidh Táirgí Inbhuanaithe] (an 'chlárlann'). Ba cheart d'údaráis chustaim fíorú uathoibríoch a dhéanamh ar an bpas táirge a thíolactar don bhréagán sin, chun a áirithiú nach scaoilfear i saorchúrsaíocht ach amháin bréagáin a bhfuil tagairt bhailí acu d'aitheantóir uathúil táirge mar a áirítear sa chlárlann. Chun an fíorú uathoibríoch sin a dhéanamh, ba cheart an t-idirnasc idir an chlárlann agus na córais TF chustaim dá bhforáiltear in [Airteagal 13 de Rialachán (AE).../... maidir le ceanglais éicidhearthóireachta le haghaidh táirgí inbhuanaithe] a úsáid.

(50) I gcás ina stóráiltear faisnéis eile seachas an t-aitheantóir uathúil táirge agus an t-aitheantóir uathúil oibreora sa chlárlann, ba cheart an Coimisiún a chumhachtú gníomhartha tarmligthe a ghlacadh lena gceadaítear d'údaráis chustaim an chomhsheasmhacht a fhíorú idir an fhaisnéis bhreise sin agus an fhaisnéis a chuireann an t-oibreoir eacnamaíoch ar fáil do lucht custaim, chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh bréagáin a cuireadh faoin nós imeachta custaim maidir le scaoileadh i saorchúrsaíocht an Rialachán seo.

(51) Leis an bhfaisnéis atá sa phas táirge, ceadaítear do na húdaráis chustaim bainistíocht riosca a shaibhriú agus a éascú agus déantar rialuithe níos spriocdhírithe ag teorainneacha seachtracha an Aontais a chumasú. Dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh an deis ag na húdaráis chustaim an fhaisnéis a chuimsítear sa phas táirge agus sa chlárlann a aisghabháil agus a úsáid chun a gcúraimí a dhéanamh i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais, lena n-áirítear bainistíocht riosca i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 952/2013.

(52) Is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le foilsiú fógra in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* a léiríonn an dáta a thiocfaidh an t-idirnasc idir an chlárlann agus Córas Malartaithe Deimhnithe an Ionaid Ilfhreastail AE maidir le Custam dá dtagraítear in Airteagal 13 de [Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach sraithuimhir do Rialachán (AE).../... maidir le Ceanglais Éicidhearthóireachta do Tháirgí Inbhuanaithe] i bhfeidhm chun rochtain phoiblí ar an bhfaisnéis sin a éascú.

(53) Níor cheart fíorú uathoibríoch na gcustam ar an tagairt do phas táirge le haghaidh bréagán a thagann isteach i margadh an Aontais a chur in ionad fhreagrachtaí na n-údarás um fhaireachas margaidh ná iad a mhodhnú, ach chun creat foriomlán na rialuithe ar tháirgí a thagann isteach i margadh an Aontais a chomhlánú. Ba cheart

feidhm a bheith ag Rialachán (AE) 2019/1020 fós maidir le bréagáin chun a áirithiú go ndéanfaidh na húdaráis um fhaireachas margaidh seiceálacha ar an bhfaisnéis atá i bpasanna táirgí, seiceálacha ar bhréagáin laistigh den mhargadh i gcomhréir leis an Rialachán sin agus, i gcás ina gcuireann na húdaráis atá ainmnithe chun rialuithe a dhéanamh ag teorainneacha seachtracha an Aontais scaoileadh i saorchúrsaíocht ar fionraí, comhlíontacht agus rioscaí maidir le bréagáin a rialú de bhun Chaibidil VII de Rialachán (AE) 2019/1020.

(54) Bíonn leanaí nochta ar bhonn laethúil do réimse leathan ceimiceán difriúil de thionscnamh foinsí éagsúla. Tá dul chun cinn nach beag déanta chun roinnt bearnaí eolais a dhúnadh maidir leis an tionchar atá ag éifeacht chomhcheangailte na gceimiceán sin. Mar sin féin, déantar measúnú ar shábháilteacht ceimiceán de ghnáth trí mheastóireacht a dhéanamh ar shubstaintí aonair agus i gcásanna áirithe ar mheascáin a chuirtear leo d'aon ghnó le haghaidh úsáidí áirithe. D'fhonn an chosaint is airde a thabhairt do leanaí, ba cheart na substaintí is díobhálaí a thoirmeasc go ginearálta i mbréagáin chun a áirithiú nach nochtar iad i mbréagáin. Sna teorainnluachanna sonracha do cheimiceáin i mbréagáin, ba cheart a chur san áireamh nochtadh comhcheangailte ó fhoinsí éagsúla don tsubstaint cheimiceach chéanna. Ina theannta sin, ba cheart go gceanglófaí ar mhonaróirí anailís a dhéanamh ar na guaiseacha éagsúla a d'fhéadfadh a bheith ag an mbréagán agus measúnú a dhéanamh ar an nochtadh a d'fhéadfadh a bheith ann do ghuaiseacha den sórt sin agus, mar chuid den mheasúnú ar ghuaiseacha ceimiceacha, iarmhairtí carnacha nó sineirgisteacha aitheanta na gceimiceán atá sa bhréagán a mheas, d'fhonn a áirithiú go gcuirfear rioscaí ó nochtadh comhuaineach do cheimiceáin iolracha san áireamh. Thairis sin, comhlíonfaidh bréagáin an reachtaíocht ghinearálta maidir le ceimiceáin, go háirithe Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle; ní mhodhnaítear leis an Rialachán seo na hoibleagáidí maidir le measúnú a dhéanamh ar shábháilteacht na substaintí ceimiceacha nó na meascán ceimiceach iad féin a d'fhéadfadh a bheith infheidhme i gcomhréir leis an Rialachán sin.

(55) Ba cheart do mhonaróirí an doiciméadacht theicniúil a ullmhú ina dtugtar tuairisc ar ghnéithe ábhartha uile na mbréagán, lena n-áirítear an measúnú sábháilteachta ar na guaiseacha uile a d'fhéadfadh a bheith ag an mbréagán agus ar an gcaoi ar tugadh aghaidh orthu, ionas go mbeidh na húdaráis um fhaireachas margaidh in ann a gcúraimí a dhéanamh go héifeachtúil. Ba cheart a cheangal ar an monaróir an doiciméadacht theicniúil sin a chur ar fáil do na húdaráis náisiúnta arna iarraidh sin dóibh nó do chomhlachtaí faoina dtugtar fógra i gcomhthéacs an nós imeachta ábhartha um measúnú comhréireachta.

(56) Chun a áirithiú go gcomhlíonann bréagáin na ceanglais fhíor-riachtanacha, is gá nósanna imeachta iomchuí um measúnú comhréireachta a leagan síos atá le leanúint ag an monaróir. Tá an rialú inmheánach táirgthe atá bunaithe ar fhreagracht an mhonaróra féin as an measúnú comhréireachta leordhóthanach i gcás inar lean sé na caighdeáin chomhchuibhithe ar foilsíodh tagairt dóibh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, nó sonraíochtaí coiteanna lena gcumhdaítear na ceanglais sábháilteachta áirithe uile don bhréagán. I gcásanna nach ann do chaighdeáin chomhchuibhithe ná do shonraíochtaí coiteanna den sórt sin, ba cheart an bréagán a chur faoi réir fhíorú tríú páirtí, sa chás seo, cineálscrúdú AE. Ba cheart go mbeadh feidhm ag an méid sin freisin más rud é gur foilsíodh ceann amháin nó níos mó de na caighdeáin sin le srian in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, nó murar chomhlíon an monaróir na caighdeáin ná na sonraíochtaí sin go hiomlán, nó i bpáirt amháin. Ba cheart don mhonaróir an bréagán a chur faoi

chineálscrúdú AE i gcásanna ina measann sé gur gá fíorú tríú páirtí de bharr chineál, dhearadh, dhéanamh nó chuspóir na mbréagán.

(57) Ós rud é gur gá ardleibhéal aonfhoirmeach feidhmíochta na gcomhlachtaí a dhéanann measúnú comhréireachta ar bhréagáin ar fud an Aontais a áirithiú, agus ós rud é gur cheart do gach comhlacht den sórt sin a bhfeidhmeanna a dhéanamh ar an leibhéal céanna agus faoi dhálaí córa iomaíochta, ba cheart ceanglais a shocrú do chomhlachtaí um measúnú comhréireachta ar mian leo fógra a fháil uathu chun seirbhísí um measúnú comhréireachta a sholáthar faoin Rialachán seo.

(58) Má léiríonn comhlacht um measúnú comhréireachta go bhfuil sé i gcomhréir leis na critéir a leagtar síos sna caighdeáin chomhchuibhithe, ba cheart glacadh leis go gcomhlíonann sé na ceanglais chomhfhreagracha a leagtar amach sa Rialachán seo.

(59) Ba cheart an córas a leagtar amach sa Rialachán seo a chomhlánú leis an gcóras creidiúnúcháin dá ndéantar foráil i Rialachán (CE) Uimh. 765/2008. Ós rud é gur bealach fíor- riachtanach é an creidiúnú chun inniúlacht na gcomhlachtaí um measúnú comhréireachta a fhíorú, ba cheart é a úsáid freisin chun fógra a thabhairt. Go háirithe, ba cheart creidiúnú trédhearcach dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 765/2008, lena n-áirithítear an leibhéal muiníne is gá as deimhnithe comhréireachta, a bheith mar an t-aon mhodh amháin chun inniúlacht theicniúil na gcomhlachtaí um measúnú comhréireachta a léiriú.

(60) Is minic a ligeann comhlachtaí um measúnú comhréireachta codanna dá ngníomhaíochtaí a bhaineann le measúnú comhréireachta ar fochonradh nó is minic a théann siad in iontaoibh fochuideachta. Chun an leibhéal cosanta atá riachtanach chun na bréagáin a chur ar an margadh a chosaint, ní mór go gcomhlíonfadh fochonraitheoirí agus fochuideachtaí um measúnú comhréireachta na ceanglais chéanna a chomhlíonann comhlachtaí faoina dtugtar fógra i dtaca le cúraimí um measúnú comhréireachta a fheidhmiú. Dá bhrí sin, sa mheasúnú ar inniúlacht agus ar fheidhmíocht comhlachtaí faoina bhfuil fógra le tabhairt, agus san fhaireachán ar chomhlachtaí faoina bhfuil fógra tugtha cheana féin, tá sé tábhachtach gníomhaíochtaí a dhéanann fochonraitheoirí agus fochuideachtaí a chumhdach. Go háirithe, ba cheart a sheachaint go mbainfí leas iomarcach as fochuideachtaí agus fochonraitheoirí, ar bhealach ina dtarraingeofaí amhras ar inniúlacht an chomhlachta faoina dtugtar fógra nó ar mhaoirseacht an údaráis a thugann fógra.

(61) D’fhonn leibhéal comhsheasmhach cáilíochta a áirithiú agus measúnú comhréireachta á dhéanamh ar bhréagáin, ní hamháin gur gá na ceanglais a chomhdhlúthú nach mór do chomhlachtaí um measúnú comhréireachta ar mian leo fógra a fháil ina leith a chomhlíonadh, ach is gá freisin, i gcomhthreo leis sin, ceanglais a leagan síos nach mór do na húdaráis a thugann fógra agus do chomhlachtaí eile atá bainteach leis an measúnú, le fógra a thabhairt agus le faireachán a dhéanamh ar chomhlachtaí faoina dtugtar fógra a chomhlíonadh.

(62) Ós rud é gur féidir le comhlachtaí faoina dtugtar fógra a seirbhísí a thairiscint ar fud an Aontais, is iomchuí an deis a thabhairt do na Ballstáit eile agus don Choimisiún agóidí a dhéanamh maidir le comhlacht faoina dtugtar fógra. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, foráil a dhéanamh maidir le tréimhse inar féidir amhras nó ábhar imní ar bith maidir le hinniúlacht comhlachtaí um measúnú comhréireachta a shoiléiriú sula dtosóidís ag feidhmiú mar chomhlachtaí faoina dtugtar fógra. Ba cheart don Choimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, iarraidh ar an mBallstát a thugann fógra na bearta ceartaitheacha is gá a dhéanamh maidir le comhlacht faoina dtugtar fógra nach gcomhlíonann na ceanglais chun fógra a thabhairt dó.

(63) Ar mhaithe le hiomaíochas, tá sé ríthábhachtach go gcuirfidh na comhlachtaí faoina dtugtar fógra na nósanna imeachta um measúnú comhréireachta i bhfeidhm gan ualaí nach bhfuil gá leo a chur ar na hoibreoirí eacnamaíocha. Ar an gcúis chéanna, agus chun cóir chomhionann do gach oibreoir eacnamaíoch a áirithiú, ní mór comhsheasmhacht i gcur i bhfeidhm teicniúil na nósanna imeachta um measúnú comhréireachta a áirithiú. Is fearr is féidir é sin a bhaint amach trí chomhordú agus comhar iomchuí idir na comhlachtaí faoina dtugtar fógra. Ba cheart don chomhordú agus don chomhar sin rialacha iomaíochta an Aontais a urramú.

(64) Is ionstraim fhíor- riachtanach é an faireachas margaidh sa mhéid go n-áirithítear leis cur i bhfeidhm ceart agus aonfhoirmeach reachtaíocht an Aontais. Leagtar amach an creat chun faireachas margaidh a dhéanamh ar tháirgí atá faoi réir reachtaíocht an Aontais um chomhchuibhiú i Rialachán (AE) 2019/1020, lena n-áirítear bréagáin. Ós rud é go gcuirtear an Rialachán seo in ionad Threoir 2009/48/CE, na rialacha maidir le faireachas margaidh agus rialuithe ar tháirgí a thagann isteach i margadh an Aontais a leagtar amach i Rialachán (AE) 2019/1020, lena n-áirítear an ceanglas sonrach a leagtar amach in Airteagal 4 den Rialachán sin maidir le bréagáin a chur ar an margadh má tá oibreoir eacnamaíoch ann atá bunaithe san Aontas atá freagrach as na cúraimí a shonraítear san Airteagal sin, agus sa chás sin amháin, leanfaidh na rialacha sin d’fheidhm a bheith acu maidir le bréagáin. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit faireachas margaidh a eagrú agus a dhéanamh ar bhréagáin i gcomhréir leis an Rialachán sin.

(65) Déantar foráil i dTreoir 2009/48/CE maidir le nós imeachta coimirce lena gceadaítear don Choimisiún agus do Bhallstáit eile scrúdú a dhéanamh ar an mbonn cirt atá le beart a rinne Ballstát in aghaidh bréagáin a mheasann an Ballstát a bheith neamhchomhlíontach. Áirithítear leis an nós imeachta sin go gcuirfear páirtithe leasmhara ar an eolas faoi bhearta a bheartaítear a dhéanamh maidir le bréagáin lena mbaineann riosca do shláinte nó do shábháilteacht daoine agus go dtugann na húdaráis um fhaireachas margaidh uile i margadh an Aontais aghaidh go comhsheasmhach ar na bréagáin sin. Ba cheart, dá bhrí sin, an nós imeachta a choinneáil ar bun.

(66) I gcás ina dtagann na Ballstáit agus an Coimisiún ar chomhaontú maidir le húdar cuí a thabhairt do bheart arna dhéanamh ag Ballstát, níor cheart go mbeadh gá le rannpháirtíocht an Choimisiúin a thuilleadh. I gcás ina ndéantar agóidí in aghaidh beart den sórt sin, ba cheart don Choimisiún a chinneadh, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, cé acu atá nó nach bhfuil bonn cirt le beart náisiúnta i ndáil le bréagán.

(67) Is léir ón taithí a fuarthas le Treoir 2009/48/CE go mbaineann riosca do leanaí le bréagáin nua atá ar fáil ar an margadh agus a bhí comhlíontach leis na ceanglais sábháilteachta áirithe is infheidhme nuair a cuireadh ar an margadh iad agus, dá bhrí sin, nach gcomhlíonann siad an ceanglas sábháilteachta ginearálta. Ba cheart forálacha a dhéanamh chun a áirithiú gur féidir leis na húdaráis um fhaireachas margaidh beart a dhéanamh in aghaidh aon bhréagáin lena mbaineann riosca do leanaí, fiú má chomhlíonann sé na ceanglais sábháilteachta áirithe. Ba cheart don Choimisiún a chinneadh, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, cé acu atá nó nach bhfuil bonn cirt le beart náisiúnta i ndáil le bréagáin chomhlíontacha ina suíonn Ballstát gur riosca iad do shláinte agus do shábháilteacht leanaí nó daoine eile.

(68) Chun dul chun cinn teicniúil agus eolaíoch nó fianaise eolaíoch nua a chur san áireamh, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i ndáil leis an Rialachán seo a leasú trí na rabhaidh shonracha atá le

greamú de bhréagáin a oiriúnú, trí cheanglais shonracha a ghlacadh maidir le substaintí ceimiceacha i mbréagáin agus trí mhaoluithe a dheonú chun úsáidí sonracha a áireamh a cheadaítear i mbréagáin de shubstaintí atá faoi réir toirmisc chineálacha.

(69) Chun dul chun cinn teicniúil agus eolaíoch a chur san áireamh chomh maith le leibhéal ullmhachta digití na n-údarás um fhaireachas margaidh agus na leanaí agus a maoirseoirí, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún freisin i dtaca leis an Rialachán seo a leasú i ndáil leis an bhfaisnéis atá le háireamh sa phas táirge agus leis an bhfaisnéis atá le háireamh sa chlárlann le haghaidh pasanna táirge.

(70) Chun obair na n-údarás custaim i ndáil le bréagáin agus a gcomhlíontacht leis na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán seo a éascú, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca leis an Rialachán seo a fhorlíonadh tríd an bhfaisnéis bhreise atá stóráilte sa chlárlann atá le rialú ag údaráis chustaim a chinneadh, agus maidir le leasú a dhéanamh ar liosta na gcód tráchtearraí agus na dtuairiscí ar tháirgí atá le húsáid le haghaidh rialuithe custaim i gcomhréir leis an Rialachán seo ar bhonn Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[39].

(71) Ar ghlacadh gníomhartha tarmligthe faoin Rialachán seo, tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[40]. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile an tráth céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus tá rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

(72) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun na ceanglais theicniúla mhionsonraithe a bhunú le haghaidh an phas táirge do bhréagáin, agus chun a chinneadh cé acu a mheasfar nó nach measfar táirge sonrach nó grúpa táirgí mar bhréagán chun críocha an Rialacháin seo. I gcásanna eisceachtúla inar gá sin chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí nua atá ag teacht chun cinn agus nach dtugtar aghaidh orthu go hiomchuí leis na ceanglais sábháilteachta áirithe, ba cheart an Coimisiún a chumhachtú gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar amach bearta sonracha in aghaidh bréagán nó catagóirí bréagán a chuirtear ar fáil ar an margadh agus a bhfuil riosca ag baint leo do leanaí. Ba cheart na cumhachtaí sin a

[39] Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87 ón gComhairle an 23 Iúil 1987 maidir leis an ainmníocht taraife agus staidrimh agus leis an gComhtharaif Chustaim IO L 256, 7.9.1987, lch. 1.

[40] IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[41].

(73) Ba cheart go ndéanfadh na Ballstáit foráil maidir le pionóis a bheadh infheidhme maidir le sáruithe ar an Rialachán seo. Ba cheart go mbeadh na pionóis sin éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.

(74) Chun dóthain ama a thabhairt do mhonaróirí agus d'oibreoirí eacnamaíocha eile oiriúnú do na ceanglais a leagtar síos leis an Rialachán seo, is gá foráil a dhéanamh maidir le hidirthréimhse inar féidir bréagáin a chomhlíonann Treoir 2009/48/CE a chur ar an margadh. Ina theannta sin, ba cheart teorainn a chur leis an tréimhse ar lena linn a fhéadfar leanúint de bhréagáin atá curtha ar an margadh cheana i gcomhréir leis an Treoir sin a chur ar fáil ar an margadh tar éis chur i bhfeidhm an Rialacháin seo.

(75) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo, is é sin ardleibhéal sábháilteachta bréagán a áirithiú d'fhonn sláinte agus sábháilteacht leanaí a áirithiú agus feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh á ráthú an tráth céanna, a bhaint amach go leordhóthanach agus gur fearr, dá bhrí sin, de bharr a fhairsinge agus a éifeachtaí, gur féidir é a bhaint amach ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, mar a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a bhaint amach.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

## CAIBIDIL I

## FORÁLACHA GINEARÁLTA

### *Airteagal 1*

### ***Ábhar***

Leis an Rialachán seo, leagtar síos rialacha maidir le sábháilteacht bréagán, lena n-áirithítear leibhéal ard cosanta do shláinte agus sábháilteacht leanaí agus daoine eile, agus maidir le saorghluaiseacht bréagán san Aontas.

### *Airteagal 2*

### ***Raon feidhme***

1. Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir le táirgí atá deartha nó beartaithe, bídís go heisiach nó ná bídís, lena n-úsáid ag leanaí faoi bhun 14 bliana d'aois ('bréagáin').

Chun críocha an Rialacháin seo, measfar go bhfuil táirge beartaithe lena úsáid i súgradh ag leanaí faoi bhun 14 bliana d'aois, nó ag leanaí d'aoisghrúpa sonrach ar bith eile atá faoi bhun 14 bliana d'aois, i gcás inar féidir le tuismitheoir nó maoirseoir glacadh leis go réasúnta,

[41] Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

de bhua fheidhmeanna, ghnéithe agus shaintréithe an táirge sin, go bhfuil sé beartaithe é a úsáid i súgradh ag leanaí den aoisghrúpa ábhartha**.**

2. Níl feidhm ag an Rialachán seo maidir leis na táirgí a liostaítear in Iarscríbhinn I.

3. Cumhachtófar an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena gcinnfear cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann táirgí sonracha nó catagóirí táirgí na critéir a leagtar amach i mír 1 den Airteagal seo agus, dá bhrí sin, cé acu is féidir nó nach féidir a mheas gur bréagáin iad de réir bhrí an Rialacháin seo. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 50(2).

*Airteagal 3*

***Sainmhínithe***

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn 'cur ar fáil ar an margadh' bréagán a sholáthar lena dháileadh, lena thomhailt nó lena úsáid ar mhargadh an Aontais le linn gníomhaíocht tráchtála, bíodh sin ar íocaíocht nó saor in aisce;

(2) ciallaíonn 'cur ar an margadh' bréagán a chur ar fáil ar mhargadh an Aontais den chéad uair;

(3) ciallaíonn 'monaróir' aon duine nádúrtha nó dlítheanach a mhonaraíonn bréagán nó a dhéanann bréagán den sórt sin a dhearadh nó a mhonarú, agus a mhargaíonn an bréagán sin faoi ainm an duine sin nó faoi thrádmharc an duine sin;

(4) ciallaíonn 'gníomhaire ginearálta' duine nádúrtha nó dlítheanach atá bunaithe laistigh den Aontas a bhfuil sainordú i scríbhinn faighte aige ó mhonaróir gníomhú thar a cheann maidir le cúraimí sonraithe;

(5) ciallaíonn 'allmhaireoir' aon duine nádúrtha nó aon duine dlítheanach atá bunaithe laistigh den Aontas agus a chuireann bréagán ó thríú tír ar mhargadh an Aontais;

(6) ciallaíonn 'dáileoir' aon duine nádúrtha nó aon duine dlítheanach sa slabhra soláthair, seachas an monaróir nó an t-allmhaireoir, a chuireann bréagán ar fáil ar an margadh;

(7) Ciallaíonn 'soláthraí seirbhísí comhlíonta' soláthraí seirbhíse comhlíonta mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe 11, de Rialachán (AE) 2019/1020;

(8) ciallaíonn 'oibreoir eacnamaíoch' an monaróir, an gníomhaire ginearálta, an t-allmhaireoir, an dáileoir, agus an soláthraí seirbhíse comhlíonta;

(9) ciallaíonn 'margadh ar líne' margadh ar líne mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (14), de Rialachán (AE) 2023/988;

(10) ciallaíonn 'caighdeán comhchuibhithe' caighdeán comhchuibhithe mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (1), de Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012;

(11) ciallaíonn 'reachtaíocht an Aontais um chomhchuibhiú' reachtaíocht an Aontais a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1020 agus aon reachtaíocht eile de chuid an Aontais lena ndéantar na coinníollacha maidir le margú táirgí a chomhchuibhiú, ar táirgí iad a bhfuil feidhm ag an Rialachán sin ina leith;

(12) ciallaíonn 'marcáil CE' marcáil lena léiríonn an monaróir go bhfuil an bréagán i gcomhréir leis na ceanglais is infheidhme a leagtar amach i reachtaíocht an Aontais um chomhchuibhiú lena ndéantar foráil maidir lena greamú;

(13) ciallaíonn 'múnla bréagán' grúpa bréagán a chomhlíonann na coinníollacha seo a leanas:

(a) is é an monaróir céanna atá freagrach astu,

(b) tá dearadh agus saintréithe teicniúla aonfhoirmeacha acu,

(c) déantar iad a mhonarú trí ábhair agus próisis mhonaraíochta aonfhoirmeacha a úsáid,

(d) sainítear iad le huimhir chineáil nó le heilimint eile lenar féidir iad a shainaithint mar ghrúpa;

(14) ciallaíonn 'iompróir sonraí' siombail barrachóid línigh, siombail dhéthoiseach nó meán gabhála sonraí eile um shainaithint uathoibríoch is féidir a léamh le feiste;

(15) ciallaíonn 'aitheantóir táirge uathúil' teaghrán uathúil carachtar chun bréagáin a shainaithint lenar féidir nasc gréasáin a dhéanamh leis an bpas táirge;

(16) ciallaíonn 'aitheantóir oibreora uathúil' teaghrán uathúil carachtar chun gníomhaithe atá bainteach leis an slabhra luacha bréagán a shainaithint;

(17) ciallaíonn 'scaoileadh i saorchúrsaíocht' an nós imeachta custaim a leagtar síos in Airteagal 201 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013;

(18) ciallaíonn 'údaráis chustaim' údaráis chustaim mar a shainmhínítear in Airteagal 5, pointe (1), de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013;

(19) ciallaíonn 'Córas Malartaithe Deimhnithe an Ionaid Ilfhreastail AE maidir le Custam' an córas dá dtagraítear in Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2022/2399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[42];

(20) ciallaíonn 'measúnú comhréireachta' an próiseas lena léirítear cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh na ceanglais fhíor- riachtanacha maidir le bréagán;

(21) ciallaíonn 'comhlacht um measúnú comhréireachta' comhlacht a dhéanann gníomhaíochtaí um measúnú comhréireachta, lena n-áirítear calabrú, tástáil, deimhniú agus cigireacht;

(22) ciallaíonn 'creidiúnú' creidiúnú mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (10), de Rialachán (CE) Uimh. 765/2008;

(23) ciallaíonn 'comhlacht náisiúnta creidiúnaithe' comhlacht náisiúnta creidiúnaithe mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (11), de Rialachán (CE) Uimh. 765/2008;

(24) ciallaíonn 'guais' foinse fhéideartha díobhála;

(25) ciallaíonn 'riosca' an dóchúlacht go dtarlódh guais i gcomhcheangal lena thromchúisí a bheadh an díobháil a dhéantar leis an nguais sin;

42 Rialachán (AE) 2022/2399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Samhain 2022 lena mbunaítear Timpeallacht Ionaid Ilfhreastail an Aontais Eorpaigh maidir le Custam agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 (IO L 317, 9.12.2022, lch. 1).

(26) ciallaíonn ‘aisghairm’ aon bheart a bhfuil sé d’aidhm aige go bhfaighfear bréagán a cuireadh ar fáil don úsáideoir deiridh cheana féin ar ais;

(27) ciallaíonn ‘aistarraingt’ aon bheart a bhfuil sé d’aidhm aige cosc a chur ar bhréagán sa slabhra soláthair a chur ar fáil ar an margadh;

(28) Ciallaíonn ‘údarás um fhaireachas margaidh’ údarás um fhaireachas margaidh mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe 4, de Rialachán (AE) 2019/1020;

(29) ciallaíonn ‘bréagán feidhmiúil’ bréagán a fheidhmíonn ar an gcaoi chéanna le táirge, fearas nó suiteáil agus a úsáidtear ar an gcaoi chéanna le táirge, fearas nó suiteáil atá beartaithe lena úsáid ag daoine fásta, agus a d’fhéadfadh a bheith ina mhúnla scála den táirge, den fhearas nó den tsuiteáil sin;

(30) ciallaíonn ‘bréagán uisceach’ bréagán atá beartaithe lena úsáid in uisce éadomhain agus atá in ann leanbh a iompar san uisce nó tacú leis an leanbh sin;

(31) ciallaíonn ‘bréagán gníomhaíochta’ bréagán lena úsáid sa bhaile ina bhfanann an struchtúr tacaíochta ina stad le linn don ghníomhaíocht a bheith ar siúl agus atá beartaithe chun dreapadóireacht, léim, luascadh, sleamhnú, luascadh, guairneáil, lámhacán, gluaiseacht go mall, a dhéanamh nó aon teaglaim díobh sin a dhéanamh;

(32) ciallaíonn ‘bréagán ceimiceach’ bréagán atá beartaithe chun substaintí ceimiceacha agus meascáin cheimiceacha a láimhseáil go díreach;

(33) ciallaíonn ‘cluiche boird boltanach’ bréagán arb é is cuspóir dó cabhrú le leanbh foghlaim conas bolaithe nó blasanna difriúla a shainaithint;

(34) ciallaíonn ‘pacáiste cosmaideach’ bréagán arb é is cuspóir dó cabhrú le leanbh foghlaim conas táirgí cosmaideacha a dhéanamh amhail cumhráin, gallúnacha, uachtair, seampúnna, feabhsaitheoirí, cúir folctha, taois fiacla chomh maith le snasanna béil, béaldathanna agus smideadh eile;

(35) ciallaíonn ‘cluiche blastachta’ bréagán arb é is cuspóir dó ligean do leanaí milseáin nó miasa a dhéanamh trí chomhábhair bhia a úsáid, lena n-áirítear leachtanna, púdair agus dea- bholaithe;

(36) ciallaíonn ‘substaint ar údar imní í’ substaint ar údar imní í mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (28), de Rialachán (AE).../... [*maidir le Ceanglais Éicidhearthóireachta le haghaidh Táirgí Inbhuanaithe*].

*Airteagal 4*

***Saorghluaiseacht***

1. Ní dhéanfaidh na Ballstáit, ar chúiseanna a bhaineann le sláinte agus sábháilteacht nó ar ghnéithe eile a chumhdaítear leis an Rialachán seo, bac a chur ar bhréagáin a chomhlíonann an Rialachán seo a chur ar fáil ar an margadh.

2. Ag aontaí trádála, taispeántais agus léirithe nó imeachtaí comhchosúla, ní chuirfidh na Ballstáit cosc ar bhréagán nach gcomhlíonann an Rialachán seo a chur ar taispeáint, ar choinníoll go gcuirtear in iúl ar chomhartha soléite nach gcomhlíonann sé an Rialachán seo agus nach gcuirfear ar fáil ar an margadh é go dtí go mbeidh sé tugtha chun comhréireachta.

Le linn aontaí, taispeántas agus léirithe, déanfaidh oibreoirí eacnamaíocha bearta leordhóthanacha chun cosaint daoine a áirithiú.

*Airteagal 5*

***Na ceanglais maidir le táirge***

1. Ní chuirfear bréagáin ar an margadh ach amháin má chomhlíonann siad na ceanglais fhíor- riachtanacha sábháilteachta lena n-áirítear an ceanglas sábháilteachta a leagtar amach i mír 2 ('an ceanglas sábháilteachta ginearálta') agus na ceanglais sábháilteachta a leagtar amach in Iarscríbhinn II (na 'ceanglais sábháilteachta áirithe').

2. Ní bheidh riosca ag baint le bréagáin do shábháilteacht ná do shláinte úsáideoirí nó tríú páirtithe, lena n-áirítear sláinte shíceolaíoch agus mheabhrach, folláine agus forbairt chognaíoch leanaí, nuair a úsáidtear iad mar a bhí beartaithe nó ar bhealach intuartha, agus iompar leanaí á chur san áireamh.

   Agus measúnú á dhéanamh ar an riosca dá dtagraítear sa chéad fhomhír, cuirfear san áireamh cumas na n-úsáideoirí agus, i gcás inarb iomchuí, a gcuid maoirseoirí. I gcás ina mbeartaítear bréagán a úsáid ag leanaí faoi bhun 36 mhí nó ag aoisghrúpaí sonraithe eile, déanfar cumas na n-úsáideoirí san aoisghrúpa sonrach sin a chur san áireamh.

3. Comhlíonfaidh bréagáin a chuirtear ar an margadh na ceanglais fhíor- riachtanacha sábháilteachta le linn a dtréimhse úsáide intuartha.

*Airteagal 6*

***Rabhaidh***

1. I gcás inar gá chun a áirithiú go n-úsáidfear go sábháilte iad, beidh rabhadh ginearálta ar bhréagáin ina sonrófar teorainneacha iomchuí an úsáideora. Áireofar leis na teorainneacha úsáideora aois íosta nó uasta an úsáideora ar a laghad agus, i gcás inarb iomchuí, na cumais is gá don úsáideoir, meáchan uasta nó íosta an úsáideora agus an gá lena áirithiú nach n-úsáidfear an bréagán ach faoi mhaoirseacht dhuine fásta.

2. Beidh rabhaidh ar na catagóirí bréagán seo a leanas i gcomhréir leis na rialacha maidir le gach catagóir a leagtar amach in Iarscríbhinn III:

   (a) bréagáin nach bhfuil beartaithe lena n-úsáid ag leanaí faoi bhun 36 mhí;

   (b) bréagáin ghníomhaíochta;

   (c) bréagáin fheidhmiúla;

   (d) bréagáin cheimiceacha;

   (e) scátálaí, scátaí rollála, scátaí inlíne, cláir scátála, scútair agus rothair bréagán;

   (f) bréagáin uisceacha;

   (g) bréagáin i mbia;

   (h) aithrisí ar mhaisc agus clogaid chosanta;

   (i) bréagáin atá beartaithe le bheith sreangaithe trasna cliabháin nó naíchóiste trí shreangáin, cordaí, leaisticí nó strapaí;

   (j) pacáistíocht le haghaidh cumhrán i gcluichí boird boltanacha, pacáistí cosmaideacha agus cluichí blastachta.

Ní bheidh ceann amháin nó níos mó de na rabhaidh a leagtar amach in Iarscríbhinn III ar bhréagáin i gcás ina mbeidh na rabhaidh sin i gcoinbhleacht le húsáid bheartaithe an bhréagáin, arna chinneadh de bhua a fheidhme, a thoise agus a shaintréithe.

3. Déanfaidh an monaróir rabhaidh a mharcáil ar bhealach atá infheicthe go soiléir, soléite, intuigthe agus cruinn ar an mbréagán, ar lipéad greamaithe nó ar an bpacáistíocht agus, más iomchuí, ar na treoracha úsáide a ghabhann leis an mbréagán. Beidh rabhaidh iomchuí greamaithe de bhréagáin bheaga a dhíoltar gan phacáistíocht.

Beidh rabhaidh infheicthe go soiléir ag an tomhaltóir roimh an gceannach, lena n-áirítear i gcásanna ina ndéantar an ceannach trí chiandíolacháin. Beidh rabhaidh ar mhéid leordhóthanach chun a n-infheictheacht a áirithiú.

4. Ar lipéid agus treoracha úsáide, tarraingeofar aird na leanaí nó a maoirseoirí ar na guaiseacha agus na rioscaí bunúsacha do shláinte agus do shábháilteacht leanaí a bhfuil baint acu le húsáid na mbréagán, agus ar na bealaí chun guaiseacha agus rioscaí den sórt sin a sheachaint.

## CAIBIDIL II

## OIBLEAGÁIDÍ OIBREOIRÍ EACNAMAÍOCHA

*Airteagal 7*

***Oibleagáidí monaróirí***

1. Agus bréagáin á gcur ar an margadh acu, áiritheoidh monaróirí gur dearadh agus gur monaraíodh iad i gcomhréir leis na ceanglais fhíor- riachtanacha sábháilteachta.

2. Sula ndéanann siad bréagáin a chur ar an margadh, tarraingeoidh monaróirí suas an doiciméadacht theicniúil a cheanglaítear i gcomhréir le hAirteagal 23 agus déanfaidh siad an nós imeachta um measúnú comhréireachta is infheidhme i gcomhréir le hAirteagal 22 nó socróidh siad go ndéanfar é.

I gcás inar léiríodh leis an nós imeachta dá dtagraítear sa chéad fhomhír go gcomhlíonann bréagán na ceanglais is infheidhme a leagtar síos sa Rialachán seo, déanfaidh monaróirí, sula gcuirfear an bréagán ar an margadh an méid seo a leanas:

(a) pas táirge a chruthú don bhréagán i gcomhréir le hAirteagal 17;

(b) an t-iompróir sonraí a ghreamú den bhréagán nó de lipéad atá ceangailte den bhréagán, i gcomhréir le hAirteagal 17(5);

(c) marcáil CE a ghreamú i gcomhréir le hAirteagal 16(1);

(d) an t-aitheantóir uathúil táirge agus aitheantóir uathúil oibreora an bhréagáin sa chlárlann le haghaidh pasanna táirge dá dtagraítear in Airteagal 19(1) a uaslódáil, chomh maith le haon fhaisnéis bhreise eile a chinnfear le gníomh tarmligthe arna ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 46(2).

3. Coimeádfaidh monaróirí an doiciméadacht theicniúil agus an pas táirge go ceann tréimhse 10 mbliana tar éis don bhréagán, a chumhdaítear faoin doiciméadacht agus faoin bpas táirge sin, a bheith curtha ar an margadh.

4. Áiritheoidh monaróirí go mbeidh nósanna imeachta atá i bhfeidhm le haghaidh bréagáin atá ina gcuid de tháirgeadh sraithe chun leanúint de bheith i gcomhréir leis an Rialachán seo. Athruithe ar dhearadh nó ar shaintréithe bréagán, agus athruithe ar na caighdeáin chomhchuibhithe dá dtagraítear in Airteagal 13 nó ar na sonraíochtaí coiteanna dá dtagraítear in Airteagal 14 trína ndéantar comhréireacht bréagán a dhearbhú nó ar trína gcur i bhfeidhm a fhíoraítear a chomhréireacht; cuirfear san áireamh go leordhóthanach iad.

I gcás ina measfaidh monaróirí, maidir leis na rioscaí a bhaineann le bréagán, gur gá sin chun sláinte agus sábháilteacht tomhaltóirí a chosaint, déanfaidh monaróirí tástáil shamplach ar bhréagáin mhargaithe.

5. Áiritheoidh monaróirí go mbeidh uimhir chineáil, baiscuimhir, sraithuimhir nó uimhir mhúnla ar a mbréagáin nó go mbeidh eilimint eile orthu lenar féidir iad a shainaithint, nó, i gcás nach féidir sin a dhéanamh de dheasca mhéid nó chineál an bhréagáin, go soláthrófar an fhaisnéis riachtanach ar phacáistíocht an bhréagáin nó i ndoiciméad a ghabhann leis an mbréagán.

6. Is éard a léireoidh monaróirí ar an mbréagán, a n-ainm nó a dtrádainm cláraithe nó a dtrádmharc cláraithe, agus a seoladh poist agus a seoladh leictreonach teagmhála, nó i gcás nach féidir é sin a dhéanamh, is ar an bpacáistíocht nó i ndoiciméad a ghabhann leis an mbréagán a léireofar iad. Léireoidh monaróirí pointe aonair ag ar féidir dul i dteagmháil leo.

7. Áiritheoidh monaróirí go bhfuil treoracha agus faisnéis ag gabháil leis an mbréagán i dteanga nó i dteangacha atá sothuigthe do thomhaltóirí agus d'úsáideoirí deiridh eile, mar a chinnfidh an Ballstát lena mbaineann. Beidh na treoracha agus an fhaisnéis sin soiléir, intuigthe agus inléite.

8. I gcás ina measann monaróirí, nó ina bhfuil cúis chun a chreidiúint, nach gcomhlíonann bréagán atá curtha ar an margadh acu an Rialachán seo, déanfaidh siad na bearta ceartaitheacha is gá láithreach chun an bréagán sin a thabhairt chun comhréireachta, chun é a tharraingt siar nó chun é a aisghairm, de réir mar is iomchuí.

I gcás ina measann monaróirí, nó ina bhfuil cúis acu a chreidiúint, go bhfuil riosca ag baint leis an mbréagán, cuirfidh siad faisnéis ina leith ar fáil láithreach don mhéid seo a leanas:

(a) údaráis um fhaireachas margaidh na mBallstát ina bhfuil an bréagán curtha ar fáil acu, tríd an Tairseach Ghnó um Fholáireamh maidir le Sábháilteacht Táirgí dá dtagraítear in Airteagal 26 de Rialachán (AE) 2023/988, lena dtugtar mionsonraí, go háirithe, faoi aon neamhchomhlíontacht agus faoi aon bheart ceartaitheach a rinneadh; agus

(b) na tomhaltóirí nó na húsáideoirí deiridh eile, i gcomhréir le hAirteagal 35 nó 36 de Rialachán (AE) 2023/988, nó iad araon.

9. Mar thoradh ar iarraidh réasúnaithe ó údarás náisiúnta inniúil, cuirfidh monaróirí an fhaisnéis agus an doiciméadacht uile is gá chun comhréireacht an bhréagáin a léiriú ar fáil dó, i dteanga atá sothuigthe don údarás sin. Oibreoidh siad i gcomhar leis an údarás sin, arna iarraidh sin dó, a mhéid a bhaineann le gníomhaíocht ar bith a dhéanfar chun na rioscaí a bhaineann le bréagáin atá curtha ar an margadh acu a dhíothú.

10. Áiritheoidh monaróirí go ndéanfar oibreoirí eacnamaíocha eile, an t-oibreoir eacnamaíoch dá dtagraítear in Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) 2019/1020, agus margaí ar líne, sa slabhra soláthair lena mbaineann, a choinneáil ar an eolas go tráthúil faoi aon neamh- chomhréireacht atá sainaitheanta ag na monaróirí.

11. Déanfaidh monaróirí uimhir theileafóin, seoladh leictreonach, roinn ar leith dá suíomh gréasáin nó cainéal cumarsáide eile a chur ar fáil go poiblí, rud a chuirfidh ar chumas tomhaltóirí nó úsáideoirí deiridh eile gearáin a dhéanamh maidir le sábháilteacht bréagán agus chun na monaróirí a chur ar an eolas faoi aon tionóisc nó saincheist sábháilteachta a bhí acu le bréagáin den sórt sin. Ar an mbealach sin, déanfaidh na monaróirí na riachtanais inrochtaineachta atá ag daoine faoi mhíchumas a chur san áireamh.

12. Imscrúdóidh monaróirí gearáin agus faisnéis dá dtagraítear i mír 11 agus coimeádfaidh siad clár inmheánach de na gearáin sin agus den fhaisnéis sin, chomh maith le haisghairmeacha agus aon bheart ceartaitheach eile a rinneadh chun na bréagáin a chur i gcomhréir leis an Rialachán seo.

13. Ní bheidh sa chlár inmheánach dá dtagraítear i mír 12 ach sonraí pearsanta atá riachtanach chun go ndéanfaidh an monaróir imscrúdú ar an ngearán nó ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i mír 11. Ní choinneofar sonraí den sórt sin ach chomh fada agus is gá chun críocha an imscrúdaithe agus, in aon chás, go ceann tréimhse nach faide ná 5 bliana tar éis iontráil na sonraí sa chlár.

*Airteagal 8*

***Gníomhairí ginearálta***

1. Féadfaidh an monaróir ionadaí údaraithe a cheapadh trí shainordú i scríbhinn.

2. Ní bheidh na hoibleagáidí a leagtar síos in Airteagal 7(1) ná an oibleagáid doiciméadacht theicniúil a tharraingt suas dá dtagraítear in Airteagal 7(2) mar chuid de shainordú an ghníomhaire ghinearálta.

3. Feidhmeoidh gníomhaire ginearálta na cúraimí arna sonrú sa sainordú a gheofar ón monaróir agus cuirfidh sé cóip den sainordú ar fáil do na húdaráis um fhaireachas margaidh arna iarraidh sin dóibh. Ceadófar leis an sainordú don ghníomhaire ginearálta na nithe seo a leanas a dhéanamh ar a laghad:

(a) an doiciméadacht theicniúil a choinneáil ar fáil do na húdaráis faireachais margaidh náisiúnta agus a áirithiú go mbeidh an pas táirge ar fáil, i gcomhréir le hAirteagal 17(2), go ceann tréimhse 10 mbliana tar éis an bréagán a chumhdaítear leis na doiciméid sin a chur ar an margadh;

(b) tar éis dó iarraidh réasúnaithe a fháil ó údarás náisiúnta inniúil, an fhaisnéis agus an doiciméadacht uile is gá a chur ar fáil don údarás sin chun comhréireacht bréagáin a léiriú;

(c) comhoibriú leis na húdaráis náisiúnta inniúla, arna iarraidh sin dóibh, maidir le haon bheart a dhéanfar chun deireadh a chur leis na rioscaí a bhaineann le bréagáin a chumhdaítear leis an sainordú.

4. I gcás ina gceapfaidh monaróir nach bhfuil bunaithe san Aontas gníomhaire ginearálta dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, áireofar sa sainordú i scríbhinn na cúraimí a leagtar amach in Airteagal 4(3) de Rialachán (AE) 2019/1020.

*Airteagal 9*

***Oibleagáidí allmhaireoirí***

1. Ní chuirfidh allmhaireoirí ar an margadh ach bréagáin a chomhlíonann an Rialachán seo.

2. Sula ndéanann siad bréagáin a chur ar an margadh, áiritheoidh allmhaireoirí na nithe seo a leanas:

   (a) gur chuir an monaróir an nós imeachta iomchuí um measúnú comhréireachta i gcrích agus gur tharraing sé suas an doiciméadacht theicniúil dá dtagraítear in Airteagal 7(2);

   (b) go bhfuil treoracha úsáide agus faisnéise sábháilteachta i gcomhréir le hAirteagal 7(7) ag gabháil leis an mbréagán i dteanga nó i dteangacha atá sothuigthe do thomhaltóirí nó d'úsáideoirí deiridh eile, arna cinneadh ag an mBallstát lena mbaineann;

   (c) gur chruthaigh an monaróir pas táirge don bhréagán i gcomhréir le hAirteagal 7(2);

   (d) go bhfuil iompróir sonraí ar an mbréagán i gcomhréir le hAirteagal 17(5);

   (e) gur áiríodh an fhaisnéis ábhartha sa phas táirge sa chlárlann le haghaidh pasanna táirge i gcomhréir le hAirteagal 19(1);

   (f) go bhfuil an mharcáil CE ar an mbréagán i gcomhréir le hAirteagal 16;

   (g) gur chomhlíon an monaróir na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagal 7(5) agus (6).

   I gcás ina measann allmhaireoirí, nó ina bhfuil cúis acu a chreidiúint, nach bhfuil táirge i gcomhréir leis na ceanglais fhíor- riachtanacha sábháilteachta, ní chuirfidh siad an bréagán ar an margadh go dtí go mbeidh sé tugtha chun comhréireachta.

   I gcás ina measann allmhaireoirí, nó ina bhfuil cúis acu a chreidiúint, go bhfuil riosca ag baint leis an mbréagán, cuirfidh siad faisnéis ina leith ar fáil láithreach don mhéid seo a leanas:

   (a) an monaróir;

   (b) na húdaráis um fhaireachas margaidh tríd an Tairseach Ghnó um Fholáireamh maidir le Sábháilteacht Táirgí dá dtagraítear in Airteagal 26 de Rialachán (AE) 2023/988;

   (c) tomhaltóirí nó úsáideoirí deiridh eile, i gcomhréir le hAirteagal 35 nó 36 de Rialachán (AE) 2023/988, nó iad araon.

3. Is éard a léireoidh allmhaireoirí ar an táirge, a n-ainm nó a dtrádainm cláraithe nó a dtrádmharc cláraithe, agus a seoladh poist agus a seoladh leictreonach teagmhála, nó i gcás nach féidir é sin a dhéanamh, is ar an bpacáistíocht nó i ndoiciméad a ghabhann leis an mbréagán a léireofar iad.

4. Áiritheoidh allmhaireoirí, fad a bheidh bréagán faoina bhfreagracht, nach ndéanfaidh a ndálaí stórála ná iompair comhlíonadh na gceanglas fíor- riachtanach sábháilteachta a chur i mbaol.

5. I gcás ina measann allmhaireoirí, maidir leis na rioscaí a bhaineann le bréagán, gur gá sin chun sláinte agus sábháilteacht tomhaltóirí nó úsáideoirí deiridh eile a chosaint, déanfaidh siad tástáil shamplach ar bhréagáin arna margú.

6. I gcás ina measann allmhaireoirí, nó ina bhfuil cúis acu a chreidiúint, nach bhfuil bréagán atá curtha ar an margadh acu i gcomhréir le reachtaíocht ábhartha an Aontais um chomhchuibhiú, déanfaidh siad na bearta ceartaitheacha is gá láithreach chun an bréagán sin a thabhairt chun comhréireachta, chun é a tharraingt siar nó chun é a aisghairm, de réir mar is iomchuí.

I gcás ina measann allmhaireoirí, nó ina bhfuil cúis acu a chreidiúint, go bhfuil riosca do shláinte agus do shábháilteacht tomhaltóirí agus úsáideoirí deiridh eile ag baint le bréagán atá curtha ar an margadh acu, cuirfidh siad údaráis náisiúnta inniúla na mBallstát inar chuir siad an bréagán ar fáil ar an eolas láithreach chuige sin, agus tabharfaidh siad mionsonraí, go háirithe, faoin neamhchomhlíontacht agus faoi aon bheart ceartaitheach a rinneadh.

7. Coinneoidh allmhaireoirí, go ceann tréimhse 10 mbliana tar éis an bréagán a chur ar an margadh, aitheantóir uathúil táirge an bhréagáin ar fáil do na húdaráis um fhaireachas margaidh agus áiritheoidh siad gur féidir an doiciméadacht theicniúil dá dtagraítear in Airteagal 23 a chur ar fáil do na húdaráis sin, arna iarraidh sin dóibh.

8. Mar thoradh ar iarraidh réasúnaithe ó údarás náisiúnta inniúil, cuirfidh monaróirí an fhaisnéis agus an doiciméadacht uile is gá chun comhréireacht an bhréagáin a léiriú ar fáil dó, i dteanga atá sothuigthe don údarás sin. Oibreoidh siad i gcomhar leis an údarás sin, arna iarraidh sin dó, a mhéid a bhaineann le gníomhaíocht ar bith a dhéanfar chun na rioscaí a bhaineann le bréagáin atá curtha ar an margadh acu a dhíothú.

9. Fíoróidh allmhaireoirí cé acu a rinne nó nach ndearna an monaróir cainéal cumarsáide dá dtagraítear in Airteagal 7(11) a chur ar fáil go poiblí do thomhaltóirí nó d'úsáideoirí deiridh eile, rud a chuirfidh ar a gcumas gearáin a dhéanamh maidir le sábháilteacht bréagán agus faisnéis a chur ar fáil maidir le haon timpiste nó saincheist sábháilteachta a bhí acu leis an mbréagán. Mura bhfuil cainéal cumarsáide ar fáil, déanfaidh allmhaireoirí foráil maidir le cainéal den sórt sin, agus riachtanais inrochtaineachta do dhaoine faoi mhíchumas á gcur san áireamh.

10. Imscrúdóidh allmhaireoirí gearáin agus faisnéis dá dtagraítear i mír 9 den Airteagal seo a fuair siad trí chainéal cumarsáide a chuir an monaróir ar fáil, nó trí bhealach cumarsáide a chuirfidh na hallmhaireoirí féin ar fáil, agus a bhaineann leis na bréagáin a chuir siad ar fáil ar an margadh. Comhdóidh allmhaireoirí na gearáin sin, chomh maith le haisghairmeacha agus aon bheart ceartaitheach eile a dhéanfar chun na bréagáin a chur i gcomhréir leis an Rialachán seo, sa chlár dá dtagraítear in Airteagal 7(12), nó ina gclár inmheánach féin.

Coimeádfaidh na hallmhaireoirí an monaróir, na dáileoirí agus, i gcás inarb ábhartha, margaí ar líne ar an eolas go tráthúil faoin imscrúdú a rinneadh agus faoi thorthaí an imscrúdaithe.

11. Ní bheidh sna sonraí pearsanta atá i gclár inmheánach na n-allmhaireoirí dá dtagraítear i mír 10 ach na sonraí pearsanta sin atá riachtanach chun go bhféadfaidh an t-allmhaireoir an gearán nó an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 9 a imscrúdú. Ní choinneofar sonraí den sórt sin ach chomh fada agus is gá chun críocha an imscrúdaithe agus, in aon chás, go ceann tréimhse nach faide ná 5 bliana tar éis iontráil na sonraí sa chlár.

*Airteagal 10*

***Oibleagáidí dáileoirí***

1. Ar bhréagán a chur ar fáil ar an margadh dóibh, gníomhóidh dáileoirí le cúram cuí i ndáil le ceanglais an Rialacháin seo.

2. Sula gcuirfear bréagán ar fáil ar an margadh, fíoróidh dáileoirí gur comhlíonadh na coinníollacha seo a leanas:

(a) áiritheoidh na monaróirí go bhfuil treoracha agus faisnéis sábháilteachta ag gabháil leis an mbréagán i dteanga nó i dteangacha atá sothuigthe do thomhaltóirí, de réir mar a chinneann an Ballstát ina gcuirtear an mbréagán ar fáil ar an margadh;

(b) go bhfuil iompróir sonraí ar an mbréagán i gcomhréir le hAirteagal 17(5)agus marcáil CE a chur leis i gcomhréir le hAirteagal 16 agus

(c) gur chomhlíon an monaróir agus an t-allmhaireoir na ceanglais a leagtar amach dara fomhír d'Airteagal 7(2), in Airteagal 7(5), (6) agus (11) agus in Airteagal 9(3) faoi seach.

I gcás ina measann dáileoirí, nó ina bhfuil cúis acu a chreidiúint, nach bhfuil táirge i gcomhréir leis na ceanglais fhíor- riachtanacha sábháilteachta, ní chuirfidh siad an bréagán ar fáil ar an margadh go dtí go mbeidh sé tugtha chun comhréireachta.

I gcás ina measann dáileoirí, nó ina bhfuil cúis acu a chreidiúint, go bhfuil riosca ag baint leis an bréagán, cuirfidh siad faisnéis ina leith ar fáil láithreach don mhéid seo a leanas:

(a) an monaróir nó an t-allmhaireoir;

(b) na húdaráis um fhaireachas margaidh tríd an Tairseach Ghnó um Fholáireamh maidir le Sábháilteacht Táirgí dá dtagraítear in Airteagal 26 de Rialachán (AE) 2023/988;

(c) tomhaltóirí nó úsáideoirí deiridh eile, i gcomhréir le hAirteagal 35 nó 36 de Rialachán (AE) 2023/988, nó iad araon.

3. Áiritheoidh dáileoirí, fad atá bréagán faoina bhfreagracht, nach gcuireann dálaí stórála ná iompair a chomhlíontacht leis na ceanglais fhíor- riachtanacha sábháilteachta i mbaol.

4. I gcás ina measann dáileoirí, nó ina bhfuil cúis acu a chreidiúint, nach bhfuil táirge atá curtha ar fáil ar an margadh acu i gcomhréir leis an Rialachán seo, áiritheoidh siad go ndéanfar na bearta ceartaitheacha is gá chun an bréagán sin a thabhairt chun comhréireachta, chun é a tharraingt siar nó chun é a aisghairm, más iomchuí.

I gcás ina measann dáileoirí, nó ina bhfuil cúis acu a chreidiúint, go bhfuil riosca ag baint le bréagán atá curtha ar fáil ar an margadh acu, cuirfidh siad údaráis um fhaireachas margaidh na mBallstát inar chuir siad an bréagán ar fáil ar an eolas láithreach ina thaobh sin, agus tabharfaidh siad mionsonraí, go háirithe, faoin neamhchomhlíontacht agus faoi aon bheart ceartaitheach a rinneadh.

5. Mar thoradh ar iarraidh réasúnaithe ó údarás náisiúnta inniúil, cuirfidh monaróirí an fhaisnéis agus an doiciméadacht uile is gá chun comhréireacht an bhréagáin a léiriú ar fáil dó, i dteanga atá sothuigthe don údarás sin. Oibreoidh siad i gcomhar leis an údarás sin, arna iarraidh sin dó, a mhéid a bhaineann le gníomhaíocht ar bith a

dhéanfar chun na rioscaí a bhaineann le bréagáin atá curtha ar fáil ar an margadh acu a dhíothú.

*Airteagal 11*

***Cásanna ina bhfuil feidhm ag oibleagáidí monaróirí maidir le hallmhaireoirí agus dáileoirí***

Measfar allmhaireoir nó dáileoir a bheith ina mhonaróir chun críocha an Rialacháin seo agus beidh sé faoi réir oibleagáidí an mhonaróra faoi Airteagal 7 i gcás ina gcuirfidh an t-allmhaireoir nó an dáileoir sin bréagán ar an margadh faoina ainm nó faoina thrádmharc, nó i gcás ina modhnaíonn sé bréagán atá curtha ar an margadh cheana féin ar bhealach a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do chomhlíonadh cheanglais is infheidhme an Rialacháin seo.

*Airteagal 12*

***Oibreoirí eacnamaíocha a shainaithint***

1. Déanfaidh oibreoirí eacnamaíocha, arna iarraidh sin, an méid seo a leanas a shainaithint do na húdaráis um fhaireachas margaidh:

   (a) aon oibreoir eacnamaíoch a sholáthair bréagán dóibh;

   (b) aon oibreoir eacnamaíoch ar sholáthair siad bréagán dó.

2. Beidh oibreoirí eacnamaíocha in ann an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 a thíolacadh go ceann tréimhse 10 mbliana tar éis an bréagán a chur ar an margadh, i gcás an mhonaróra, agus go ceann tréimhse 10 mbliana tar éis an bréagán a bheith soláthraithe dóibh, i gcás oibreoirí eacnamaíocha eile.

# CAIBIDIL III

# COMHRÉIREACHT BRÉAGÁN

*Airteagal 13*

***Toimhde na comhréireachta***

Bréagáin atá i gcomhréir leis na caighdeáin chomhchuibhithe nó codanna díobh, ar foilsíodh a dtagairtí in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, measfar go bhfuil siad i gcomhréir leis na ceanglais fhíor- riachtanacha sábháilteachta a mhéid a chumhdaítear na ceanglais sin leis na caighdeáin sin nó le codanna díobh.

*Airteagal 14*

***Sonraíochtaí coiteanna***

1. Measfar go bhfuil bréagáin atá i gcomhréir leis na sonraíochtaí coiteanna dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo, nó le codanna díobh, i gcomhréir leis na ceanglais fhíor- riachtanacha sábháilteachta a mhéid a chumhdaítear na ceanglais sin leis na sonraíochtaí coiteanna sin nó le codanna díobh.

2. Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, sonraíochtaí coiteanna a bhunú do na ceanglais fhíor- riachtanacha sábháilteachta i gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas:

(a) níl aon chaighdeán comhchuibhithe ann a chumhdaíonn na ceanglais sin, a bhfoilsítear an tagairt dóibh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh, nó ní chomhlíonann an caighdeán na ceanglais a bhfuil sé d'aidhm aige iad a chumhdach;

(b) d'iarr an Coimisiún, de bhun Airteagal 10(1) de Rialachán 1025/2012, ar cheann amháin nó níos mó de na heagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú caighdeáin Eorpacha do na ceanglais sin a dhréachtú nó a athbhreithniú agus go gcomhlíontar ceachtar de na coinníollacha seo a leanas:

(1) níor ghlac aon cheann de na heagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú, ag ar cuireadh an iarraidh, leis an iarraidh;

(2) ghlac ar a laghad ceann amháin de na heagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú, ag ar cuireadh an iarraidh, leis an iarraidh, ach maidir leis na caighdeáin Eorpacha arna n-iarraidh:

(a) níor glacadh leo laistigh den sprioc- am a leagadh síos san iarraidh;

(b) ní chomhlíonann siad an iarraidh; nó

(c) ní chomhlíonann siad na ceanglais a bhfuil sé d'aidhm acu iad a chumhdach.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 50(3).

3. Nuair a fhoilsítear tagairtí do chaighdeán comhchuibhithe in Iris Oifigiúil *an Aontais Eorpaigh*, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an ngá na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo lena gcumhdaítear an ceanglas fíor- riachtanach sábháilteachta céanna a aisghairm nó a leasú.

*Airteagal 15*

***Prionsabail ghinearálta maidir le marcáil CE***

Beidh marcáil CE ar na bréagáin a chuirfear ar fáil ar an margadh.

Beidh marcáil CE faoi réir na bprionsabal ginearálta a leagtar amach in Airteagal 30 de Rialachán (CE) Uimh. 765/2008.

*Airteagal 16*

***Rialacha agus coinníollacha maidir le marcáil CE a ghreamú***

1. Déanfar an mharcáil CE a ghreamú den bhréagán go feiceálach, go soléite agus go doscriosta nó déanfar é a ghreamú de lipéad a bheidh ag gabháil leis an mbréagán.

De mhaolú ar an gcéad fhomhír, i gcás bréagáin bheaga agus bréagáin ina bhfuil codanna beaga, féadfar an mharcáil CE a ghreamú de bhileog a ghabhann leis an mbréagán.

De mhaolú ar an gcéad fhomhír, i gcás bréagáin a dhíoltar i dtaispeántais cuntair nach féidir go teicniúil marcáil CE a ghreamú de gach bréagán aonair ann, féadfar an mharcáil CE a ghreamú den taispeántas cuntair ar an gcoinníoll gur úsáideadh an taispeántas cuntair ar dtús mar phacáistíocht don bhréagán.

I gcás nach bhfuil an mharcáil CE atá greamaithe den bhréagán infheicthe ón taobh amuigh den phacáistíocht, greamófar ar an bpacáistíocht í freisin.

2. Greamófar an mharcáil CE sula gcuirfear an bréagán ar an margadh.

3. Déanfar picteagram nó aon rabhadh eile lena léirítear riosca nó úsáid speisialta a chur i ndiaidh na marcála CE, i gcás inarb infheidhme i gcomhréir le hAirteagal 6.

4. Cuirfidh na Ballstáit le sásraí atá ann cheana chun a áirithiú go bhfeidhmeofar an réimeas lena rialaítear an mharcáil CE i gceart agus déanfaidh siad gníomhaíocht iomchuí i gcás go mbainfear úsáid mhíchuí as an marcáil sin.

## *CAIBIDIL IV*
## PAS TÁIRGE

*Airteagal 17*

***Pas táirge***

1. Sula gcuirfidh siad bréagán ar an margadh, cruthóidh monaróirí pas táirge don bhréagán sin. Comhlíonfaidh an pas táirge na ceanglais a leagtar síos san Airteagal seo agus in Airteagal 18.

2. Déanfaidh an pas táirge an méid seo a leanas:

(a) comhfhreagróidh sé do mhúnla sonrach bréagáin;

(b) luafar ann gur léiríodh go gcomhlíonann an bréagán na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán seo agus, go háirithe, na ceanglais fhíor- riachtanacha sábháilteachta;

(c) beidh an fhaisnéis a leagtar amach i gCuid I d’Iarscríbhinn VI ann;

(d) go mbeidh sé cothrom le dáta;

(e) beidh sé ar fáil sa teanga nó sna teangacha a éilíonn an Ballstát ina gcuirtear an bréagán ar fáil ar an margadh;

(f) beidh sé inrochtana d’úsáideoirí deiridh, d’údaráis um fhaireachas margaidh, d’údaráis chustaim, do chomhlachtaí faoina dtugtar fógra, don Choimisiún agus d’oibreoirí eacnamaíocha eile;

(g) beidh sé ar fáil go ceann tréimhse 10 mbliana tar éis an bréagán a chur ar an margadh, i gcásanna freisin de dhócmhainneacht, leachtú nó scor de ghníomhaíocht san Aontas de chuid an oibreora eacnamaíoch a chruthaigh an pas táirge;

(h) beidh sé inrochtana trí iompróir sonraí;

(i) comhlíonfaidh sé na ceanglais shonracha agus theicniúla a leagtar síos de bhun mhír 10.

3. I dteannta na faisnéise dá dtagraítear i mír 2, féadfaidh an fhaisnéis a leagtar amach i gCuid II d’Iarscríbhinn VI a bheith sa phas táirge.

4. Tríd an bpas táirge a chruthú, glacfaidh an monaróir freagracht air féin maidir le comhlíonadh an Rialacháin seo ag an mbréagán.

5. Beidh an t-iompróir sonraí i láthair go fisiciúil ar an mbréagán nó ar lipéad a bheidh ceangailte den bhréagán, i gcomhréir leis an ngníomh cur chun feidhme arna ghlacadh i gcomhréir le mír 10. I gcás bréagáin bheaga agus bréagáin ina bhfuil codanna beaga, féadfar an t-iompróir sonraí a ghreamú dá phacáistíocht mar mhalairt rogha. Beidh sé le feiceáil go soiléir don tomhaltóir roimh aon cheannachán agus do

na húdaráis um fhaireachas margaidh, lena n-áirítear i gcásanna ina gcuirtear an bréagán ar fáil trí chiandíolacháin.

6. I gcás ina gceanglaítear le reachtaíocht eile an Aontais go mbeidh faisnéis faoin mbréagán ar fáil trí mheán iompróir sonraí, úsáidfear iompróir aonair sonraí chun an fhaisnéis a cheanglaítear faoin Rialachán seo agus faoi reachtaíocht eile an Aontais den sórt sin a sholáthar.

7. I gcás ina gceanglaítear pas táirge le reachtaíocht eile de chuid an Aontais a bhfuil feidhm aici maidir le bréagáin, cruthófar pas táirge aonair le haghaidh bréagáin ina bhfuil an fhaisnéis a cheanglaítear faoin Rialachán seo chomh maith le faisnéis eile a cheanglaítear le haghaidh an phas táirge leis an reachtaíocht eile sin de chuid an Aontais.

8. De mhaolú ar mhír 2, pointe (c), i gcás ina mbunófar ceanglais faisnéise a bhaineann le substaintí ar údar imní iad i mbréagáin i ngníomh tarmligthe arna ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 4 de Rialachán.../... [Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach: an Rialachán maidir leis an Éicidhearthóireacht le haghaidh Táirgí Inbhuanaithe], níl gá a thuilleadh leis an bhfaisnéis dá dtagraítear i gCuid I, pointe (k), d'Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an Rialachán seo.

9. De bhreis ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i míreanna 6 agus 7, féadfaidh oibreoirí eacnamaíocha faisnéis eile a chur ar fáil tríd an iompróir sonraí dá dtagraítear i mír 5. I gcás inarb amhlaidh sin, déanfar an fhaisnéis sin a dheighilt go soiléir ón bhfaisnéis a cheanglaítear faoin Rialachán seo agus, i gcás inarb ábhartha, faoi reachtaíocht eile an Aontais.

10. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena gcinnfear na ceanglais shonracha agus theicniúla a bhaineann leis an bpas táirge maidir le bréagáin. Leis an gceanglas seo cumhdófar na nithe seo a leanas go háirithe:

(a) na cineálacha iompróra sonraí atá le húsáid;

(b) an leagan amach ina gcuirfear an t-iompróir sonraí i láthair agus a shuíomh;

(c) eilimintí teicniúla an phas a n-úsáidfear caighdeáin shainithe Eorpacha nó idirnáisiúnta ina leith;

(d) na gníomhaithe a fhéadfaidh an fhaisnéis a thabhairt isteach nó a thabhairt cothrom le dáta sa phas táirge, lena n-áirítear, i gcás inar gá, pas táirge nua a chruthú, lena n-áirítear monaróirí, comhlachtaí faoina dtugtar fógra, údaráis náisiúnta inniúla, agus an Coimisiún, nó aon eagraíocht atá ag gníomhú thar a gceann, agus na cineálacha faisnéise a fhéadfaidh siad a thabhairt isteach nó a thabhairt cothrom le dáta.

Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 50(3).

*Airteagal 18*

***Dearadh teicniúil agus oibriú an phas táirge***

1. Beidh an pas táirge go hiomlán idir- inoibritheach le pasanna táirge a cheanglaítear le reachtaíocht eile an Aontais i ndáil leis na gnéithe teicniúla, séimeantacha agus eagraíochtúla a bhaineann le cumarsáid agus le haistriú sonraí ó cheann go ceann.

2. Beidh an fhaisnéis uile a bheidh sa phas táirge bunaithe ar chaighdeáin oscailte arna bhforbairt le formáid idir- inoibritheach agus beidh sí inléite ag meaisín, struchtúrtha agus inchuardaithe.

3. Beidh rochtain shaor in aisce ag úsáideoirí deiridh, oibreoirí eacnamaíocha agus gníomhaithe ábhartha eile ar an bpas táirge.

4. Is é an t-oibreoir eacnamaíoch atá freagrach as an bpas táirge a chruthú, nó oibreoirí atá údaraithe chun gníomhú thar a cheann, a stórálfaidh na sonraí a chuimsítear sa phas táirge.

5. I gcás ina ndéanfaidh oibreoir atá údaraithe chun gníomhú thar ceann na n-oibreoirí eacnamaíocha a chuireann an bréagán ar an margadh na sonraí atá sa phas táirge a stóráil nó a phróiseáil ar shlí eile, ní cheadófar don oibreoir eile sin na sonraí sin a dhíol, a athúsáid ná a phróiseáil, ina n-iomláine nó i bpáirt, thar a bhfuil riachtanach chun na seirbhísí stórála nó próiseála ábhartha a sholáthar.

6. Ní fhéadfaidh oibreoirí eacnamaíocha aon fhaisnéis úsáide a rianú, a anailísiú ná a úsáid chun críoch seachas an méid is gá chun an fhaisnéis faoin bpas táirge a sholáthar ar líne.

*Airteagal 19*

***Clárlann le haghaidh pasanna táirge***

1. Sula gcuirfear bréagán ar an margadh, uaslódálfaidh oibreoirí eacnamaíocha, sa chlárlann arna bunú faoi Airteagal 12(1) de Rialachán (AE).../... [Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach sraithuimhir maidir le Ceanglais Éicidhearthóireachta do Tháirgí Inbhuanaithe] (an 'chlárlann'), an t-aitheantóir táirge uathúil agus an t-aitheantóir oibreora uathúil le haghaidh an bhréagáin sin.

2. Beidh rochtain ag an gCoimisiún, ag na húdaráis um fhaireachas margaidh agus ag na húdaráis chustaim ar an bhfaisnéis arna stóráil sa chlárlann dá dtagraítear i mír 1 chun a gcuid dualgas a chomhlíonadh de bhun an Rialacháin seo.

*Airteagal 20*

***Rialuithe custaim a bhaineann leis an bpas táirge***

1. Beidh bréagáin a thagann isteach i margadh an Aontais faoi réir fíoruithe agus bearta eile a leagtar síos san Airteagal seo.

2. Cuirfidh dearbhóirí mar a shainmhínítear in Airteagal 5, pointe (15), de Rialachán (AE) 952/2013 an t-aitheantóir uathúil táirge san áireamh sa dearbhú custaim maidir le haon bhréagán a scaoileadh i saorchúrsaíocht.

3. Fíoróidh na húdaráis chustaim cé acu atá nó nach bhfuil an t-aitheantóir uathúil táirge arna shonrú ag an dearbhóir i gcomhréir le mír 2 den Airteagal seo ag teacht le haitheantóir táirge uathúil a áirítear sa chlárlann i gcomhréir le hAirteagal 19(1).

4. De bhreis ar an bhfíorú dá dtagraítear i mír 3, fíoróidh na húdaráis chustaim comhsheasmhacht na faisnéise a chuireann dearbhóirí ar fáil do lucht custaim le faisnéis eile arna stóráil sa chlárlann agus a liostaítear sa ghníomh tarmligthe dá dtagraítear in Airteagal 46(3).

5. Déanfar na fíoruithe dá dtagraítear i míreanna 3 agus 4 den Airteagal seo go leictreonach agus go huathoibríoch trí úsáid a bhaint as an idirnasc idir an chlárlann dá dtagraítear in Airteagal 19(1) agus Córas Malartaithe Deimhnithe an Ionaid

Ilfhreastail AE maidir le Custam dá dtagraítear in [Airteagal 13 de [Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach sraithuimhir do Rialachán (AE).../... maidir le Ceanglais Éicidhearthóireachta do Tháirgí Inbhuanaithe]].

6. Beidh feidhm ag míreanna 3, 4 agus 5 den Airteagal seo ón lá a thiocfaidh an t-idirnasc idir an chlárlann agus Córas Malartaithe Deimhnithe an Ionaid Ilfhreastail AE maidir le Custam dá dtagraítear in [Airteagal 13 de [Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach sraithuimhir do Rialachán (AE).../... maidir le Ceanglais Éicidhearthóireachta do Tháirgí Inbhuanaithe]] i bhfeidhm.

Foilseoidh an Coimisiún fógra in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* chuige sin ina luafar an dáta a chuirfear an t-idirnasc i mbun feidhme.

7. Féadfaidh na húdaráis chustaim an fhaisnéis faoi bhréagáin atá sa phas táirge agus sa chlárlann a aisghabháil agus a úsáid chun a ndualgais a dhéanamh de bhun reachtaíocht an Aontais, lena n-áirítear le haghaidh bainistiú riosca i gcomhréir le hAirteagail 46 agus 47 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013.

8. Déanfar na fíoruithe agus na bearta eile a leagtar síos san Airteagal seo ar bhonn an liosta de chóid tráchtearraí agus tuairiscí ar tháirgí a leagtar amach in Iarscríbhinn VII.

9. Ní dhéanfaidh na fíoruithe agus na bearta a leagtar síos san Airteagal seo difear do chur i bhfeidhm gníomhartha dlí eile de chuid an Aontais lena rialaítear scaoileadh i saorchúrsaíocht táirgí, lena n-áirítear Airteagail 46, 47 agus 134 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013, chomh maith leis na rialuithe dá dtagraítear i gCaibidil VII de Rialachán (AE) 2019/1020.

## CAIBIDIL V

## MEASÚNÚ COMHRÉIREACHTA

*Airteagal 21*

***Measúnú sábháilteachta***

1. D’fhonn a léiriú go gcomhlíonann bréagán na ceanglais fhíor- riachtanacha sábháilteachta, déanfaidh monaróirí, sula gcuirfidh siad bréagán ar an margadh, measúnú sábháilteachta lena n-áirítear anailís ar na guaiseacha a d’fhéadfadh a bheith ag baint leis an mbréagán, chomh maith le measúnú ar an nochtadh féideartha do ghuaiseacha den sórt sin.

2. Déanfaidh an measúnú sábháilteachta na nithe seo a leanas go háirithe:

(a) cumhdófar leis na guaiseacha ceimiceacha, fisiceacha, meicniúla, leictreacha, inadhainteachta, sláinteachais agus radaighníomhaíochta uile agus an nochtadh féideartha do ghuaiseacha den sórt sin;

(b) i ndáil le guaiseacha ceimiceacha, cuirfear san áireamh an nochtadh a d’fhéadfadh a bheith ann do cheimiceáin aonair, agus aon ghuais bhreise atá ar eolas mar gheall ar chomhnochtadh do na ceimiceáin éagsúla atá sa bhréagán, agus na hoibleagáidí faoi Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 agus na coinníollacha a leagtar amach ann á gcur san áireamh;

(c) tabharfar cothrom le dáta é cibé uair a bheidh faisnéis ábhartha bhreise ar fáil.

Áireofar an ráiteas maidir le sábháilteacht sa doiciméadacht theicniúil dá dtagraítear in Airteagal 23.

*Airteagal 22*

***Nósanna imeachta um measúnú comhréireachta***

1. Úsáidfidh monaróirí na nósanna imeachta um measúnú comhréireachta dá dtagraítear i míreanna 2 agus 3.

2. Má tá caighdeáin chomhchuibhithe curtha i bhfeidhm ag an monaróir ar foilsíodh a dtagairt in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh, nó sonraíochtaí coiteanna lena gcumhdaítear na ceanglais sábháilteachta ábhartha uile don bhréagán, úsáidfidh an monaróir an nós imeachta um rialú inmheánach táirgthe a leagtar amach i gCuid I d'Iarscríbhinn IV.

3. Sna cásanna seo a leanas, úsáidfidh an monaróir an nós imeachta chineálscrúdú AE a leagtar amach i gCuid II d'Iarscríbhinn IV mar aon leis an nós imeachta maidir le cineál- chomhréireacht a leagtar amach i gCuid III den Iarscríbhinn sin:

   (a) i gcás nach ann do chaighdeáin chomhchuibhithe curtha i bhfeidhm ar foilsíodh a dtagairt in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, ná do shonraíochtaí coiteanna lena gcumhdaítear na ceanglais sábháilteachta uile don bhréagán;

   (b) i gcás inarb ann do chaighdeáin chomhchuibhithe nó do shonraíochtaí coiteanna dá dtagraítear i bpointe (a) ach nár chuir an monaróir i bhfeidhm iad nó nár chuir sé i bhfeidhm iad ach i bpáirt;

   (c) i gcás inar foilsíodh ceann amháin nó níos mó de na caighdeáin chomhchuibhithe dá dtagraítear i bpointe (a) maille le srian;

   (d) i gcás ina measann an monaróir gur gá fíorú tríú páirtí mar gheall ar chineál, dearadh, déanamh nó cuspóir an bhréagáin.

4. Déanfar athbhreithniú ar an deimhniú ar chineálscrúdú AE arna eisiúint i gcomhréir le Cuid II, pointe 6, d'Iarscríbhinn IV cibé uair is gá, go háirithe i gcás athrú ar an bpróiseas monaraíochta, ar na hamhábhair nó ar chomhpháirteanna an bhréagáin, agus, i gcás ar bith, gach 5 bliana.

*Airteagal 23*

***Doiciméadacht theicniúil***

1. Sonrófar sa doiciméadacht theicniúil na sonraí uile is ábhartha do na modhanna a úsáideann an monaróir chun a áirithiú go gcomhlíonann an bréagán na ceanglais fhíor- riachtanacha sábháilteachta. Go sonrach, beidh na doiciméid a liostaítear in Iarscríbhinn V inti.

2. Déanfar an doiciméadacht theicniúil a tharraingt suas i gceann amháin de theangacha oifigiúla an Aontais.

3. Tar éis iarraidh réasúnaithe a fháil ó údarás um fhaireachas margaidh Ballstáit, cuirfidh an monaróir aistriúchán de na codanna ábhartha den doiciméadacht theicniúil ar fáil i dteanga an Bhallstáit sin.

   I gcás ina n-iarrfaidh údarás um fhaireachas margaidh an doiciméadacht theicniúil nó aistriúchán ar chodanna di ó mhonaróir, féadfaidh sé sprioc- am a shocrú chun an comhad sin nó an t-aistriúchán sin a fháil, ar sprioc- am 30 lá é, mura rud é go bhfuil

údar le sprioc- am níos giorra i gcás inarb ann do riosca tromchúiseach láithreach do shláinte agus do shábháilteacht.

4. Mura gcomhlíonann an monaróir na ceanglais a leagtar amach i míreanna 1, 2 agus 3, féadfaidh an t-údarás um fhaireachas margaidh a cheangal ar an monaróir tástáil a dhéanamh ar an monaróir ar a chostas féin laistigh de thréimhse shonraithe chun comhlíonadh na gceanglas fíor- riachtanach sábháilteachta a fhíorú.

## CAIBIDIL VI

## FÓGRA A THABHAIRT MAIDIR LE COMHLACHTAÍ UM MEASÚNÚ COMHRÉIREACHTA

### *Airteagal 24*

### ***Fógra***

Tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún agus do na Ballstáit eile faoi chomhlachtaí arna n-údarú chun cúraimí um measúnú comhréireachta tríú páirtí a chomhlíonadh faoin Rialachán seo.

### *Airteagal 25*

### ***Údaráis a thugann fógra***

1. Ainmneoidh na Ballstáit údarás a thugann fógra a bheidh freagrach as na nósanna imeachta is gá a chur ar bun agus a chur i gcrích chun measúnú a dhéanamh ar chomhlachtaí um measúnú comhréireachta agus fógra a thabhairt dóibh chun críocha an Rialacháin seo, agus as faireachán a dhéanamh ar chomhlachtaí faoina dtugtar fógra, lena n-áirítear Airteagal 30 a chomhlíonadh.

2. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh go ndéanfaidh comhlacht náisiúnta creidiúnaithe an measúnú agus an faireachán dá dtagraítear i mír 1 de réir bhrí agus i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 765/2008.

3. I gcás ina dtarmligfidh nó ina gcuirfidh toscairí an údaráis a thugann fógra an measúnú, an fógra nó an faireachán dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo ar iontaoibh comhlachta ar shlí eile, nach eintiteas rialtais é, beidh an comhlacht sin ina eintiteas dlítheanach agus comhlíonfaidh sé na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 26 *mutatis mutandis*. Anuas air sin, beidh socruithe ag an gcomhlacht sin chun dliteanais a eascraíonn as a chuid gníomhaíochtaí a chumhdach.

4. Glacfaidh an t-údarás a thugann fógra lánfhreagracht as na cúraimí arna bhfeidhmiú ag an gcomhlacht dá dtagraítear i mír 3.

### *Airteagal 26*

### ***Ceanglais maidir le húdaráis a thugann fógra***

1. Bunófar údarás a thugann fógra sa chaoi nach mbeidh aon choinbhleacht leasa ann leis na comhlachtaí um measúnú comhréireachta.

2. Eagrófar agus riarfar údarás a thugann fógra ar bhealach a chaomhnóidh oibiachtúlacht agus neamhchlaontacht a chuid gníomhaíochtaí.

3. Eagrófar údarás a thugann fógra ar bhealach gur daoine inniúla a bheidh difriúil leo siúd a dhéanann an measúnú, a dhéanfaidh gach cinneadh a bhaineann le fógra a thabhairt faoi chomhlacht um measúnú comhréireachta.

4. Ní thairgfidh ná ní sholáthróidh an t-údarás a thugann fógra aon ghníomhaíocht a dhéanann comhlachtaí um measúnú comhréireachta ná seirbhísí comhairleachta ar bhonn tráchtála nó ar bhonn iomaíoch a chur ar fáil.

5. Déanfaidh na húdaráis a thugann fógra rúndacht na faisnéise a fhaigheann sé a choimirciú.

6. Beidh líon leordhóthanach de phearsanra inniúil ag na húdaráis a thugann fógra le húsáid chun a gcúraimí a fheidhmiú i gceart.

7. Déanfaidh údarás a thugann fógra faireachán ar chineál agus ar líon na gcúraimí a dhéanann fochuideachtaí de chomhlachtaí faoina dtugtar fógra nó fochonraitheoirí leo i gcomhréir le hAirteagal 30.

*Airteagal 27*

***Oibleagáid faisnéise na n-údarás a thugann fógra***

Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas faoina nósanna imeachta chun na comhlachtaí um measúnú comhréireachta a mheasúnú agus chun fógra a thabhairt fúthu agus chun faireachán a dhéanamh ar chomhlachtaí faoina dtugtar fógra, agus faoi aon athruithe ar na nósanna imeachta sin.

Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin ar fáil go poiblí.

*Airteagal 28*

***Na ceanglais a bhaineann leis na comhlachtaí faoina dtugtar fógra***

1. Chun críocha fógra a thabhairt faoin Rialachán seo, comhlíonfaidh comhlacht um measúnú comhréireachta na ceanglais a leagtar síos i míreanna 2 go 11. Déanfar a chreidiúnú i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 765/2008.

2. Bunófar comhlachtaí um measúnú comhréireachta faoi dhlí náisiúnta Ballstáit agus beidh pearsantacht dhlítheanach acu.

3. Beidh comhlacht um measúnú comhréireachta ina chomhlacht tríú páirtí atá neamhspleách ar an eagraíocht nó ar an mbréagán ar a ndéanann sé measúnú.

   Maidir le comhlacht a bhaineann le comhlachas gnó nó le cónaidhm ghairmiúil a dhéanann ionadaíocht ar ghnóthais a bhfuil baint acu le dearthóireacht, monaraíocht, soláthar, cóimeáil, úsáid nó cothabháil bréagán a ndéanann sé measúnú orthu, féadfar a mheas gur comhlacht tríú páirtí é chun críocha na chéad fhomhíre, ar choinníoll go léirítear go bhfuil sé neamhspleách agus nach bhfuil aon choinbhleacht leasa ann.

4. Ní hé dearthóir, monaróir, soláthróir, suiteálaí, ceannaitheoir, úinéir, úsáideoir ná cothabhálaí na mbréagán arna measúnú acu, ná gníomhaire ginearálta aon duine de na páirtithe sin, a bheidh i gceist leis an gcomhlacht um measúnú comhréireachta, lena lucht bainistíochta ardleibhéil ná leis an bpearsanra a bheidh freagrach as na cúraimí um measúnú comhréireachta a chomhlíonadh. Ní choiscfidh sé sin na

bréagáin mheasúnaithe is gá le haghaidh oibríochtaí an chomhlachta um measúnú comhréireachta a úsáid ná na bréagáin sin a úsáid chun críoch pearsanta.

Ní bheidh baint dhíreach ag comhlacht um measúnú comhréireachta, ag a lucht bainistíochta ardleibhéil ná ag an bpearsanra a bheidh freagrach as cúraimí an mheasúnaithe comhréireachta a chomhlíonadh le dearthóireacht, monaraíocht, margú, suiteáil, úsáid ná cothabháil na mbréagán sin, ná ní dhéanfaidh siad ionadaíocht do na páirtithe atá i gceist leis na gníomhaíochtaí sin. Ní rachaidh siad i mbun aon ghníomhaíochta a d'fhéadfadh a bheith i gcoimhlint lena neamhspleáchas breithiúnais nó lena n-ionracas i ndáil le gníomhaíochtaí um measúnú comhréireachta dá dtugtar fógra ina leith. Beidh feidhm aige sin go háirithe maidir le seirbhísí comhairleachta.

Áiritheoidh comhlachtaí um measúnú comhréireachta nach ndéanfaidh gníomhaíochtaí a bhfochuideachtaí ná a bhfochonraitheoirí difear do rúndacht, oibiachtúlacht ná neamhchlaontacht a ngníomhaíochtaí um measúnú comhréireachta.

5. Déanfaidh comhlachtaí um measúnú comhréireachta agus a bpearsanra na gníomhaíochtaí um measúnú comhréireachta le hard- ionracas gairmiúil agus leis an inniúlacht theicniúil a bhíonn riachtanach sa réimse sonrach, agus beidh siad saor ó gach brú agus mealladh, ó thaobh airgid de go háirithe, a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar a mbreithiúnas nó ar thorthaí a ngníomhaíochtaí um measúnú comhréireachta, go háirithe a mhéid a bhaineann le brú agus mealladh ó dhaoine nó ó ghrúpaí daoine a bhfuil leas acu i dtorthaí na ngníomhaíochtaí sin.

6. Beidh sé ar chumas comhlachta um measúnú comhréireachta na cúraimí tríú páirtí uile sa phróiseas um measúnú comhréireachta a shanntar dó i gcomhréir le hIarscríbhinn IV agus ar tugadh fógra dó ina leith a chur i gcrích, cé acu a chuirfidh an comhlacht um measúnú comhréireachta féin na cúraimí sin i gcrích nó a chuirfear i gcrích thar a cheann agus faoina fhreagracht iad.

I dtaca le gach nós imeachta um measúnú comhréireachta agus le gach cineál nó catagóir bréagáin ar tugadh fógra dó ina leith, beidh an méid seo a leanas ar fáil don chomhlacht um measúnú comhréireachta, nó beidh an méid seo a leanas ar bun aige i gcónaí:

(a) foireann ag a bhfuil eolas teicniúil agus taithí leordhóthanach agus iomchuí chun na cúraimí measúnaithe comhréireachta a dhéanamh;

(b) tuairiscí ar nósanna imeachta a ndéantar measúnú comhréireachta i gcomhréir leo, lena n-áiritheofar trédhearcacht na nósanna imeachta sin agus an cumas iad a atáirgeadh;

(c) beidh beartais iomchuí agus nósanna imeachtaí iomchuí i bhfeidhm aige lena ndéantar idirdhealú idir cúraimí a chomhlíonann sé mar chomhlacht faoina dtugtar fógra agus gníomhaíochtaí eile;

(d) na nósanna imeachta is gá maidir le gníomhaíochtaí a chur i gcrích lena dtugtar aird chuí ar mhéid an ghnóthais, ar an earnáil ina bhfuil sé ag oibriú, ar a struchtúr, ar chastacht theicneolaíocht an bhréagáin i gceist agus mais an phróisis táirgeachta nó cineál srathach an phróisis sin.

Beidh na hacmhainní is gá ag comhlacht um measúnú comhréireachta chun na cúraimí teicniúla agus riaracháin a bhaineann leis na gníomhaíochtaí um measúnú comhréireachta a dhéanamh ar bhealach iomchuí agus beidh rochtain aige ar an trealamh nó ar na saoráidí uile is gá.

7. Beidh na nithe seo a leanas ag an bpearsanra (an 'pearsanra measúnaithe') a bheidh freagrach as na cúraimí um measúnú comhréireachta a chomhlíonadh:

(a) oiliúint theicniúil fhónta agus gairmoiliúint fhónta lena gcumhdaítear na gníomhaíochtaí uile um measúnú comhréireachta ar tugadh fógra don chomhlacht um measúnú comhréireachta i ndáil leo;

(b) eolas sásúil ar cheanglais na measúnuithe a dhéanann siad agus údarás leormhaith chun na measúnuithe sin a dhéanamh;

(c) eolas agus tuiscint iomchuí ar na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán seo, ar na caighdeáin chomhchuibhithe is infheidhme dá dtagraítear in Airteagal 13 den Rialachán seo agus ar na sonraíochtaí coiteanna dá dtagraítear in Airteagal 14 den Rialachán seo;

(d) an cumas deimhnithe, taifid agus tuarascálacha a tharraingt suas lena léireofar go mbeidh measúnuithe curtha i gcrích.

8. Áiritheofar neamhchlaontacht comhlachtaí um measúnú comhréireachta, a n-ardbhainistíocht ardleibhéil agus a bhfoireann measúnaithe.

Ní bheidh luach saothair bhainistíocht ardleibhéil agus fhoireann measúnaithe an chomhlachta um measúnú comhréireachta ag brath ar líon na measúnuithe a chuirfear i gcrích ná ar thorthaí na measúnuithe sin.

9. Rachaidh comhlachtaí um measúnú comhréireachta faoi árachas dliteanais ach amháin má ghabhann an Ballstát dliteanas air féin i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, nó i gcás inarb é an Ballstát féin atá freagrach go díreach as an measúnú comhréireachta.

10. Urramóidh pearsanra de chuid comhlacht um measúnú comhréireachta an rúndacht ghairmiúil maidir leis an bhfaisnéis uile a gheobhaidh siad agus a gcuid gcúraimí á gcomhlíonadh acu de bhun Iarscríbhinn IV, ach amháin i ndáil le húdaráis inniúla an Bhallstáit ina ndéanfaidh an pearsanra sin a gcuid gníomhaíochtaí. Déanfar cearta maoine intleachtúla a chosaint.

11. Beidh comhlachtaí um measúnú comhréireachta rannpháirteach i ngníomhaíochtaí caighdeánaithe ábhartha agus i ngníomhaíochtaí ghrúpa comhordúcháin an chomhlachta faoina dtugtar fógra arna bhunú faoi Airteagal 40, gníomhaíochtaí a n-áiritheoidh siad go bhfuil a bhfoireann measúnaithe ar an eolas fúthu, agus cuirfidh siad i bhfeidhm, mar threoraíocht ghinearálta, na cinntí agus na doiciméid riaracháin arna gcur i dtoll a chéile de thoradh obair an ghrúpa sin.

### *Airteagal 29*

### ***Toimhde maidir le comhréireacht na gcomhlachtaí faoina dtugtar fógra***

I gcás ina léireoidh comhlacht um measúnú comhréireachta a chomhréireacht leis na critéir a leagtar síos sna caighdeáin chomhchuibhithe ábhartha nó sna codanna díobh a bhfuil a gcuid tagairtí foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, toimhdeofar go gcomhlíonfaidh an comhlacht na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 28 a mhéid a chumhdaítear na ceanglais sin leis na caighdeáin chomhchuibhithe is infheidhme.

*Airteagal 30*

***Fochuideachtaí comhlachtaí faoina dtugtar fógra agus fochonraitheoireacht ag na comhlachtaí sin***

1. I gcás ina ndéanfaidh comhlacht faoina dtugtar fógra cúraimí sonracha i dtaca le measúnú comhréireachta a chur amach ar fochonradh nó i gcás ina bhféadfaidh an comhlacht dul ar iontaoibh fochuideachta, áiritheoidh sé go gcomhlíonann an fochonraitheoir nó an fhochuideachta na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 28 agus cuirfidh sé an t-údarás a thugann fógra ar an eolas faoi sin dá réir.

2. Glacfaidh comhlachtaí faoina dtugtar fógra lánfhreagracht as na cúraimí arna bhfeidhmiú ag fochonraitheoirí nó ag a gcuid fochuideachtaí, cibé áit a bhfuil siad sin bunaithe.

3. Beidh comhlachtaí faoina dtugtar fógra in ann athbhreithniú a dhéanamh ar na cúraimí a dhéanann na fochonraitheoirí nó na fochuideachtaí ina ngnéithe uile.

4. Ní fhéadfar gníomhaíochtaí a chur amach ar fochonradh ná ní fhéadfaidh fochuideachta iad a dhéanamh ach amháin le comhaontú ón gcliant.

5. Déanfaidh comhlachtaí faoina dtugtar fógra na doiciméid ábhartha a bhaineann le measúnú ar cháilíochtaí an fhochonraitheora nó na fochuideachta, maille leis na doiciméid a bhaineann leis an obair a dhéanfaidh an fochonraitheoir nó an fhochuideachta faoi Iarscríbhinn IV, a choinneáil ar fáil don údarás a thugann fógra.

*Airteagal 31*

***Iarratas a dhéanamh ar fhógra***

1. Déanfaidh comhlacht um measúnú comhréireachta iarratas ar fhógra faoin Rialachán seo a chur faoi bhráid an údaráis a thugann fógra de chuid an Bhallstáit ina bhfuil sé bunaithe.

2. Beidh tuairisc ar na gníomhaíochtaí um measúnú comhréireachta in éineacht leis an iarratas dá dtagraítear i mír 1, agus tuairisc ar an modúl nó ar na modúil um measúnú comhréireachta agus ar na bréagáin dá maíonn an comhlacht sin a bheith inniúil, chomh maith le deimhniú creidiúnaithe, arna eisiúint ag comhlacht creidiúnaithe náisiúnta lena bhfianaítear go gcomhlíonann an comhlacht um measúnú comhréireachta na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 28.

*Airteagal 32*

***An nós imeachta um fhógra a thabhairt***

1. Na húdaráis a thugann fógra, ní thugann siad fógra ach do chomhlachtaí um measúnú comhréireachta a mbeidh na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 28 comhlíonta acu.

2. Cuirfidh na húdaráis a thugann fógra an Coimisiún agus na Ballstáit eile ar an eolas agus úsáid á baint as an uirlis leictreonach um fógra a thabhairt arna forbairt agus arna bainistiú ag an gCoimisiún.

3. Beidh sonraí iomlána na ngníomhaíochtaí measúnaithe comhréireachta agus an deimhnithe creidiúnaithe ábhartha san fhógra. Áireofar san fhógra freisin faisnéis faoi aon chúram a bheidh le déanamh ag fochuideachtaí agus ag fochonraitheoirí.

4. Ní fhéadfaidh an comhlacht lena mbaineann na gníomhaíochtaí a dhéanann comhlacht faoina dtugtar fógra a chur i gcrích ach i gcás nach ndéanfaidh an

Coimisiún ná na Ballstáit eile agóid laistigh de 2 mhí ón uair a dhéantar an fógra a thabhairt.

Ní mheasfar ach comhlacht den sórt sin a bheith ina chomhlacht faoina dtugtar fógra chun críocha an Rialacháin seo.

5. Tabharfaidh an t-údarás a thugann fógra don Choimisiún agus do na Ballstáit eile maidir le haon athrú ábhartha arna ndéanamh ar an bhfógra ina dhiaidh sin.

*Airteagal 33*

***Uimhreacha aitheantais agus liostaí comhlachtaí faoina dtugtar fógra***

1. Sannfaidh an Coimisiún uimhir aitheantais do gach comhlacht faoina dtugtar fógra.

Sannfaidh sé aon uimhir aitheantais amháin fiú i gcás ina dtugtar fógra don chomhlacht faoi roinnt gníomhartha Comhphobail.

2. Cuirfidh an Coimisiún liosta na gcomhlachtaí ar tugadh fógra fúthu faoin Rialachán seo ar fáil go poiblí, lena n-áirítear na huimhreacha aitheantais arna sannadh dóibh agus na gníomhaíochtaí faoinar tugadh fógra dóibh.

Áiritheoidh an Coimisiún go gcoinneofar an liosta cothrom le dáta.

*Airteagal 34*

***Athruithe ar fhógraí***

1. I gcás ina bhfionnfaidh an t-údarás a thugann fógra nach bhfuil comhlacht faoina dtugtar fógra ag comhlíonadh na gceanglas a leagtar síos in Airteagal 28 a thuilleadh nó go bhfuil an comhlacht ag mainneachtain a oibleagáidí a chomhlíonadh nó i gcás ina gcuirfear é sin in iúl dó, déanfaidh an t-údarás a thugann fógra an fógra a shrianadh, a chur ar fionraí nó a tharraingt siar, de réir mar is iomchuí, de réir thromchúis na mainneachtana na ceanglais sin a chomhlíonadh nó na hoibleagáidí sin a chomhlíonadh. Cuirfidh sé an Coimisiún agus na Ballstáit eile ar an eolas láithreach dá réir sin.

2. I gcás fógra a bheith srianta, curtha ar fionraí nó tarraingthe siar, nó i gcás deireadh a bheith curtha lena ghníomhaíocht ag an gcomhlacht faoina dtugtar fógra, déanfaidh an Ballstát a thugann fógra bearta iomchuí chun a áirithiú go bpróiseálfaidh comhlacht eile faoina dtugtar fógra comhaid an chomhlachta sin nó go gcoinneofar na comhaid sin ar fáil do na húdaráis a thugann fógra agus do na húdaráis um fhaireachas margaidh a bheidh freagrach arna iarraidh sin dóibh.

*Airteagal 35*

***Agóid in aghaidh inniúlacht na gcomhlachtaí faoina dtugtar fógra***

1. Imscrúdóidh an Coimisiún gach cás a bhfuil amhras air ina leith, nó a gcuirtear amhras ina leith in iúl dó, maidir le hinniúlacht comhlachta faoina dtugtar fógra nó maidir leis an gcaoi a bhfuil comhlacht faoina dtugtar fógra ag leanúint de bheith ag comhlíonadh na gceanglas agus na bhfreagrachtaí a bhfuil sé faoina réir.

2. Soláthróidh an t-údarás a thugann fógra don Choimisiún, arna hiarraidh sin dó, an fhaisnéis uile a bhaineann leis an mbonn leis an bhfógra nó le hinniúlacht an chomhlachta faoina dtugtar fógra lena mbaineann a choinneáil ar bun.

3. Áiritheoidh an Coimisiún go gcoinneofar faoi rún an fhaisnéis íogair uile a gheofar le linn a chuid imscrúduithe.

4. I gcás ina bhfionnann an Coimisiún nach gcomhlíonann comhlacht faoina dtugtar fógra na ceanglais maidir le fógra a thabhairt ina leith, glacfaidh sé gníomh cur chun feidhme lena n-iarrtar ar an údarás a thugann fógra na bearta ceartaitheacha is gá a dhéanamh, lena n-áirítear an fógra a tharraingt siar más gá.

*Airteagal 36*

***Oibleagáidí oibriúcháin na gcomhlachtaí faoina dtugtar fógra***

1. Déanfaidh comhlacht faoina dtugtar fógra measúnuithe comhréireachta i gcomhréir leis an nós imeachta um measúnú comhréireachta dá ndéantar foráil in Iarscríbhinn IV.

2. Déanfaidh comhlachtaí faoina dtugtar fógra na gníomhaíochtaí um measúnú comhréireachta a leagtar amach sa Rialachán seo ar bhealach comhréireach, agus seachnófar ualaí nach bhfuil gá leo ar oibreoirí eacnamaíocha. Déanfaidh siad a ngníomhaíochtaí faoin Rialachán seo agus aird chuí á tabhairt ar mhéid gnóthais, ar an earnáil ina bhfuil sé ag oibriú, ar a struchtúr, ar chastacht theicneolaíocht an bhréagáin atá i gceist agus ar chineál an phróisis táirgthe, cé acu is olltáirgeadh nó táirgeadh sraithe atá ann.

Agus a ngníomhaíochtaí á ndéanamh acu, urramóidh na comhlachtaí faoina dtugtar fógra an déine agus an leibhéal cosanta is gá chun go gcomhlíonfaidh an bréagán an Rialachán seo.

3. I gcás ina suíonn comhlacht faoina dtugtar fógra nach gcomhlíonann an bréagán na ceanglais fhíor- riachtanacha sábháilteachta, na ceanglais sna caighdeáin chomhchuibhithe chomhfhreagracha, i gcás ina gcuirtear na caighdeáin sin i bhfeidhm nó na ceanglais i sonraíochtaí coiteanna comhfhreagracha dá dtagraítear in Airteagal 14, i gcás ina gcuirtear sonraíochtaí den sórt sin i bhfeidhm, ceanglóidh sé ar an monaróir sin bearta ceartaitheacha iomchuí a dhéanamh agus ní eiseoidh sé deimhniú ar chineálscrúdú AE dá dtagraítear i gCuid II, pointe 6, d'Iarscríbhinn IV.

4. Le linn faireacháin ar chomhréireacht a dhéanfar tar éis eisiúint an deimhnithe ar chineálscrúdú AE, i gcás ina suíonn comhlacht faoina dtugtar fógra nach bhfuil caighdeáin á gcomhlíonadh ag bréagán, ceanglóidh sé ar an monaróir bearta ceartaitheacha iomchuí a dhéanamh agus cuirfidh sé ar fionraí nó tarraingeoidh sé siar an deimhniú ar chineálscrúdú más gá.

5. I gcás nach ndéantar bearta ceartaitheacha ná nach bhfuil an éifeacht leo a bhfuil gá leis, déanfaidh an comhlacht faoina dtugtar fógra aon deimhniú ar chineálscrúdú AE a shrianadh, a chur ar fionraí nó a tharraingt siar, de réir mar is iomchuí.

6. I gcás ina gcuirfidh údarás um fhaireachas margaidh in iúl do chomhlacht faoina dtugtar fógra nach bhfuil bréagán ar eisigh an comhlacht faoina dtugtar fógra deimhniú ar chineálscrúdú AE ina leith i gcomhréir leis na ceanglais fhíor- riachtanacha sábháilteachta, tarraingeoidh sé siar an deimhniú ar chineálscrúdú AE i ndáil leis an mbréagán sin.

*Airteagal 37*

***Achomharc in aghaidh chinntí na gcomhlachtaí faoina dtugtar fógra***

Áiritheoidh na comhlachtaí faoina dtugtar fógra go mbeidh nós imeachta achomhairc trédhearcach agus inrochtana ar fáil in aghaidh a gcuid cinntí.

*Airteagal 38*

***Oibleagáid faisnéise na gcomhlachtaí faoina dtugtar fógra***

1. Cuirfidh comhlachtaí faoina dtugtar fógra an t-údarás a thugann fógra ar an eolas faoin méid seo a leanas:

   (a) aon diúltú, srianadh, fionraí nó tarraingt siar a dhéantar i ndáil le deimhnithe ar chineálscrúdú AE;

   (b) aon toisc a dhéanann difear do raon feidhme agus do choinníollacha a bhfógra;

   (c) aon iarraidh ar fhaisnéis a gheobhaidh siad ó údaráis um fhaireachas margaidh maidir le gníomhaíochtaí um measúnú comhréireachta;

   (d) arna iarraidh sin, gníomhaíochtaí um measúnú comhréireachta a fheidhmítear faoi raon feidhme a bhfógra agus aon ghníomhaíocht eile dá bhfeidhmítear, lena n-áirítear gníomhaíochtaí trasteorann agus fochonraitheoireacht.

2. Déanfaidh comhlachtaí faoina dtugtar fógra faisnéis ábhartha a sholáthar do na comhlachtaí eile faoina dtugtar fógra faoin Rialachán seo a dhéanann gníomhaíochtaí comhchosúla um measúnú comhréireachta ina gcumhdaítear na bréagáin chéanna maidir le saincheisteanna a bhaineann le torthaí diúltacha agus, arna iarraidh sin, torthaí dearfacha ar mheasúnú comhréireachta.

3. Mar thoradh ar iarraidh réasúnaithe ó údarás um fhaireachas margaidh, cuirfidh comhlachtaí faoina dtugtar fógra an fhaisnéis agus an doiciméadacht uile a bhaineann le haon deimhniú ar chineálscrúdú AE atá eisithe nó aistarraingthe acu, nó a bhaineann le haon diúltú deimhniú den sórt sin a eisiúint, lena n-áirítear tuarascálacha tástála, agus an doiciméadacht theicniúil dá dtagraítear in Airteagal 23 ar fáil dó.

*Airteagal 39*

***Malartú taithí***

Déanfaidh an Coimisiún foráil maidir le malartú taithí idir údaráis náisiúnta na mBallstát a eagrú, údaráis náisiúnta atá freagrach as beartas maidir le fógra a thabhairt.

*Airteagal 40*

***Comhlachtaí faoina dtugtar fógra a chomhordú***

Áiritheoidh an Coimisiún go gcuirfear comhordú agus comhar iomchuí i bhfeidhm idir comhlachtaí faoina dtugtar fógra faoin Rialachán agus go bhfeidhmeofar an comhordú agus comhar sin i gceart i bhfoirm ghrúpa earnála nó ghrúpaí de chomhlachtaí faoina dtugtar fógra.

Glacfaidh na comhlachtaí faoina dtugtar fógra páirt in obair an ghrúpa sin, go díreach nó trí bhíthin ionadaithe ainmnithe.

# CAIBIDIL VII
# FAIREACHAS MARGAIDH

*Airteagal 41*

***Nós imeachta chun déileáil le bréagáin a bhfuil riosca ag baint leo ar an leibhéal náisiúnta***

1. I gcás ina mbeidh cúiseanna leordhóthanacha ag na húdaráis um fhaireachas margaidh de chuid aon Bhallstáit amháin le creidiúint go mbaineann riosca do shláinte nó do shábháilteacht daoine le bréagán a chumhdaítear leis an Rialachán, déanfaidh siad meastóireacht i ndáil leis an mbréagán lena mbaineann ó thaobh na gceanglas ábhartha uile a leagtar síos sa Rialachán seo. Comhoibreoidh na hoibreoirí eacnamaíocha ábhartha de réir mar is gá leis na húdaráis um fhaireachas margaidh chun na críche sin.

   I gcás ina suíonn na húdaráis um fhaireachas margaidh le linn na meastóireachta sin nach gcomhlíonann bréagán na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo, ceanglóidh siad, gan mhoill, ar an oibreoir eacnamaíoch ábhartha gníomhaíocht cheartaitheach iomchuí a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 16(3) de Rialachán (AE) 2019/1020, laistigh de thréimhse réasúnta arna forchur ag na húdaráis um fhaireachas margaidh agus cineál an riosca á chur san áireamh.

   Cuirfidh na húdaráis um fhaireachas margaidh an comhlacht ábhartha faoina dtugtar fógra ar an eolas dá réir sin.

2. I gcás ina measann na húdaráis um fhaireachas margaidh nach bhfuil an neamhchomhlíontacht srianta dá gcríoch náisiúnta, cuirfidh siad an Coimisiún agus na Ballstáit eile ar an eolas faoi thorthaí na meastóireachta agus faoi na gníomhaíochtaí a d'éiligh siad ar an oibreoir eacnamaíoch a dhéanamh.

3. Áiritheoidh an t-oibreoir eacnamaíoch go nglacfar gach beart ceartaitheach iomchuí i dtaca leis na bréagáin uile lena mbaineann a chuir an t-oibreoir eacnamaíoch ar fáil ar an margadh ar fud an Aontais.

4. I gcás nach ndéanann an t-oibreoir eacnamaíoch ábhartha beart ceartaitheach leordhóthanach laistigh den tréimhse dá dtagraítear sa dara fomhír de mhír 1, déanfaidh na húdaráis um fhaireachas margaidh gach beart sealadach iomchuí chun toirmeasc nó srian a chur ar an mbréagán a chur ar fáil ar a margadh náisiúnta, chun an bréagán a tharraingt siar ón margadh nó é a aisghairm.

   Cuirfidh na húdaráis um fhaireachas margaidh an Coimisiún agus na Ballstáit eile ar an eolas, gan mhoill, maidir leis na bearta sin.

5. Áireofar san fhaisnéis dá dtagraítear sa dara fomhír de mhír 4 na sonraí uile atá ar fáil, go háirithe na sonraí is gá chun bréagán neamhchomhlíontach a shainaithint, tionscnamh an bhréagáin sin, an cineál neamh- chomhlíontachta a líomhnaítear agus an riosca a bhaineann leis, cineál agus fad na mbeart náisiúnta a rinneadh agus na hargóintí a chuir an t-oibreoir eacnamaíoch ábhartha chun tosaigh. Tabharfaidh na húdaráis um fhaireachas margaidh le fios go háirithe cé acu ar tharla nó nár tharla an neamhchomhlíontacht i ngeall ar aon cheann de na nithe seo a leanas:

   (a) mainneachtain an bhréagáin na ceanglais fhíor- riachtanacha sábháilteachta a chomhlíonadh;

   (b) easnaimh sna caighdeáin chomhchuibhithe dá dtagraítear in Airteagal 13;

   (c) easnaimh sna sonraíochtaí coiteanna dá dtagraítear in Airteagal 14.

6. Na húdaráis um fhaireachas margaidh sna Ballstáit seachas an Ballstát a thionscnaíonn an nós imeachta faoin Airteagal seo, déanfaidh siad aon bheart a ghlactar agus aon fhaisnéis bhreise atá faoina réir acu agus a bhaineann le neamhchomhlíontacht an bhréagáin lena mbaineann, agus, i gcás easaontas leis an mbeart náisiúnta ar tugadh fógra ina leith, a n-agóidí a chur in iúl gan mhoill don Choimisiún agus do na Ballstáit eile.

7. Más rud é, laistigh de 3 mhí tar éis dóibh an fhaisnéis dá dtagraítear sa dara fomhír de mhír 4 a fháil, nach ndéanann údarás um fhaireachas margaidh de chuid Ballstáit ná an Coimisiún agóid maidir le beart sealadach a rinne Ballstát, measfar go bhfuil údar leis an mbeart sin.

8. Áiritheoidh údaráis um fhaireachas margaidh na mBallstát eile go ndéanfar bearta sriantacha iomchuí gan mhoill, amhail an bréagán a tharraingt siar óna margadh, i ndáil leis an mbréagán lena mbaineann, agus cuirfidh siad an Coimisiún agus na Ballstáit eile ar an eolas faoi na bearta sin.

9. Déanfar an fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna 2, 4, 6 agus 8 den Airteagal seo a chur in iúl tríd an gcóras faisnéise agus cumarsáide dá dtagraítear in Airteagal 34 de Rialachán (AE) 2019/1020. Ní dhéanfaidh an teachtaireacht sin difear don oibleagáid atá ar údaráis um fhaireachas margaidh fógra a thabhairt faoi bhearta arna ndéanamh in aghaidh táirgí a bhfuil riosca tromchúiseach ag baint leo i gcomhréir le hAirteagal 20 de Rialachán (AE) 2019/1020.

*Airteagal 42*

***Nós imeachta coimirce an Aontais***

1. Más rud é, tar éis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 41(3) agus (4) a chur i gcrích, go ndéantar agóidí in aghaidh beart arna ghlacadh ag Ballstát, nó i gcás ina bhfuil cúiseanna ag an gCoimisiún lena chreidiúint go bhféadfadh beart náisiúnta a bheith contrártha do reachtaíocht an Aontais, rachaidh an Coimisiún i gcomhairle gan mhoill leis na Ballstáit agus leis an oibreoir eacnamaíoch nó leis na hoibreoirí eacnamaíocha ábhartha agus déanfar meastóireacht ar an mbeart náisiúnta.

Ar bhonn thorthaí na meastóireachta sin, glacfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme lena gcinnfear cé acu atá nó nach bhfuil údar maith leis an mbeart náisiúnta.

Díreoidh an Coimisiún a chinneadh chuig na Ballstáit uile agus cuirfidh sé é in iúl dóibh gan mhoill agus don oibreoir eacnamaíoch nó do na hoibreoirí eacnamaíocha ábhartha.

2. I gcás ina meastar bonn cirt a bheith leis an mbeart náisiúnta, déanfaidh na Ballstáit uile na bearta is gá chun a áirithiú go dtarraingeofar an bréagán neamhchomhlíontach siar óna margadh agus cuirfidh siad an Coimisiún ar an eolas dá réir sin.

Má mheastar nach bhfuil bonn cirt leis an mbeart náisiúnta, tarraingeoidh an Ballstát lena mbaineann siar an beart sin.

3. I gcás ina meastar go bhfuil bonn cirt leis an mbeart náisiúnta agus ina gcuirfear neamh- chomhlíonadh an bréagán i leith easnaimh sna caighdeáin chomhchuibhithe dá dtagraítear in Airteagal 13 den Rialachán seo nó sna sonraíochtaí coiteanna dá dtagraítear in Airteagal 14 den Rialachán seo, cuirfidh an Coimisiún an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 11 de Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 i bhfeidhm nó leasóidh sé na sonraíochtaí coiteanna de réir mar is iomchuí.

*Airteagal 43*

***Neamhchomhlíontacht fhoirmiúil***

1. Gan dochar d'Airteagal 41, i gcás ina suíonn údarás um fhaireachas margaidh ceann amháin de na cinntí seo a leanas maidir le bréagán, ceanglóidh sé ar an oibreoir eacnamaíoch ábhartha deireadh a chur leis an neamhchomhlíontacht lena mbaineann:

   (a) greamaíodh an mharcáil CE de shárú ar Airteagal 15 nó 16;

   (b) níor greamaíodh an mharcáil CE;

   (c) níor tarraingíodh suas an pas táirge i gcomhréir le hAirteagal 17;

   (d) níor greamaíodh an t-iompróir sonraí trína bhfuil rochtain ar an bpas táirge i gcomhréir le hAirteagal 17(5);

   (e) níl an doiciméadacht theicniúil dá dtagraítear in Airteagal 23 ar fáil nó tá sí neamhiomlán.

2. I gcás ina leantar den neamhchomhlíontacht dá dtagraítear i mír 1, déanfaidh an t-údarás um fhaireachas margaidh lena mbaineann bearta iomchuí chun srian nó toirmeasc a chur ar an mbréagán a chur ar fáil ar an margadh, nó chun a áirithiú go n-aisghairfear an bréagán nó go dtarraingeofar siar ón margadh é.

*Airteagal 44*

***Bearta náisiúnta maidir le bréagáin a chomhlíonann na ceanglais sábháilteachta áirithe ach a mbaineann riosca leo***

1. Más rud é, tar éis meastóireacht a dhéanamh faoi Airteagal 41(1), go gcinneann údarás um fhaireachas margaidh go bhfuil bréagán a chuirtear ar fáil ar an margadh ina riosca do shláinte agus do shábháilteacht daoine cé go gcomhlíonann sé na ceanglais sábháilteachta áirithe sin, ceanglóidh sé ar an oibreoir eacnamaíoch ábhartha gach beart iomchuí a dhéanamh, laistigh de thréimhse réasúnach ama a fhorordóidh an t-údarás um fhaireachas margaidh, agus cineál an riosca á chur san áireamh chun a áirithiú nach mbeidh an riosca sin ag baint leis an mbréagán, nuair a chuirfear ar fáil ar an margadh é, chun an bréagán a tharraingt siar ón margadh nó é a aisghairm.

2. Áiritheoidh an t-oibreoir eacnamaíoch go ndéanfar beart ceartaitheach maidir leis na bréagáin uile lena mbaineann atá curtha ar fáil ar an margadh ar fud an Aontais ag an oibreoir eacnamaíoch.

3. Cuirfidh údarás um fhaireachas margaidh an Bhallstáit an Coimisiún agus na Ballstáit eile ar an eolas láithreach faoina thorthaí agus faoi aon ghníomhaíocht a dhéanfaidh an t-oibreoir eacnamaíoch ina dhiaidh sin. Áireofar san fhaisnéis sin na mionsonraí uile atá ar fáil, go háirithe na sonraí is gá chun an bréagán lena mbaineann a shainaithint, lena n-áirítear an t-aitheantóir uathúil táirge, tionscnamh agus slabhra soláthair an bhréagáin, an cineál riosca atá i gceist agus cineál agus fad na mbeart náisiúnta a rinneadh.

4. Rachaidh an Coimisiún i gcomhairle gan mhoill leis na Ballstáit agus leis an oibreoir eacnamaíoch nó leis na hoibreoirí eacnamaíocha ábhartha agus déanfar meastóireacht ar na bearta náisiúnta a rinneadh. Ar bhonn thorthaí na meastóireachta sin, glacfaidh an Coimisiún gníomh cur chun feidhme lena gcinnfear cé acu atá nó nach bhfuil údar maith leis an mbeart náisiúnta agus, i gcás inar gá, molfaidh sé bearta iomchuí.

Díreoidh an Coimisiún a chinneadh chuig na Ballstáit uile agus cuirfidh sé é in iúl láithreach dóibh agus don oibreoir eacnamaíoch nó do na hoibreoirí eacnamaíocha ábhartha.

5. Déanfar an fhaisnéis don Choimisiún agus do na Ballstáit eile de bhun mhír 3 den Airteagal seo a chur in iúl tríd an gcóras faisnéise agus cumarsáide dá dtagraítear in Airteagal 34 de Rialachán (AE) 2019/1020. Ní dhéanfaidh an teachtaireacht sin difear don oibleagáid atá ar údaráis um fhaireachas margaidh fógra a thabhairt faoi bhearta arna ndéanamh in aghaidh táirgí a bhfuil riosca tromchúiseach ag baint leo i gcomhréir le hAirteagal 20 de Rialachán (AE) 2019/1020.

*Airteagal 45*

***Gníomhaíocht an Choimisiúin maidir le bréagáin a bhfuil riosca ag baint leo***

1. I gcás ina bhfaighidh an Coimisiún amach faoi bhréagán nó faoi chatagóir shonrach bréagán a chuirtear ar fáil ar an margadh agus lena mbaineann riosca do shláinte agus do shábháilteacht daoine ach atá, mar sin féin, i gcomhréir leis na ceanglais sábháilteachta áirithe nó atá ag cur amhrais ar an gcomhlíontacht sin, cumhachtaítear an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar amach bearta chun a áirithiú nach mbeidh an riosca sin ag baint leis an mbréagán nó leis an gcatagóir bréagán, nuair a chuirtear ar fáil ar an margadh iad, chun é a tharraingt siar ón margadh nó chun é a aisghairm i gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha uile seo a leanas:

   (a) tagann sé chun solais ó chomhairliúcháin roimhe seo leis na húdaráis um fhaireachas margaidh go bhfuil a gcur chuige maidir le déileáil leis an riosca éagsúil ó údarás um fhaireachais margaidh amháin go ceann eile;

   (b) i bhfianaise a chineáil, ní féidir déileáil leis an riosca faoi nósanna imeachta eile a leagtar síos leis an Rialachán seo.

2. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 50(3). Ar mhórchúiseanna práinne cuí- réasúnaithe a bhaineann le sláinte agus sábháilteacht daoine a chosaint, cumhachtaítear an Coimisiún gníomh cur chun feidhme is infheidhme láithreach a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 50(4).

CAIBIDIL VIII

## CUMHACHTAÍ TARMLIGTHE AGUS NÓS IMEACHTA COISTE

*Airteagal 46*

***Cumhachtaí tarmligthe***

1. Cumhachtaítear an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 47 chun Iarscríbhinn VI a leasú maidir leis an bhfaisnéis atá le soláthar sa phas táirge, chun í a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil agus eolaíoch agus do leibhéal ullmhachta digití na n-údarás um fhaireachas margaidh agus na n-úsáideoirí agus a maoirseoirí.

2. Cumhachtaítear an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 47 chun Airteagal 19(1) a leasú tríd an bhfaisnéis bhreise sin a leagan amach i measc na faisnéise a liostaítear in Iarscríbhinn VI nó an fhaisnéis sin maidir

le neamhchomhlíontacht an bhréagáin nuair a dhéanfar bearta i gcomhréir le hAirteagal 41(2) nó (4) agus Airteagal 44(1) a stóráil sa chlárlann.

Agus na gníomhartha tarmligthe á nglacadh i gcomhréir leis an gcéad fhomhír, cuirfidh an Coimisiún na critéir seo a leanas san áireamh:

(a) comhleanúnachas le gníomhartha ábhartha eile de chuid an Aontais, i gcás inarb ábhartha;

(b) an gá atá ann a fhágáil gur féidir barántúlacht an phas táirge a fhíorú;

(c) ábharthacht na faisnéise chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht agus éifeachtacht seiceálacha faireachais margaidh agus rialuithe custaim le haghaidh bréagán;

(d) an gá atá ann ualach díréireach riaracháin ar oibreoirí eacnamaíocha a sheachaint.

3. Cumhachtaítear an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 47 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trína chinneadh cé acu den fhaisnéis atá stóráilte sa chlárlann a bheidh le rialú ag údaráis chustaim, de bhreis ar an bhfaisnéis a leagtar amach in Airteagal 20(3).

4. Cumhachtaítear an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 47 chun Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an Rialachán seo a leasú chun an liosta de chóid tráchtearraí agus tuairiscí ar tháirgí a bheidh le húsáid chun críocha Airteagal 20(8) a oiriúnú. Beidh na hoiriúnuithe sin bunaithe ar an liosta a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CEE) Uimh. 2658/87.

5. Cumhachtaítear an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 47 chun Iarscríbhinn III a leasú chun í a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil agus eolaíoch.

6. Cumhachtaítear an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 47 chun Cuid C den Fhoscríbhinn a ghabhann le hIarscríbhinn II a leasú chun úsáid áirithe i mbréagáin a cheadú de shubstaint shonrach nó de mheascán sonrach a thoirmisctear faoi Chuid III, pointe 4, d’Iarscríbhinn II, nó chun úsáid áirithe a ceadaíodh a theorannú.

7. Ní cheadófar substaint nó meascán a úsáid i mbréagáin a thoirmisctear faoi Chuid III, pointe 4, d’Iarscríbhinn II ach amháin nuair a chomhlíontar gach ceann de na coinníollacha seo a leanas:

(a) chinn an Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (ECHA) go bhfuil sé sábháilte, go háirithe i bhfianaise nochtadh, lena n-áirítear nochtadh foriomlán ó fhoinsí eile, agus leochaileacht leanaí á cur san áireamh go háirithe;

(b) níl aon substaint ná meascán malartach oiriúnach ar fáil, de réir mar a leagtar síos ag ECHA bunaithe ar anailís ar roghanna malartacha;

(c) nach bhfuil toirmeasc ar an tsubstaint ná ar an meascán a úsáid in earraí tomhaltais faoi Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006.

8. Cumhachtaítear an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 47 chun Codanna A agus B den Fhoscríbhinn a ghabhann le hIarscríbhinn II a leasú chun iad a oiriúnú don dul chun cinn teicniúil agus eolaíoch, tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) coinníollacha a thabhairt isteach maidir le substaintí nó meascáin a bheith i mbréagáin agus, go háirithe, teorainnluachanna le haghaidh substaintí nó

meascán ar leith i mbréagáin, lena n-áirítear teorainnluachanna le haghaidh rianta substaintí nó meascán toirmiscthe dá dtagraítear i gCuid III, pointe 4, d'Iarscríbhinn II;

(b) na coinníollacha nó na teorainnluachanna maidir le substaintí agus meascáin a bheith i mbréagáin a mhodhnú.

9. Chun críocha mhíreanna 6 agus 7, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht chórasach agus thráthrialta ar shubstaintí guaiseacha ceimiceacha nó ar mheascáin ghuaiseacha cheimiceacha i mbréagáin. Sna meastóireachtaí sin, cuirfidh an Coimisiún san áireamh tuarascálacha ó chomhlachtaí faireachais margaidh agus fianaise eolaíoch arna tíolacadh ag na Ballstáit agus ag páirtithe leasmhara.

*Airteagal 47*

***An tarmligean a fheidhmiú***

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 46 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 46 a chúlghairm tráth ar bith. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Beidh éifeacht aige an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar ann. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra go comhuaineach do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomhartha tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 46 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

*Airteagal 48*

***Iarrataí ar mheasúnú* chun críocha Airteagal 46(6)**

1. Cuirfear iarrataí ar mheasúnú ar shubstaint nó ar mheascán a thoirmisctear faoi Chuid III, pointe 4, d'Iarscríbhinn II chun críocha Airteagal 46(6) faoi bhráid ECHA agus úsáid á baint as na huirlisí formáide agus cur isteach dá dtagraítear i mír 3 den Airteagal seo.

2. Féadfaidh aon duine a bhfuil iarraidh ar mheasúnú á cur isteach aige faoi mhír 1 a iarraidh nach gcuirfear faisnéis áirithe ar fáil go poiblí. Ag gabháil leis an iarraidh ar

rúndacht beidh bonn cirt maidir leis an bhfáth a bhféadfadh nochtadh na faisnéise dochar a dhéanamh do leasanna tráchtála an duine atá ag tíolacadh na hiarrata ar mheasúnú nó aon pháirtí eile lena mbaineann.

3. Déanfaidh ECHA formáid agus uirlisí a tharraingt suas agus a chur ar fáil go poiblí chun iarrataí ar mheasúnú dá dtagraítear i mír 1 a thíolacadh chomh maith le treoir theicniúil agus eolaíoch maidir le conas iarrataí den sórt sin a thíolacadh.

*Airteagal 49*

***Tuairimí ó ECHA***

1. Chun críocha Airteagal 46(6), tabharfaidh ECHA tuairimí don Choimisiún maidir le substaintí nó meascáin a úsáid i mbréagáin a thoirmisctear faoi Chuid III, pointe 4 d’Iarscríbhinn II, i gcás ina gcuirtear iarraidh ar mheasúnú faoi bhráid an Choimisiúin i gcomhréir le hAirteagal 48(1). Déanfaidh ECHA measúnú ina thuairimí i dtaobh cé acu a chomhlíontar nó nach gcomhlíontar na critéir a leagtar amach in Airteagal 46(6), an dara fomhír, pointí (a) agus (b), maidir le húsáid shonrach.

2. Féadfaidh ECHA a iarraidh ar an duine a bhfuil an iarraidh ar mheasúnú á cur isteach aige nó ar aon tríú páirtí faisnéis bhreise a chur isteach laistigh de thréimhse shonraithe. Cuirfidh ECHA aon fhaisnéis a thíolacfaidh tríú páirtithe san áireamh.

3. Seolfar na tuairimí dá dtagraítear i mír 1 chuig an gCoimisiún laistigh de thréimhse 12 mhí ón iarraidh ar mheasúnú a fháil.

4. Féadfar síneadh suas le 6 mhí a chur leis an tréimhse sin uair amháin más gá do ECHA faisnéis a iarraidh ó thríú páirtí nó má chuirtear líon ard iarrataí ar mheasúnú faoi bhráid ECHA faoi Airteagal 48(1).

5. Déanfaidh ECHA athbhreithniú ar a thuairimí maidir le substaintí nó meascáin a liostaítear i gCuid C den Fhoscríbhinn a ghabhann le hIarscríbhinn II a úsáid i mbréagáin gach 5 bliana ar a laghad ó dháta theacht i bhfeidhm gnímh tharmligthe arna ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 46(6).

6. Iarrfaidh an Coimisiún tuairim ó ECHA maidir le substaintí nó meascáin a liostaítear i gCuid C den Fhoscríbhinn a ghabhann le hIarscríbhinn II a úsáid i mbréagáin a luaithe a bheidh fios ag an gCoimisiún faoi fhaisnéis eolaíoch nua a d’fhéadfadh difear a dhéanamh d’úsáid cheadaithe substainte nó meascáin ar leith i mbréagáin.

7. Chun críocha Airteagal 46(7), féadfaidh an Coimisiún tuairim a iarraidh ar ECHA maidir le sábháilteacht substainte nó meascáin ar leith i mbréagáin, ina gcuirfear san áireamh an nochtadh foriomlán don tsubstaint nó don mheascán ó fhoinsí eile agus leochaileacht leanaí.

8. Agus tuairim á hullmhú aige i gcomhréir leis na forálacha a leagtar amach san Airteagal seo, déanfaidh ECHA an fhaisnéis maidir le tús an mheasúnaithe, glacadh na tuairime chomh maith le haon chéim idirmheánach sa nós imeachta measúnaithe a chur ar fáil go poiblí. Go háirithe, cuirfidh ECHA na dréacht- tuairimí ar fáil go poiblí agus tabharfaidh sé deis d’aon pháirtí leasmhar barúil a thabhairt ar na tuairimí sin laistigh de thréimhse 4 seachtaine ar a laghad.

*Airteagal 50*

***Nós imeachta coiste***

1. Tabharfaidh Coiste um Shábháilteacht Bréagán cúnamh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.
2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.
3. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.
4. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 8 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 i gcomhar le hAirteagal 5 de.

CAIBIDIL IX

## RÚNDACHT AGUS PIONÓIS

*Airteagal 51*

***Rúndacht***

1. Urramóidh na húdaráis náisiúnta inniúla, na comhlachtaí faoina dtugtar fógra agus an Coimisiún rúndacht na faisnéise agus na sonraí seo a leanas a gheofar agus a gcúraimí á ndéanamh acu i gcomhréir leis an Rialachán seo:
   (a) sonraí pearsanta;
   (b) faisnéis rúnda tráchtála agus rúin cheirde atá ag duine nádúrtha nó duine dlítheanach, lena n-áirítear cearta maoine intleachtúla; ach amháin más ar mhaithe le leas an phobail é go nochtfar iad.
2. Gan dochar do mhír 1, faisnéis a mhalartaítear ar bhonn rúnda idir na húdaráis náisiúnta inniúla agus idir na húdaráis náisiúnta inniúla agus an Coimisiún, ní nochtfar í gan tuairim an údaráis náisiúnta inniúil tionscnaimh a chur san áireamh.
3. Ní dhéanfaidh míreanna 1 ná 2 difear do chearta ná d'oibleagáidí an Choimisiúin, na mBallstát agus comhlachtaí faoina dtugtar fógra maidir le malartú faisnéise agus scaipeadh rabhadh, ná d'oibleagáidí na ndaoine lena mbaineann faisnéis a thabhairt faoin dlí coiriúil.
4. Féadfaidh na Ballstáit agus an Coimisiún faisnéis rúnda a mhalartú le húdaráis rialála tríú tíortha a bhfuil socruithe rúndachta déthaobhacha nó iltaobhacha tugtha i gcrích acu leo.

*Airteagal 52*

***Pionóis***

Déanfaidh na Ballstáit na rialacha a bhaineann leis na pionóis is infheidhme maidir le sáruithe ar an Rialachán seo a leagan síos agus glacfaidh siad na bearta uile is gá lena áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Beidh na pionóis dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.. Na Ballstáit faoin... [Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach an dáta: an chéad lá den mhí i ndiaidh *30 mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo*], tabharfaidh sé fógra don Choimisiún faoi na rialacha sin agus tabharfaidh sé fógra dó gan mhoill faoi aon leasú ina dhiaidh sin a dhéanfaidh difear dóibh.

*CAIBIDIL X*

## FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

*Airteagal 53*

***Aisghairm***

Déantar Treoir 2009/48/CE a aisghairm le héifeacht ón... [OP: cuir isteach an dáta = an chéad lá den mhí i ndiaidh *30 mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo*].

Déanfar tagairtí don Treoir 2009/48/CE aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla comhghaoil in Iarscríbhinn VIII.

*Airteagal 54*

***Forálacha idirthréimhseacha***

1. Maidir le bréagáin a chuirtear ar an margadh i gcomhréir le Treoir 2009/48/CE roimh an... [Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach an dáta = an chéad lá den mhí i ndiaidh 30 mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], féadfar leanúint dá gcur ar fáil ar an margadh go dtí an... [Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach an dáta = an chéad lá den mhí i ndiaidh 42 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].

2. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Caibidil VII den Rialachán seo in ionad Airteagail 42, 43 agus 45 de Threoir 2009/48/CE maidir le bréagáin a cuireadh ar an margadh i gcomhréir leis an Treoir sin roimh... [Oifig na bhFoilseachán cuir isteach an dáta: an chéad lá den mhí i ndiaidh 30 mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], lena n-áirítear bréagáin ar tionscnaíodh nós imeachta ina leith cheana faoi Airteagal 42 nó 43 de Threoir 2009/48/CE roimh... [Oifig na bhFoilseachán cuir isteach an dáta: an chéad lá den mhí i ndiaidh 30 mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo].

3. Leanfaidh deimhnithe ar chineálscrúdú CE arna n-eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 20 de Threoir 2009/48/CE de bheith bailí go dtí... [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach dáta: an chéad lá den mhí i ndiaidh *42 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo*], mura rachaidh siad in éag roimh an dáta sin.

*Airteagal 55*

***Meastóireacht agus athbhreithniú***

1. Faoin... [Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach an dáta = an chéad lá den mhí i ndiaidh *60 mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo*] agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an Rialachán seo. Cuirfidh an Coimisiún tuarascáil ar na príomhthorthaí faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.

2. I gcás ina measfaidh an Coimisiún é a bheith iomchuí, beidh togra reachtach ag gabháil leis an tuarascáil chun na forálacha ábhartha den Rialachán seo a leasú.

*Airteagal 56*

***Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm***

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = an chéad lá den mhí i ndiaidh *30 mí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo*].

Mar sin féin, beidh feidhm ag Airteagail 17(10), 24 go 40 agus 46 go 52 ón...[*Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo*].

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*